



---

*Uimhir 40 de 2013*

---

**AN tACHT FÁN nGNÍOMHAIREACHT UM LEANAÍ AGUS AN TEAGHLACH, 2013**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

**CLÁR AN ÁBHAIR**

**CUID 1**

**RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Caiteachais
4. Rialacháin
5. Aisghairm

**CUID 2**

**AN GHNÍOMHAIREACHT UM LEANAÍ AGUS AN TEAGHLACH**

6. An lá bunaithe
7. An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a bhunú
8. Feidhmeanna na Gníomhaireachta
9. Leas agus tuairimí an linbh
10. Comhaontuithe idir an Ghníomhaireacht agus comhlachtaí poiblí maidir le feidhmeanna a chomhlíonadh
11. Socruithe neamhfhoirmiúla idir an Ghníomhaireacht agus comhlachtaí poiblí maidir le feidhmeanna a chomhlíonadh
12. Séala na Gníomhaireachta
13. Tuarascáil bhliantúil
14. Dualgas na Gníomhaireachta faisnéis a thabhairt

15. Ceanglas faisnéis agus doiciméid a thabhairt
16. Féadfaidh an tAire faisnéis agus doiciméid a chomhroinnt in imthosca áirithe
17. Faisnéis agus doiciméid a úsáid
18. Cosaint

### CUID 3

#### BORD NA GNÍOMHAIREACHTA

19. Comhaltas Bhord na Gníomhaireachta
20. Corrfholúntais a líonadh
21. Ról an Bhoird
22. Cruinnithe den Bhord
23. Coinníollacha oifige
24. Comhaltaí uile an Bhoird a chur as oifig
25. Coistí de chuid an Bhoird
26. Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil
27. Luach saothair agus caiteachais chomhaltaí an Bhoird agus comhaltaí coistí

### CUID 4

#### AN PRÍOMH-OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

28. Príomhoifigeach feidhmiúcháin a cheapadh
29. Feidhmeanna an phríomhoifigigh feidhmiúcháin agus comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin ag ionadaí
30. An príomhoifigeach feidhmiúcháin do tharmligean feidhmeanna
31. Éifeacht feidhmeanna a tharmligean agus a fho-tharmligean
32. Fianaise deimhnithe i dtaobh feidhmeanna a tharmligean
33. Cuntasacht an phríomhoifigigh feidhmiúcháin don Choiste um Chuntais Phoiblí
34. Cuntasacht an phríomhoifigigh feidhmiúcháin do Choistí eile den Oireachtas
35. Dícháiliú de thoradh comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil

CUID 5

CAIGHDEÁIN AGUS DÍCHÁILÍOCHTAÍ

36. Caighdeáin ionracais
37. Cóid iompair
38. Cóid iompair a bheith ar fáil
39. Bronntanais
40. Nochtadh neamhúdaráithe faisnéise rúnda

CUID 6

CUNTASACHT AGUS MAOINIÚ NA GNÍOMHAIREACHTA

41. Creat feidhmíochta
42. Plean corparáideach na Gníomhaireachta
43. Plean corparáideach ceadaithe a fhoilsíú
44. Ráiteas feidhmíochta bliantúil
45. An tAire do chinneadh teorainneacha glanchaitheachais don Gníomhaireacht
46. Plean gnó
47. Cumhacht an Aire chun ordachán a thabhairt don Gníomhaireacht
48. Cumhacht an Aire chun treoirlínte a eisiúint chuig an nGníomhaireacht
49. Is gá cead ón Aire le haghaidh mórchaitheamh caipitiúil
50. Cód rialachais
51. Cuntais na Gníomhaireachta
52. Airleacain ón Aire chuig an nGníomhaireacht.

CUID 7

FOSTAITHE AGUS COMHAIRLEOIRÍ

53. Fostaithe na Gníomhaireachta
54. Aoisliúntas
55. Sainchomhairleoirí agus comhairleoirí

CUID 8

SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ

56. Socruithe le soláthraithe seirbhíse

57. Comhlacht reachtúil do sholáthar seirbhísí
58. Socruithe áirithe — cúram speisialta agus áiteanna cónaithe
59. Seirbhís fhorlíontach

CUID 9

GEARÁIN

60. Mínithe (Cuid 9)
61. Daoine a fhéadfaidh gearáin a dhéanamh
62. An teorainn ama chun gearáin a dhéanamh
63. Nithe atá eisiata ón gceart chun gearán a dhéanamh
64. Na nósanna imeachta gearán agus athbhreithnithe a bheidh le bunú
65. Diúltú gearáin a imscrúdú nó a imscrúdú tuilleadh
66. Srian leis an gcineál moltaí a fhéadfaidh oifigigh gearán a dhéanamh agus an chumhacht chun cur i ngníomh moltaí a fhionraí
67. Beidh coinníoll ag gabháil le socruithe le soláthraithe seirbhíse go gcloífead le nósanna imeachta gearán agus athbhreithnithe
68. Rialacháin chun críocha na Coda seo
69. Gearáin a tharchur chuig an Ombudsman nó chuig an Ombudsman do Leanaí
70. Beidh tuarascáil ar ghearáin agus ar athbhreithnithe sa tuarascáil bhliantúil

CUID 10

AN GHNÍOMHAIREACHT UM THACAÍOCHT TEAGHLAIGH AGUS AN BORD NÁISIÚNTA LEASA OIDEACHAIS  
A DHÍSCAOILEADH

71. An Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais a Dhíscaoileadh
72. Feidhmeanna a aistriú chuig an nGníomhaireacht
73. Comhaltaí foirne comhlachtaí díscailte a aistriú
74. Maoin agus cearta agus dliteanais comhlachtaí díscailte
75. Conarthaí arna ndéanamh ag comhlachtaí díscailte a choimeád i bhfeidhm
76. Taifid comhlachtaí díscailte
77. Dlíteanas i leith caillteanas a tharlaíonn roimh an lá bunaithe
78. Tagairtí do chomhlachtaí díscailte in achtacháin arna ndéanamh roimh an lá bunaithe

79. Cuntais chríochnaitheacha comhlachtaí díscailte
80. Tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach comhlachtaí díscailte
81. Forálacha idirthréimhseacha de dhroim feidhmeanna comhlachtaí díscailte a aistriú

#### CUID 11

##### FOIREANN, FEIDHMEANNA ÁIRITHE ETC. DE CHUID FHEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE A AISTRIÚ CHUIG AN nGNÍOMHAIREACHT

82. Feidhmeanna áirithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a aistriú
83. Fostaithe áirithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a aistriú
84. Talamh agus maoin eile de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
85. Cearta agus dliteanais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a aistriú
86. Conarthaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a choimeád i bhfeidhm
87. Taifid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
88. Imeachtaí dlí atá ar feitheamh — Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
89. Tarmhligin agus fo-tharmhligin arna ndéanamh faoin Acht Sláinte, 2004 do leanúint i bhfeidhm
90. Tagairtí d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in achtacháin arna ndéanamh roimh an lá bunaithe
91. Forálacha idirthréimhseacha de dhroim feidhmeanna áirithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a aistriú

#### CUID 12

##### LEASÚ AR AN ACHT UM CHÚRAM LEANAÍ, 1991

92. Leasú ar an Acht um Chúram Leanaí, 1991

#### CUID 13

##### ILGHNÉITHEACH

93. Ceapacháin, ainmniúcháin agus údaruithe do leanúint i bhfeidhm
94. Rogha ag an nGníomhaireacht tuarascálacha eile a fhoilsiú
95. Muirir i ndáil le feidhmeanna
96. Leasú ar an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997
97. Leasuithe iarmhartacha ar Achtanna eile

SCEIDEAL 1

NA FEIDHMEANNA DE CHUID FHEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE A AISTRÍTEAR CHUIG AN  
nGNÍOMHAIREACHT

SCEIDEAL 2

LEASUITHE AR ACHTANNA EILE

CUID 1

AN TACHT UM CHAOMHNÓIREACHT NAÍÓN, 1964

CUID 2

AN TACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COTHABHÁIL CÉILÍ AGUS LEANAÍ), 1976

CUID 3

AN TACHT UM DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH, 1977

CUID 4

AN TACHT UM CHÚRAM LEANAÍ, 1991

CUID 5

AN TACHT UM FHUADACH LEANAÍ AGUS FORGHNÍOMHÚ ORDUITHE COIMEÁDTA, 1991

CUID 6

AN TACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1995

CUID 7

AN TACHT UM FHORÉIGEAN BAILE, 1996

CUID 8

ACHT NA nDÍDEANAITHE, 1996

CUID 9

AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 1997

CUID 10

AN TACHT UM CHOSAINTÍ DO DHAOINE A THUAIRISCEOIDH DROCHÚSÁID LEANAÍ, 1998

CUID 11

AN TACHT OIDEACHAIS, 1998

CUID 12

AN TACHT INIMIRCE, 1999

CUID 13

AN TACHT OIDEACHAIS (LEAS), 2000

CUID 14

ACHT NA LEANAÍ, 2001

CUID 15

AN TACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001

CUID 16

AN TACHT UM CHIONTÓIRÍ GNÉIS, 2001

CUID 17

AN TACHT UM OBAIR ÓGRA, 2001

CUID 18

AN TACHT INIMIRCE, 2003

CUID 19

AN TACHT SLÁINTE, 2004

CUID 20

AN TACHT SLÁINTE, 2007

CUID 21

LEASÚ AR AN ACHT UCHTÁLA, 2010

SCEIDEAL 3

AISGHAIRM

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Uchtála, 2010 (Uimh. 21)  
An tAcht Ealaíon, 2003 (Uimh. 24)  
An tAcht um Fhuadach Leanaí agus Forghníomhú Orduithe Coimeádta, 1991 (Uimh. 6)  
An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2007 (Uimh. 26)  
An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011 (Uimh. 19)  
An tAcht um Chúram Leanaí, 1991 (Uimh. 17)  
Acht na Leanaí, 2001 (Uimh. 24)  
An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 (Uimh. 24)  
Acht na gCuideachtaí, 1990 (Uimh. 33)  
Achtanna na gCuideachtaí  
Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 (Uimh. 8)  
An tAcht um Míchumas, 2005 (Uimh. 14)  
An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996 (Uimh. 1)  
An tAcht Oideachais (Leas), 2000 (Uimh. 22)  
An tAcht Oideachais, 1998 (Uimh. 51)  
An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhFuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 (Uimh. 30)  
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Uimh. 22)  
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)  
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 (Uimh. 26)  
An tAcht fán nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001 (Uimh. 54)  
An tAcht Airgeadais, 2010 (Uimh. 5)  
An tAcht Sláinte, 2004 (Uimh. 42)  
An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013 (Uimh. 23)  
Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971 (Uimh. 22)  
An tAcht Inimirce, 1999 (Uimh. 22)  
An tAcht Inimirce, 2003 (Uimh. 26)  
An tAcht um Chomhairle Spóirt na hÉireann, 1999 (Uimh. 6)  
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)  
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005  
Na hAchtanna Ombudsman, 1980 go 2012  
An tAcht um Ombudsman do Leanaí, 2002 (Uimh. 22)  
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Uimh. 20)  
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Uimh. 45)  
An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 (Uimh. 49)  
An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 (Uimh. 33)  
An tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 (Uimh. 37)  
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007  
Acht na nDídeanaithe, 1996 (Uimh. 17)  
Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh  
An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (Uimh. 31)  
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 2001 (Uimh. 31)  
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007  
An tAcht um Obair Ógra, 2001 (Uimh. 42)





---

*Uimhir 40 de 2013*

---

## **AN tACHT FÁN nGNÍOMHAIREACTH UM LEANAÍ AGUS AN TEAGHLACH, 2013**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

Acht do dhéanamh socrú chun comhlacht a bhunú ar a dtabharfar an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach; do dhéanamh socrú chun an Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais a dhíscaoileadh; do dhéanamh socrú chun feidhmeanna an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais a aistriú chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach; do dhéanamh socrú chun feidhmeanna áirithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a aistriú chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach; do leasú an Achta um Chúram Leanaí, 1991 chun socrú a dhéanamh maidir le seirbhísí luathbhlianta a chlárú agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

[15 Nollaig 2013]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

### CUID 1

#### RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

#### **Gearrtheideal agus tosach feidhme**

1. (1) Féadfar an tAcht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

#### **Léiriú**

2. San Acht seo—

ciallaíonn “Gníomhaireacht” an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach arna bhunú faoi *alt 7*;

ciallaíonn “buiséad bliantúil” an Ráiteas Airgeadais agus an t-ábhar gaolmhar a thíolacann an tAire Airgeadais do Dháil Éireann, agus na Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí a

thíolacann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do Dháil Éireann, ina leagtar amach tograí an Rialtais don bhliain maidir le cáin agus ioncain eile a chruinniú agus maidir le caiteachas poiblí;

ciallaíonn “Bord” Bord na Gníomhaireachta;

ciallaíonn “leanbh” duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois seachas duine atá nó a bhí pósta;

ciallaíonn “faisnéis rúnda”—

- (a) faisnéis a bhfuil sé ráite ag an nGníomhaireacht ina leith gur faisnéis rúnda í, maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d’aicme nó de thuirisc áirithe, nó
- (b) tograí de chineál tráchtála nó tairiscintí a chuireann aon duine faoi bhráid na Gníomhaireachta;

ciallaíonn “lánúin”—

- (a) lánúin phósta,
- (b) páirtneírí sibhialta de réir bhrí an Achta um Páirtneireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010,
- (c) fear agus bean nach bhfuil pósta le chéile ach atá ag maireachtáil i bhfochair a chéile mar fhearchéile agus banchéile, nó
- (d) beirt den ghnéas céanna atá ag maireachtáil i bhfochair a chéile i ndálaí tí is inchurtha le dálaí tí fir agus mná nach bhfuil pósta le chéile ach atá ag maireachtáil i bhfochair a chéile mar fhearchéile agus banchéile;

ciallaíonn “comhlacht díscailte” comhlacht arna dhíscailteadh faoi *alt 71*;

ciallaíonn “doiciméad”—

- (a) leabhar, taifead nó ábhar scríofa nó clóite eile,
- (b) grianghraf,
- (c) aon fhaisnéis arna stóráil, arna cothabháil nó arna caomhnú trí aon fheiste mheicniúil nó leictreonach, cibé acu atá nó nach bhfuil sí á stóráil, á cothabháil nó á caomhnú i bhfoirm inléite, agus
- (d) aon chlostaifeadadh nó aon fhístaifeadadh;

ciallaíonn “lá bunaithe” an lá arna cheapadh faoi *alt 6*;

ciallaíonn “teaghlach” céile, tuismitheoir, seanathair nó seanmháthair, leatuismitheoir, leanbh (lena n-áirítear leasleanbh), ua nó banua, deartháir, deirfiúr, deartháir leasghaolmhar, deirfiúr leasghaolmhar agus aon duine eile ag a bhfuil leas *bona fide* sa leanbh i dtuairim na Gníomhaireachta;

ciallaíonn “údarás áitiúil” údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn “Aire” an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

ciallaíonn “comhlacht poiblí”—

- (a) Roinn Stáit,
- (b) údarás áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001,
- (c) aon eintiteas eile arna bhunú le haon achtachán (seachas Achtanna na gCuideachtaí), ionstraim reachtúil nó cairt nó aon scéim arna riaradh ag Aire den Rialtas, nó faoin gcéanna,
- (d) cuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) a bhfuil tromlach de na scaireanna inti á shealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas,
- (e) fochuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) de chuid cuideachta den sórt sin,
- (f) eintiteas arna bhunú nó arna cheapadh ag an Rialtas nó ag Aire den Rialtas,
- (g) aon eintiteas (seachas eintiteas faoi réim *mhír* (e)) atá faoi rialú go díreach nó go neamhdhíreach ag eintiteas faoi réim aon cheann de na *míreanna* (b) go (f), nó
- (h) eintiteas dá dtugtar aon fheidhmeanna le haon achtachán (seachas Achtanna na gCuideachtaí), ionstraim reachtúil nó cairt, nó faoin gcéanna,
- (i) foras ard-oideachais (de réir bhrí Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971) a fhaigheann maoiniú poiblí;

ciallaíonn “soláthraí seirbhíse” duine a dhéanann socrú faoi *alt 56* nó *58*;

ciallaíonn “céile” gach duine de lánúin i ndáil leis an duine eile.

### **Caiteachais**

3. Déanfar na caiteachais a thabhoíd an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

### **Rialacháin**

4. (1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh le haghaidh aon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú.
- (2) Gan dochar d’aon fhoráil den Acht seo, féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin alt seo is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na rialachán.
- (3) Déanfar gach rialachán a dhéanfaidh an tAire faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

**Aisghairm**

5. Aisghairtear na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal 3*.

## CUID 2

## AN GHNÍOMHAIREACHT UM LEANAÍ AGUS AN TEAGHLACH

**An lá bunaithe**

6. Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Aichta seo.

**An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a bhunú**

7. (1) Ar an lá bunaithe beidh comhlacht arna bhunú ar a dtabharfar an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach nó, sa Bhéarla, *The Child and Family Agency* (dá ngairtear “an Gníomhaireacht” san Acht seo) chun na feidhmeanna a shanntar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh.

(2) Beidh an Gníomhaireacht ina comhlacht corpraithe agus comharbas suthain aici agus beidh cumhacht agartha aici agus beidh sí inagartha faoina hainm corpraithe.

**Feidhmeanna na Gníomhaireachta**

8. (1) Is iad feidhmeanna na Gníomhaireachta—

- (a) na feidhmeanna a aistrítear chuici le *hailt 72* agus *82* a chomhlíonadh,
- (b) tacú le forbairt, leas agus cosaint leanaí agus an céanna a chur chun cinn,
- (c) tacú le feidhmiú éifeachtach teaghlach agus an céanna a spreagadh,
- (d) seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta i bpobail áitiúla, a bhaineann leis na feidhmeanna a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)* a chothabháil agus a fhorbairt,
- (e) cibé gníomhaíochtaí a sheoladh nó cibé faisnéis a fhoilsiú maidir leis na feidhmeanna a shonraítear i *míreanna (a)*, *(b)*, *(c)* agus *(d)* is cú léi,
- (f) taighde a dhéanamh nó a choimisiúnú ar nithe a bhaineann leis na feidhmeanna a shonraítear i *míreanna (a)*, *(b)*, *(c)* agus *(d)* nó ar cibé nithe eile a iarrfaidh an tAire, agus
- (g) faisnéis nó comhairle a sholáthar, nó tograí a dhéanamh, don Aire i dtaobh nithe a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta.

(2) Folaíonn na feidhmeanna a shonraítear i *bhfo-alt (1)(b)* foráil a dhéanamh maidir le cosaint agus cúram leanaí in imthosca nach bhfuil cosaint agus cúram leordhóthanach tugtha ag a dtuismitheoirí dóibh nó nach dócha go mbeidh siad ábalta cosaint agus cúram leordhóthanach a thabhairt dóibh.

- (3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, le linn don Ghníomhaireacht tacú le feidhmiú éifeachtach teaghlach de bhun *fho-alt (1)(c)* agus an céanna a spreagadh, déanfaidh sí na nithe seo a leanas a sholáthar—
- (a) seirbhísí tacaíochta teaghlaigh coisctheacha arb aidhm dóibh leas leanaí a chur chun cinn,
  - (b) cúram agus cosaint le haghaidh íospartaigh foréigin baile, foréigin ghnéasaigh nó foréigin ar bhonn inscne, cibé acu i gcomhthéacs an teaghlaigh nó ar shlí eile, agus
  - (c) seirbhísí a bhaineann le leas síceolaíoch leanaí agus a dteaghlach.
- (4) Ní fholaíonn na seirbhísí dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(c)*—
- (a) seirbhísí síceolaíochta a bhaineann le sainseirbhísí meabhairshláinte a sholáthar do leanaí,
  - (b) seirbhísí síceolaíochta do dhaoine fásta seachas seirbhísí a bhaineann le feidhmiú éifeachtach teaghlach agus caidreamh idir tuismitheoirí agus leanaí a fheabhsú, lena n-áirítear tuistiú éifeachtach,
  - (c) seirbhísí síceolaíochta do leanbh i leith míchumais, nó
  - (d) measúnachtaí síceolaíochta de réir alt 8 den Acht um Míchumas, 2005 nó de réir alt 4 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhFuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004.
- (5) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, le linn di a feidhmeanna a chomhlíonadh, ardchaighdeáin feidhmíochta, follasachta agus cuntasachta a léiriú.
- (6) Comhoibreoidh an Ghníomhaireacht le haon duine is cuí leis an nGníomhaireacht i ndáil le haon ní a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta.
- (7) Beidh ag an nGníomhaireacht na cumhachtaí go léir is gá nó is fóirsteanach chun a feidhmeanna a chomhlíonadh nó atá teagmhasach lena gcomhlíonadh.
- (8) Déanfaidh an Ghníomhaireacht comhar níos fearr idir gníomhaireachtaí a éascú agus a chur chun cinn d'fhonn a chinntiú go bhfuil seirbhísí do leanaí comhordaithe agus go ndéanann siad freastal comhtháite ar riachtanais leanaí agus a dteaghlach.
- (9) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, le linn di a feidhmeanna a chomhlíonadh, na hacmhainní a bheidh ar fáil di a úsáid ar an modh is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla.
- (10) Beidh de chumhacht ag an nGníomhaireacht talamh, foirgnimh nó áitribh a fháil, a ghlacadh ar aistriú, a shealbhú, a dhíol, a mhorgáistiú, a léasú, a ligean nó a dhiúscairt ar shlí eile agus foirgnimh nó áitribh a thógáil, a athrú nó a chothabháil.
- (11) Faoi réir an Achta seo, beidh an Ghníomhaireacht neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.
- (12) Féadfaidh an Ghníomhaireacht aon cheann dá feidhmeanna a chomhlíonadh trí aon chomhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta a bheidh údaraithe go cuí ag an nGníomhaireacht chuige sin.

**Leas agus tuairimí an linbh**

9. (1) Le linn don Ghníomhaireacht breitheanna a thabhairt i ndáil le comhlíonadh a feidhmeanna faoi *alt 8(1)(a), (b) nó (c)*, beidh aird aici ar leas an linbh i ngach ní.
- (2) D'ainneoin ghinearáltacht *fho-alt (1)*, measfaidh an Ghníomhaireacht, le linn di a feidhmeanna a chomhlíonadh i leith leanbh aonair faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 nó faoin Acht Uchtála, 2010, gur ní ag a bhfuil tosach airde é leas an linbh.
- (3) Cinnteoidh an Gníomhaireacht, le linn di soláthar seirbhísí a phleanáil agus a athbhreithniú i dtaca le comhlíonadh feidhmeanna faoi *alt 8(1)(a), (b) nó (c)*, go dtabharfar aird ar thuairimí leanaí.
- (4) Cinnteoidh an Ghníomhaireacht, le linn di a feidhmeanna a chomhlíonadh i leith leanbh aonair faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, faoin Acht Oideachais (Leas), 2000 nó faoin Acht Uchtála, 2010 nó faoi *alt 8(1) nó 8(3)*, go ndéanfar tuairimí an linbh aonair sin a fhionnadh, i gcás go bhfuil ar chumas an linbh sin teacht ar a thuairimí nó a tuairimí féin agus iad a chur in iúl, agus tromachar cuí a thabhairt dóibh ag féachaint d'aois agus d'inmhe an linbh.

**Comhaontuithe idir an Ghníomhaireacht agus comhlachtaí poiblí maidir le feidhmeanna a chomhlíonadh**

10. (1) Más cóir, i dtuairim comhlachta phoiblí, go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht aon fheidhm dá chuid a chomhlíonadh (cibé acu i gcoitinne nó i gcás áirithe) agus má tá an Ghníomhaireacht ábalta agus toilteanach an fheidhm a chomhlíonadh, féadfaidh an Ghníomhaireacht agus an comhlacht poiblí comhaontú a dhéanamh maidir le comhlíonadh na feidhme ag an nGníomhaireacht thar ceann an chomhlachta phoiblí.
- (2) Má dhéantar comhaontú maidir le comhlíonadh feidhme de chuid comhlachta phoiblí ag an nGníomhaireacht, féadfaidh an Ghníomhaireacht—
- (a) an fheidhm a chomhlíonadh thar ceann an chomhlachta phoiblí de réir an chomhaontaithe, agus
- (b) aon ghníomh nó ní a dhéanamh a bhaineann le comhlíonadh na feidhme sin agus a mbeadh an comhlacht poiblí údaraithe le dlí é a dhéanamh dá gcomhlíonadh sé an fheidhm.
- (3) Más cóir, i dtuairim na Gníomhaireachta, go ndéanfaidh comhlacht poiblí aon fheidhm dá cuid a chomhlíonadh (cibé acu i gcoitinne nó i gcás áirithe) agus má tá an comhlacht sin ábalta agus toilteanach an fheidhm a chomhlíonadh, féadfaidh an comhlacht poiblí agus an Ghníomhaireacht comhaontú a dhéanamh maidir le comhlíonadh na feidhme ag an gcomhlacht poiblí thar ceann na Gníomhaireachta.
- (4) Má dhéantar comhaontú maidir le comhlíonadh feidhme de chuid na Gníomhaireachta ag comhlacht poiblí, féadfaidh an comhlacht poiblí—
- (a) an fheidhm a chomhlíonadh thar ceann na Gníomhaireachta de réir an chomhaontaithe, agus

(b) aon ghníomh nó ní a dhéanamh a bhainfidh le comhlíonadh na feidhme sin agus a mbeadh an Gníomhaireacht údaraithe le dlí é a dhéanamh dá gcomhlíonadh sí an fheidhm.

(5) Féadfaidh téarmaí agus coinníollacha a bheith i gcomhaontú faoin alt seo—

(a) a bhainfidh leis an méid a bheidh, agus leis an tréimhse ar lena linn a bheidh, páirtí sa chomhaontú údaraithe chun feidhm an pháirtí eile sin sa chomhaontú a chomhlíonadh,

(b) a bhainfidh le híocaíochtaí a dhéanamh nó freagracht airgeadais a aistriú, agus

(c) a bhainfidh le cibé nithe eile a mheastar is gá chun éifeacht a thabhairt don chomhaontú.

(6) Féadfar foráil a dhéanamh le comhaontú faoin alt seo maidir le muirir is iníoctha ag an bpáirtí ar thar a cheann atá an fheidhm le comhlíonadh leis an bpáirtí eile sa chomhaontú.

(7) Is feidhm fhorchoimeáda, de réir bhrí alt 131 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, de chuid údaráis áitiúil í an chumhacht atá ag údarás áitiúil comhaontú a dhéanamh faoin alt seo.

### **Socruithe neamhfhoirmiúla idir an Gníomhaireacht agus comhlachtaí poiblí maidir le feidhmeanna a chomhlíonadh**

11. (1) Más é tuairim comhlachta phoiblí gur chaoithiúil go ndéanfadh fostaí de chuid na Gníomhaireachta dualgais a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta a chomhall, féadfaidh an Gníomhaireacht na dualgais sin a shannadh, gan comhaontú a bheith déanta faoi *alt 10*, d'aon duine dá fostaíthe ar an tslí chéanna ar a sanntar dualgais a bhaineann lena feidhmeanna féin.

(2) Más é tuairim na Gníomhaireachta gur chaoithiúil go ndéanfadh fostaí de chuid comhlachta phoiblí dualgais a bhaineann lena feidhmeanna a chomhall, féadfaidh an comhlacht poiblí na dualgais sin a shannadh, gan comhaontú a bheith déanta faoi *alt 10*, d'aon duine dá fhostaithe ar an tslí chéanna ar a sanntar dualgais a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta phoiblí.

(3) Aon dualgais a shannfar de réir an ailt seo, déanfaidh na fostaíthe dá sannfar iad amhlaidh iad a chomhall.

### **Séala na Gníomhaireachta**

12. (1) Soláthróidh an Gníomhaireacht séala di féin a luaithe is féidir tar éis an lae bunaithe.

(2) Fíordheimhneofar séala na Gníomhaireachta—

(a) le síniú 2 chomhalta den Bhord, nó

(b) le sínithe—

(i) comhalta den Bhord, agus

(ii) fostaí de chuid na Gníomhaireachta a bheidh údaraithe ag an mBord chun an séala a fhíordheimhniú.

(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala na Gníomhaireachta agus glacfar i bhfianaise gach doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne an Gníomhaireacht agus gur séalaíodh é le séala na Gníomhaireachta, a bheidh fíordheimhnithe de réir an ailt seo, agus measfar gurb é an ionstraim sin é gan a thuilleadh cruthúnais mura súfear a mhalairt.

### **Tuarascáil bhliantúil**

13. (1) Déanfaidh an Gníomhaireacht, tráth nach déanaí ná an 31 Bealtaine gach bliain, tuarascáil bhliantúil i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna na Gníomhaireachta le linn na bliana féilire díreach roimhe sin a ullmhú agus a ghlacadh.

(2) Beidh ar áireamh i dtuarascáil bhliantúil—

(a) ráiteas faoi na gníomhaíochtaí a ndearna an Gníomhaireacht iad a ghabháil de láimh,

(b) tuarascáil maidir le plean corparáideach na Gníomhaireachta, arna cheadú faoi *alt 42*, a chur i ngníomh,

(c) tuarascáil maidir le plean gnó na Gníomhaireachta, arna chur faoi bhráid an Aire faoi *alt 46*, a chur i ngníomh,

(d) léiriú ar shocruithe na Gníomhaireachta chun an cód rialachais, arna ullmhú de réir *alt 50*, a chur i ngníomh,

(e) sonraí i ndáil le ráitis airgeadais,

(f) sonraí eile a mheasfaidh an Gníomhaireacht a bheith cúí nó a theastóidh ón Aire tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte agus leis an Aire Oideachais agus Scileanna, agus

(g) an tuarascáil a cheanglaítear le *halt 70*.

(3) Déanfaidh an Gníomhaireacht, a luaithe is féidir, ach in aon chás tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis an tuarascáil bhliantúil a ghlacadh, cóip den tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire.

(4) Cuirfidh an tAire faoi deara, laistigh de 21 lá tar éis an tuarascáil bhliantúil a fháil, cóipeanna di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(5) Foilseoidh an Gníomhaireacht an tuarascáil bhliantúil—

(a) ar an Idirlíon, nó

(b) ar cibé modh eile a shonróidh an tAire,

a luaithe is indéanta tar éis cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

(6) (a) Féadfaidh an tAire aon ní lena nochtfaí faisnéis rúnda a fhágáil ar lár as cóip de tuarascáil bhliantúil a leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais faoi *fho-alt (4)*.



- (b) I gcás go ndéanann an tAire faisnéis rúnda a fhágáil ar lár as cóip, cuirfidh sé nó sí ina hionad ráiteas á rá gur fágadh an ní ar lár agus tuairisc ghinearálta ar an ní a fágadh ar lár.

### **Dualgas na Gníomhaireachta faisnéis a thabhairt**

#### **14. (1) Déanfaidh an Gníomhaireacht—**

- (a) faireachán ar tharluithe agus ar fhorbairtí maidir le nithe a bhaineann lena feidhmeanna, agus an céanna a choimeád faoi athbhreithniú, agus

- (b) gan mhoill, faisnéis a thabhairt don Aire maidir leis na nithe seo a leanas—

- (i) aon tarlú nó forbairt ar dóigh, i dtuairim na Gníomhaireachta, don Aire a mheas go mbeadh sé nó sí suntasach i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna (cibé acu faoin Acht seo nó ar shlí eile), nó

- (ii) aon tarlú nó forbairt eile a thagann faoi réim aicme tarluithe nó forbairtí ar díol spéise nó buartha poiblí iad, is aicme a bheidh sonraithe i scríbhinn ag an Aire.

- (2) Féadfaidh an tAire treoirínite a eisiúint i ndáil le faisnéis a thabhairt faoi *fho-alt (1)* agus, má dhéanann sé nó sí amhlaidh, déanfaidh an Gníomhaireacht de réir na dtreoirínite sin.

- (3) Déanfaidh an Gníomhaireacht, nuair a cheanglóidh an tAire uirthi déanamh amhlaidh, tuarascáil ar aon nithe a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta agus a shonróidh an tAire a chur faoi bhráid an Aire.

- (4) Maidir le tuarascáil faoi *fho-alt (3)*—

- (a) beidh sí dírithe ar nithe ar díol buartha iad i gcoitinne nó go sonrath, agus

- (b) déanfar í i cibé foirm agus laistigh de cibé tréimhse,

a shonrófar sa cheanglas.

### **Ceanglas faisnéis agus doiciméid a thabhairt**

15. (1) Féadfaidh an tAire, i gcás go measfaidh sé nó sí gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe le leas an phobail agus chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna (cibé acu faoin Acht seo nó ar shlí eile) a chomhlíonadh, a cheangal ar an nGníomhaireacht cibé faisnéis nó doiciméid a shonróidh sé nó sí agus atá ar fáil ag an nGníomhaireacht, nó atá ina seilbh nó faoina rialú a thabhairt dó nó di, agus déanfaidh an Gníomhaireacht amhlaidh laistigh d'aon tréimhse a shonróidh an tAire agus, in aon chás, gan mhoill.

- (2) Ní oibreoidh aon ní in achtachán, ná aon riail dlí, ar ní é nó riail í lena gceanglófaí toiliú duine a fháil chun go dtabharfadh an Gníomhaireacht faisnéis nó doiciméid dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* don Aire, chun an tabhairt sin a thoirmeasc ná chun a fhágáil gur tabhairt neamhdhleathach an tabhairt sin.

- (3) Ní oibreoidh aon ní in achtachán, ná aon riail dlí, ar ní é nó riail í a bhaineann le neamhnochtadh nó rúndacht faisnéise nó doiciméad, chun a thoirmeasc ar an nGníomhaireacht faisnéis nó doiciméid a thabhairt don Aire faoin alt seo ná chun a fhágáil gur tabhairt neamhdhleathach an tabhairt sin.
- (4) Ní oibreoidh aon ní in achtachán, ná aon riail dlí, ar ní é nó riail í a bhaineann le himeachtaí a éisteacht ar shlí seachas go poiblí—
- (a) chun a thoirmeasc ar an nGníomhaireacht faisnéis nó doiciméid arna n-ullmhú i ndáil le himeachtaí den sórt sin, nó arna dtabhairt i bhfianaise in imeachtaí den sórt sin, a thabhairt don Aire faoin alt seo, is cuma an roimh an lá bunaithe nó dá éis a tionscnaíodh na himeachtaí, ná
- (b) chun a fhágáil gur tabhairt neamhdhleathach an tabhairt sin.

### **Féadfaidh an tAire faisnéis agus doiciméid a chomhroinnt in imthosca áirithe**

16. (1) I gcás go bhfuil duine ceaptha ag an Aire chun aon ní a scrúdú nó chun fiosrúchán a dhéanamh i dtaobh aon ní, agus go measann sé nó sí go bhféadfadh aon fhaisnéis nó doiciméad a tugadh faoi *alt 14* nó *15* a bheith ábhartha i leith an scrúdaithe nó an fhiosrúcháin sin, féadfaidh an tAire an fhaisnéis nó an doiciméad sin a thabhairt don duine sin agus féadfaidh an duine sin glacadh leis an bhfaisnéis nó leis an doiciméad sin.
- (2) Ní oibreoidh aon ní in achtachán, ná aon riail dlí, ar ní é nó riail í lena gceanglófaí toiliú duine eile a fháil chun go ndéanfadh an tAire aon fhaisnéis nó doiciméad dá dtagraítear in *alt 14* nó *15* a thabhairt do dhuine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, chun an tabhairt sin a thoirmeasc ná chun a fhágáil gur tabhairt neamhdhleathach an tabhairt sin, d'ainneoin nach bhfuil aon toiliú den sórt sin faighte.
- (3) Ní oibreoidh aon ní in achtachán, ná aon riail dlí, ar ní é nó riail í a bhaineann le neamhnochtadh nó rúndacht aon fhaisnéise nó doiciméid, chun a thoirmeasc ar an Aire faisnéis nó doiciméid dá dtagraítear in *alt 14* nó *15* a thabhairt do dhuine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

### **Faisnéis agus doiciméid a úsáid**

17. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an tAire aon fhaisnéis nó doiciméid arna dtabhairt faoi *alt 14* nó *15* a úsáid de réir mar a theastóidh uaidh nó uaithi chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna (cibé acu faoin Acht seo nó ar shlí eile) a chomhlíonadh.
- (2) I gcás go bhfuil aon fhaisnéis nó doiciméad tugtha faoi *alt 14* nó *15*, ní mheasfar maidir le haon ní san alt seo gur ní é a cheadaíonn an fhaisnéis nó an doiciméad a fhoilsiú, go hiomlán nó go páirteach, más rud é nárbh fhoilsiú dleathach an foilsiú sin thairis sin.

## Cosaint

18. Ní chuirfidh aon ní in *ailt 14 go 17* teorainn le cumhacht an Aire faisnéis a éileamh ar an nGníomhaireacht nó ordacháin a eisiúint chuig an nGníomhaireacht (cibé acu faoin Acht seo nó ar shlí eile), ná difear a dhéanamh d'fheidhmeanna na Gníomhaireachta ná d'fheidhmeanna an Aire, ach amháin a mhéid a cheanglaítear leis na hailt sin.

## CUID 3

### BORD NA GNÍOMHAIREACHTA

#### Comhaltas Bhord na Gníomhaireachta

19. (1) Beidh ag an nGníomhaireacht Bord ar a mbeidh cathaoirleach, leaschathaoirleach agus 7 ngnáthchomhalta arna gceapadh ag an Aire.
- (2) Déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cathaoirleach, leaschathaoirleach agus comhaltaí an Bhoird a cheapadh as measc daoine ag a bhfuil, i dtuairim an Aire, taithí agus saineolas—
- (a) ar nithe a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta, nó
- (b) ar nithe a bhaineann le rialachas eagraíochtaí, bainistiú nó riarachán poiblí.
- (3) Ainmneoidh an tAire aon chomhalta amháin den Bhord chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach.
- (4) Ainmneoidh an tAire aon chomhalta amháin den Bhord chun bheith ina leaschathaoirleach.
- (5) Faoi réir *fho-ailt (7)* agus *(8)*, déanfaidh an tAire, le linn comhalta den Bhord a cheapadh, téarma comhaltais an chomhalta sin ar an mBord a shocrú agus ní faide ná 5 bliana an téarma sin.
- (6) Féachfaidh an tAire, a mhéid is indéanta, lena chinntiú go mbeidh cóimheá chothromasach ann idir fir agus mná i gcomhaltas an Bhoird.
- (7) Beidh na daoine a chéadcheapfaidh an tAire chun bheith ina ngnáthchomhaltaí den Bhord i seilbh oifige mar a leanas—
- (a) 4 chomhalta ar feadh téarma oifige 3 bliana, agus
- (b) 3 chomhalta ar feadh téarma oifige 4 bliana.
- (8) Aon chomhalta den Bhord a bheidh ceaptha faoi *fho-alt (2)* agus a bhfuil a théarma nó a téarma oifige dulta in éag, nó ar tí dul in éag, trí imeacht aimsire, beidh sé nó sí in-athcheaptha chun an Bhoird, ach ní cead dó nó di fónamh ar an mBord ar feadh breis is 2 théarma as a chéile.
- (9) Féadfaidh comhalta éirí as oifig trí litir a sheolfar chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta is déanaí díobh seo a leanas—
- (a) an dáta a shonrófar sa litir, nó

- (b) an dáta a gheobhaidh an tAire an litir.
- (10) (a) I gcás go mbeidh breith le tabhairt ar ní ag an mBord ag cruinniú, aon chomhalta den Bhord a bheidh i láthair ag an gcrúinniú agus a mbeidh leas aige nó aici sa ní, ar shlí seachas mar chomhalta den sórt sin—
- (i) nochtfaidh sé nó sí don Bhord ag an gcrúinniú, sula ndéanfar aon bhreithniú ar an ní, go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cén cineál leasa é,
  - (ii) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh le tionchar a imirt, ar bhreith i ndáil leis an ní,
  - (iii) fanfaidh sé nó sí as láthair ó aon chruinniú nó ón gcuid sin den chruinniú ar lena linn a phléitear an ní,
  - (iv) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfaidh an Bord nó an coiste i ndáil leis an ní, agus
  - (v) ní vótálfaidh sé nó sí ar bhreith a bhaineann leis an ní.
- (b) I gcás go nochtfaidh comhalta leas i ní faoin bhfo-alt seo—
- (i) déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe, agus
  - (ii) fad a bheidh an cruinniú ag déileáil leis an ní, ní áireofar an comhalta sa chóram don chruinniú mura gcinnfidh an Bord nó an coiste a mhalairt.
- (c) Más rud é, ag cruinniú den Bhord nó de choiste den Bhord, go n-eascróidh ceist i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe ag comhalta den Bhord nó den choiste den Bhord, de réir mar a bheidh, dá ndéanfadh sé nó sí dá réir, agus mainneachtain ag an gcomhalta ceanglais *mhír (a)* a chomhlíonadh—
- (i) féadfaidh cathaoirleach an Bhoird nó an choiste den Bhord, de réir mar a bheidh, an cheist a chinneadh, agus is breith chríochnaitheach breith an chathaoirligh, agus
  - (ii) má chinntear an cheist amhlaidh, déanfar sonraí an chinnidh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann.
- (d) Más deimhin leis an Aire gur sháraigh comhalta den Bhord nó de choiste den Bhord *mír (a)*, féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi é, an comhalta sin a chur as oifig nó aon ghníomh eile a dhéanamh a mheasfaidh an tAire a bheith cuí.
- (e) Aon duine a chuirfear as oifig faoi *mhír (d)*, beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord nó de choiste den Bhord.
- (11) Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta tar éis ceapachán a dhéanamh chun an Bhoird, fógra i dtaobh ainm an duine a cheapfar amhlaidh a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*.
- (12) Déanfaidh comhalta den Bhord, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis a cheaptha nó a ceaptha, deimhniú imréitigh cánach a thabhairt don Aire.

## Corrholúntais a líonadh

20. (1) Más rud é go n-éireoidh comhalta ceaptha as oifig, go bhfaighidh sé nó sí bás, go scoirfidh sé nó sí de bheith i seilbh oifige (ar shlí seachas trí imeacht aimsire), go scoirfidh sé nó sí de bheith cáilithe chun oifig a shealbhú nó go gcuirfear as oifig é nó í, déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta, duine a cheapadh chun an corrholúntas a eascróidh amhlaidh a líonadh.
- (2) Aon duine a cheapfar faoi *fho-alt (1)*, beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh na tréimhse a bheidh fágtha de théarma oifige a réamhtheachtaí nó cibé tréimhse eile a chinnfidh an tAire.
- (3) Tá comhalta a cheapfar faoi *fho-alt (1)* in-athcheaptha chun an Bhoird, ar dhul in éag don tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, ach ní cead dó nó di fónamh ar feadh níos mó ná 2 thréimhse eile as a chéile agus in aon chás ar feadh tréimhse is faide ná 10 mbliana.

## Ról an Bhoird

21. (1) Is é an Bord a bheidh ina chomhlacht ceannais ar an nGníomhaireacht, agus údarás aige feidhmeanna na Gníomhaireachta a chomhlíonadh in ainm na Gníomhaireachta.
- (2) Déanfaidh an Bord—
- (a) maoirseacht ar fhorbairt straitéise corparáidí i ndáil le mórpheananna gníomhaíochta, beartas priacail, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó,
- (b) cuspóirí feidhmíochta a leagan síos ag féachaint *d'ailt 41* agus *44*,
- (c) faireachán ar chur i ngníomh na feidhmíochta corparáidí agus, faoi réir *alt 49*, maoirseacht ar mhórchaiteachas caipitiúil,
- (d) caighdeáin arda i rialachas corparáideach a chur chun cinn agus aird ar leith á tabhairt ar chód iompair arna eisiúint faoi *alt 37*,
- (e) socruithe a chur ar bun chun feidhmíocht an phríomhoifigigh feidhmiúcháin a bhainistiú agus na próisis riachtanacha forbartha agus meastóireachta a chur i ngníomh, agus
- (f) ag féachaint do theorainneacha glanchaiteachais arna gcinneadh faoi *alt 45*, ionracas chórais chuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais na Gníomhaireachta a chinntiú, lena n-áirítear an t-iniúchadh neamhspleách, agus a chinntiú go bhfuil córais chúil rialaithe ar bun, go háirithe, córais le haghaidh bainistiú priacail, rialú airgeadais agus oibríochta, agus comhlíonadh an dlí agus caighdeán iomchuí.
- (3) Beidh Bord na Gníomhaireachta cuntasach don Aire as comhlíonadh a fheidhmeanna.
- (4) Féadfaidh an Bord aon cheann d'fheidhmeanna na Gníomhaireachta, ar leith ó fheidhmeanna an Bhoird faoi *fho-alt (2)*, a tharmligean chuig an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin.

- (5) Má dhéantar feidhm de chuid na Gníomhaireachta a tharmligean chuig an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin faoi *fho-alt (4)*, fanfaidh an tarmligean i bhfeidhm go dtí go gcúlghairfidh an Bord an tarmligean.
- (6) Tabharfaidh an Bord fógra i scríbhinn don Aire i dtaobh aon tarmligean faoi *fho-alt (4)* nó aon chúlghairm faoi *fho-alt (5)*.
- (7) Gan dochar *d'alt 14*, déanfaidh an Bord aon ní a measfaidh sé is gá don Aire aird a thabhairt air a chur in iúl don Aire.
- (8) Féadfaidh an tAire ordacháin a eisiúint chuig an mBord i ndáil le feidhmeanna a tharmligean chuig an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin faoi *fho-alt (4)*.

### **Cruinnithe den Bhord**

- 22.** (1) Déanfaidh an tAire, i gcomhairle leis an mBord, dáta, tráth agus ionad chéadchruinniú an Bhoird a shocrú.
- (2) Tionólfaidh an Bord cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh ach tionólfaidh sé 10 gcruinniú ar a laghad gach bliain.
  - (3) Féadfaidh an cathaoirleach cruinniú den Bhord a ghairm aon tráth réasúnach.
  - (4) Féadfaidh aon 5 chomhalta den Bhord cruinniú den Bhord a ghairm, más rud é—
    - (a) go ndiúltaíonn an cathaoirleach cruinniú a ghairm tar éis foréileamh chuige sin arna shíniú ag 5 chomhalta ar a laghad a thíolacadh dó nó di, nó
    - (b) nach ndéanfaidh an cathaoirleach, gan diúltú cruinniú a ghairm, ceann a ghairm laistigh de thréimhse 7 lá ón tráth a thíolactar foréileamh den sórt sin dó nó di.
  - (5) Déanfaidh na comhaltaí a bheidh i láthair ag cruinniú arna ghairm faoi *fho-alt (4)* duine dá líon a roghnú chun dul i gceannas ar an gcruinniú.
  - (6) Is é is córam do chruinniú den Bhord 4 ghnáthchomhalta den Bhord agus an cathaoirleach nó an leasathaoirleach, nó do chruinniú a ghairfear de réir *fho-alt (4)*, an comhalta a roghnófar faoi *fho-alt (5)* chun dul i gceannas ar an gcruinniú.
  - (7) I gcás go mbeidh folúntas ar an mBord, 3 an líon gnáthchomhaltaí is gá a bheith i láthair chun córam a bheith ann.
  - (8) Maidir le cruinniú den Bhord a thionóltar le linn d'fholúntas a bheith ar an mBord, is go bailí a thionóltar é, d'ainneoin an fholúntais, fad a bheidh córam ann.
  - (9) Is é nó í an cathaoirleach, má bhíonn sé nó sí i láthair, a bheidh i gceannas ar na cruinnithe go léir den Bhord.
  - (10) Déanfar gach ceist ag cruinniú a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist.
  - (11) I gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gcathaoirleach nó, má bhíonn an cathaoirleach as láthair, ag an leasathaoirleach nó, i gcás gur de réir *fho-alt (4)* a gaireadh an cruinniú, ag an duine a roghnófar de réir *fho-alt (5)*.

- (12) Féadfaidh an Bord nósanna imeachta agus gnó an Bhoird a rialáil le buanorduithe nó ar shlí eile.

### **Coinníollacha oifige**

23. (1) Féadfaidh an tAire comhalta a chur as oifig aon tráth, más rud é—

(a) i dtuairim an Aire—

(i) go bhfuil an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar fheidhmeanna na hoifige a chomhlíonadh,

(ii) gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe, nó

(iii) gur gá an comhalta a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an Bord a fheidhmeanna ar mhodh éifeachtach,

(b) gur sháraigh an comhalta foráil, nó gur mhainnigh sé nó sí dualgas a chomhlíonadh a fhorchuirtear le foráil, den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, is foráil a bhfuil feidhm aici, le rialachán arna dhéanamh faoi alt 3 den Acht sin, maidir leis an gcomhalta sin, nó

(c) le linn don chomhalta feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, nach ndearna an comhalta de réir cód iompair faoi alt 10(3) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

- (2) Scoirfidh duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord láithreach, más rud é—

(a) go mbreithneofar an duine ina fhéimheach nó ina féimheach,

(b) go ndéanfaidh an duine imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,

(c) go gciontófar an duine i gcion indíotáilte,

(d) go gciontófar an duine i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht,

(e) go mbeidh dearbhú faoi alt 150 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 déanta i gcoinne an duine nó go mbeidh sé nó sí faoi réir ordú dícháilíochta, nó go meastar é nó í a bheith faoi réir ordú dícháilíochta, de bhua Chuid VII den Acht sin, go gcuirfidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi, nó

(f) go ndéanfaidh údarás inniúil, ar aon chúis (seachas mainneachtain táille a íoc), an duine a bhaint d'aon chlár arna bhunú chun comhaltaí gairme a chlárú.

- (3) Aon chomhalta Boird nach bhfreastalóidh, ar feadh tréimhse comhleanúnaí 6 mhí, ar chruinniú den Bhord, scoirfidh sé nó sí ag deireadh na tréimhse sin d'oifig a shealbhú mura léireoidh an comhalta chun sástacht an Aire gur mar gheall ar bhreiteacht a mhainnigh sé nó sí freastal.

### **Comhaltaí uile an Bhoird a chur as oifig**

24. (1) Féadfaidh an tAire comhaltaí uile an Bhoird a chur as oifig, más rud é—

(a) go mainneoidh an Bord córam a bhaint amach ag 3 chruinniú as a chéile,

- (b) nach ndéanfaidh an Bord de réir breithiúnas, ordú nó foraithe ó aon chúirt,
  - (c) nach ndéanfaidh an Bord de réir ordachán ón Aire nó aon cheanglas eile a fhorchuirfear air le haon achtachán, nó faoi aon achtachán, lena n-áirítear an tAcht seo, nó
  - (d) gur deimhin leis an Aire nach bhfuil feidhmeanna an Bhoird á gcomhlíonadh ar mhodh éifeachtach.
- (2) Féadfaidh an tAire, más é a thuairim nó a tuairim nach bhfuil feidhmeanna an Bhoird á gcomhlíonadh ar mhodh éifeachtach, duine a cheapadh—
- (a) chun athbhreithniú neamhspleách a sheoladh ar aon ní is bun leis an tuairim sin, agus
  - (b) chun tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire maidir le torthaí an athbhreithnithe.
- (3) Comhoibreoidh an Bord le haon athbhreithniú den sórt sin agus tabharfaidh sé gach cúnamh réasúnach don duine a bheidh á sheoladh, lena n-áirítear rochtain ar cibé áitreabh, trealamh agus taifid a theastóidh ón duine chun críocha an athbhreithnithe.
- (4) Ní dhéanfaidh cur as oifig chomhaltaí an Bhoird aon tarmligeán ar fheidhmeanna na Gníomhaireachta chuig an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin faoi *alt 21(4)* a chúlghairm ná ní dhéanfaidh sé difear thairis sin dó.

#### **Coistí de chuid an Bhoird**

25. (1) Féadfaidh an Bord coistí a bhunú chun cúnamh agus comhairle a thabhairt dó i dtaobh nithe a bhaineann lena fheidhmeanna agus féadfaidh sé comhaltas agus téarmaí tagartha gach coiste a chinneadh.
- (2) Féadfaidh an Bord daoine a cheapadh chun coiste den Bhord ar daoine iad nach comhaltaí den Bhord ach a bhfuil eolas agus taithí speisialta acu a bhaineann le cuspóirí an choiste.
- (3) Tá ceapadh duine chun coiste den Bhord faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha—
- (a) a chinnfear faoi *alt 27*, a mhéid a bhaineann siad le luach saothair agus liúntais, agus
  - (b) a chinnfidh an Bord, in aon chás eile.
- (4) Déanfaidh an Bord cuspóir agus téarmaí tagartha gach coiste den Bhord a shonrú i scríbhinn.
- (5) Tá gníomhartha coiste den Bhord faoi réir a ndaingnithe ag an mBord, mura ndéanann an Bord an gá le daingniú a chur ar ceal.
- (6) Féadfaidh an Bord nós imeachta coiste den Bhord a rialáil ach, faoi réir aon rialála den sórt sin, féadfaidh coiste a nós imeachta féin a rialáil.
- (7) Féadfaidh an Bord coiste den Bhord arna bhunú faoin alt seo a dhíscaoileadh aon tráth.



**Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil**

26. (1) Ní bheidh duine incheaptha mar chomhalta den Bhord nó de choiste den Bhord, más rud é—
- (a) gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa an duine,
  - (b) go meastar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, an duine a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh, nó
  - (c) gur comhalta d'údarás áitiúil an duine.
- (2) Scoirfidh comhalta den Bhord nó comhalta de choiste den Bhord de bheith i seilbh oifige—
- (a) ar é nó í a ainmniú mar chomhalta de Sheanad Éireann,
  - (b) ar é nó í a thoghadh mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa,
  - (c) ar é nó í a mheas, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, mar dhuine a toghadh chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh, nó
  - (d) ar theacht dó nó di chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil.

**Luach saothair agus caiteachais chomhaltaí an Bhoird agus comhaltaí coistí**

27. (1) Aon duine—
- (a) a cheapfar ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an mBord, nó
  - (b) a bheidh ina leaschathaoirleach ar an mBord, i leith aon tréimhse a ngníomhóidh sé nó sí mar chathaoirleach lena linn,
- íocfaidh an Gníomhaireacht leis nó léi, as airgead a bheidh faoina réir aici, cibé luach saothair agus liúntais i leith caiteachas arna dtabhú aige nó aici a chinnfidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (2) Íocfaidh an Gníomhaireacht le comhalta den Bhord agus le comhalta de choiste an Bhoird, as airgead a bheidh faoina réir aici, cibé luach saothair agus liúntais i leith caiteachas arna dtabhú aige nó aici a chinnfidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

CUID 4

AN PRÍOMH-OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

**Príomhoifigeach feidhmiúcháin a cheapadh**

28. (1) Ceapfaidh an Bord duine a earcófar de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 chun bheith ina príomhoifigeach feidhmiúcháin nó ina príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an nGníomhaireacht.

- (2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire an chéad phríomhoifigeach feidhmiúcháin a cheapadh go ceann téarma a bheidh le cinneadh ag an Aire.
- (3) Ní cheapfar duine faoi *fho-alt (1)* mura mbeidh sé nó sí incheaptha chun an Bhoird.
- (4) Beidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin i seilbh oifige, faoi réir *fho-alt (3)*, ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear na téarmaí agus na coinníollacha sin a bhaineann le luach saothair, liúntais agus aoisliúntas) a chinnfidh an Bord le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (5) Ní shealbhóidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin aon oifig nó post eile gan toiliú an Bhoird.
- (6) Féadfaidh an Bord an príomhoifigeach feidhmiúcháin a chur as oifig, le ceadú an Aire, ar chúiseanna sonraithe.
- (7) Féadfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin freastal ar chruinnithe den Bhord agus féadfaidh sé nó sí aighneachtaí a dhéanamh, ó bhéal nó i scríbhinn, chuig an mBord agus comhairle a thabhairt don Bhord thairis sin ag cruinnithe den sórt sin de réir nósanna imeachta an Bhoird arna rialáil faoi *alt 22(12)*.
- (8) Beidh an luach saothair agus na liúntais a chinnfear faoi *fho-alt (4)* iníoctha leis an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin ag an nGníomhaireacht as cistí a bheidh faoina réir aici.

**Feidhmeanna an phríomhoifigigh feidhmiúcháin agus comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin ag ionadaí**

29. (1) Beidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin freagrach don Bhord as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh agus as plean corparáideach na Gníomhaireachta arna cheadú faoi *alt 42* agus as an bplean gnó arna chur faoi bhráid an Aire faoi *alt 46* a chur i ngníomh.
- (2) Déanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin—
- (a) riarachán agus gnó na Gníomhaireachta a sheoladh agus a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,
  - (b) cibé feidhmeanna eile a chomhlíonadh a shannfar don oifigeach sin leis an Acht seo nó faoi nó le haon achtachán eile nó faoi nó a tharmligfidh an Bord chuige nó chuici,
  - (c) cibé faisnéis a thabhairt don Bhord (lena n-áirítear faisnéis airgid) a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna agus le cur i ngníomh bheartais an Bhoird, a theastóidh ón mBord agus,
  - (d) cúnamh a thabhairt don oifigeach cuntasáochta agus cibé faisnéis (lena n-áirítear faisnéis airgeadais agus taifid) a bhaineann le comhlíonadh ról an oifigigh cuntasáochta a thabhairt dó nó di laistigh de cibé tréimhse agus i cibé formáid a iarrfaidh an t-oifigeach cuntasáochta ó am go ham, agus
  - (e) cibé faisnéis a sholáthar don Aire a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna agus le cur i ngníomh bheartais agus thosaíochtaí an Aire, a theastóidh ón Aire.

- (3) Má tá an príomhoifigeach feidhmiúcháin as láthair nó má tá post an phríomhoifigigh feidhmiúcháin folamh, féadfaidh cibé fostaí de chuid na Gníomhaireachta a cheapfaidh an Bord ó am go ham chun gníomhú mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin gníomhach feidhmeanna an phríomhoifigigh feidhmiúcháin faoin alt seo a chomhlíonadh.
- (4) Chun críocha *fho-alt (2)*, aon tagairtí san Acht seo nó in achtachán eile lena sanntar feidhmeanna don phríomhoifigeach feidhmiúcháin nó lena rialáiltear an modh ar a mbeidh feidhm a shanntar don phríomhoifigeach feidhmiúcháin le comhlíonadh, tá siad le léamh mar thagairtí don fhostaí a cheapfar faoin alt seo mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin gníomhach.

### **An príomhoifigeach feidhmiúcháin do tharmligean feidhmeanna**

- 30.** (1) Faoi réir aon ordachán a eiseoidh an Bord, féadfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin—
- (a) aon fheidhm dá chuid nó dá cuid faoi *alt 29* a tharmligean i scríbhinn chuig fostaíthe den Gníomhaireacht a shonrófar faoina n-ainmneacha, de réir a ngrád, de réir a bpost nó ar shlí eile, agus
  - (b) i gcás go sonrófar é agus a mhéid a shonrófar é i dtarmligean arna dhéanamh faoi *mhír (a)*, fo-tharmligean aon fheidhme nó gach feidhme de na feidhmeanna a tharmligtear faoi *mhír (a)* chuig fostaíthe eile, nó ag fostaíthe eile, den Gníomhaireacht a údarú.
- (2) Aon fheidhm a tharmligfear nó a fho-tharmligfear faoin alt seo chuig fostaí de chuid na Gníomhaireachta, comhlíonfaidh an fostaí í faoi threorú agus rialú ginearálta an phríomhoifigigh feidhmiúcháin agus de réir cibé ordacháin, teorainneacha agus treoirlínte a bheidh sonraithe—
- (a) i gcás feidhm tharmligthe, ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin, nó
  - (b) i gcás feidhm fho-tharmligthe, ag an bhfostaí a rinne an fheidhm sin a fho-tharmligean.
- (3) Maidir le feidhm a bheith tarmligthe nó fo-tharmligthe, ní cosc é ar an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin an fheidhm a chomhlíonadh.
- (4) Féadfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin—
- (a) aon tarmligean feidhme faoin alt seo a athrú, lena n-áirítear tríd an limistéar geografach lena mbaineann an tarmligean a mhodhnú,
  - (b) an tarmligean sin a chúlghairm, nó
  - (c) aon fho-tharmligean ar an bhfeidhm a chúlghairm, gan an tarmligean a chúlghairm.
- (5) Ar tharmligean nó fo-tharmligean feidhme a athrú nó a chúlghairm, cuirfidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin in iúl do gach fostaí ar tarmligeadh nó ar fo-tharmligeadh an fheidhm chuige nó chuici gur athraíodh nó gur cúlghaireadh an tarmligean nó an fo-tharmligean.

- (6) Aon fostaí de chuid na Gníomhaireachta a dhéanann feidhm a tarmligeadh nó a fo-tharmligeadh chuig an bhfostaí faoin alt seo a fho-tharmligean—
- (a) féadfaidh sé nó sí an fo-tharmligean a athrú, lena n-áirítear tríd an limistéar geografach lena mbaineann sé a mhodhnú,
  - (b) féadfaidh sé nó sí an fo-tharmligean a chúlghairm, agus
  - (c) ní choisctear air nó uirthi an fheidhm a chomhlíonadh.
- (7) Ar fho-tharmligean feidhme a athrú nó a chúlghairm, cuirfidh an fostaí a rinne an fheidhm a fho-tharmligean faoi *fho-alt (6)* in iúl do gach fostaí ar fo-tharmligeadh an fheidhm chuige nó chuici gur athraíodh nó gur cúlghaireadh an fo-tharmligean.

### **Éifeacht feidhmeanna a tharmligean agus a fho-tharmligean**

- 31.** (1) Má dhéanann an Bord feidhm de chuid na Gníomhaireachta a tharmligean chuig an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin faoi *alt 21(4)*, aon tagairtí i bhforáil den Acht seo nó d'aon achtachán eile lena sanntar an fheidhm sin don Gníomhaireacht nó lena rialáiltear an modh ar a mbeidh an fheidhm le comhlíonadh, beidh siad le léamh mar thagairtí don phríomhoifigeach feidhmiúcháin.
- (2) Má dhéanann an príomhoifigeach feidhmiúcháin feidhm dá chuid nó dá cuid faoi *alt 29* a tharmligean nó a fho-tharmligean chuig fostaí de chuid na Gníomhaireachta faoi *alt 30(1)*, nó má dhéanann fostaí atá údaraithe chun déanamh amhlaidh faoin alt sin í a fho-tharmligean, aon tagairtí san Acht seo nó in aon achtachán eile lena rialáiltear an modh ar a mbeidh an fheidhm sin le comhlíonadh, beidh siad le léamh mar thagairtí don fhostaí a bhfuil an fheidhm tarmligthe nó fo-tharmligthe chuige nó chuici.
- (3) Má dhéantar feidhm a tharmligean faoi *alt 21(4)* nó *alt 30* nó a fho-tharmligean faoi *alt 30(1)(b)*, measfar go bhfolaíonn an tarmligean nó an fo-tharmligean tarmligean nó fo-tharmligean aon dualgais nó cumhachta atá teagmhasach nó bainteach leis an bhfeidhm sin.
- (4) Aon ghníomh nó ní a dhéanann an príomhoifigeach feidhmiúcháin de bhun tarmligean ag an mBord faoi *alt 21(4)*, tá an fheidhm chéanna aige agus an éifeacht chéanna leis a bheadh aige nó leis dá mba é an Bord a rinne é.
- (5) Aon ghníomh nó ní a dhéanann fostaí de chuid na Gníomhaireachta de bhun tarmligean nó fo-tharmligean faoi *alt 30*, tá an fheidhm chéanna aige agus an éifeacht chéanna leis a bheadh aige nó leis dá mba é nó í an príomhoifigeach feidhmiúcháin a rinne é.
- (6) Ní dhéanann cúlghairm tarmligin ag an mBord nó ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin difear d'fho-tharmligean arna údarú faoi *alt 30*, mura n-ordaíonn an Bord nó an príomhoifigeach feidhmiúcháin, de réir mar a bheidh, a mhalairt.
- (7) Ní scoireann tarmligean nó fo-tharmligean feidhme d'éifeacht a bheith leis de bhíthin amháin nach sealbhaíonn an duine a rinne an fheidhm a tharmligean nó a fho-tharmligean nó a d'údaraigh an fheidhm a fho-tharmligean an post a thuilleadh a shealbhaigh an duine nuair a rinneadh an fheidhm a tharmligean nó a fho-tharmligean nó nuair a údaraíodh an fheidhm a fho-tharmligean.

### **Fianaise deimhnithe i dtaobh feidhmeanna a tharmligean**

32. (1) In aon imeachtaí dlí, maidir le deimhniú—

- (a) atá sínithe ag an gcathaoirleach,
- (b) ina ndeirtear go ndearnadh feidhm shonraithe de chuid na Gníomhaireachta a tharmligean chuig an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin ar dháta sonraithe, agus
- (c) ina ndeirtear gur fhan tarmligean na feidhme i bhfeidhm ar dháta sonraithe,

is cruthúnas é, cheal fianaise ar a mhalairt, ar na nithe a deirtear sa deimhniú.

(2) In aon imeachtaí dlí, maidir le deimhniú—

- (a) atá sínithe ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin nó ag fostaí de chuid na Gníomhaireachta a rinne feidhm arna tarmligean chuige nó chuici faoi *alt 30* a fho-tharmligean,
- (b) ina ndeirtear go ndearnadh feidhm shonraithe de chuid an phríomhoifigigh feidhmiúcháin a tharmligean nó a fho-tharmligean, de réir mar a bheidh, ar dháta sonraithe, de réir *alt 30(1)*, chuig fostaí sonraithe de chuid na Gníomhaireachta,
- (c) ina ndeirtear gur fhan tarmligean nó fo-tharmligean na feidhme i bhfeidhm ar dháta sonraithe, agus
- (d) ina sonraítear na teorainneacha, más ann, a fhorchuirtear ar an tarmligean nó ar an bhfo-tharmligean,

is cruthúnas é, cheal fianaise ar a mhalairt, ar na nithe a deirtear sa deimhniú.

(3) Beidh deimhniú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó *(2)* ar dealraitheach é a bheith sínithe ag an gcathaoirleach, ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin nó ag an bhfostaí lena mbaineann, de réir mar a bheidh, inghlactha in aon imeachtaí mar fhianaise ar na nithe a deirtear sa deimhniú gan cruthúnas ar a shíniú nó a síniú.

### **Cuntasacht an phríomhoifigigh feidhmiúcháin don Choiste um Chuntais Phoiblí**

33. (1) Aon uair a dhéanfaidh an Coiste de Dháil Éireann, arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann ar an gcéanna, a cheangal i scríbhinn ar an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin déanamh amhlaidh, tabharfaidh sé nó sí fianaise don Choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) rialtacht ghinearálta agus cuibheas ginearálta na n-idirbheart a bheidh taifeadta, nó a cheanglaítear a thaifeadadh, in aon leabhar nó in aon taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus a cheanglaítear, leis an Acht, seo ar an nGníomhaireacht a ullmhú,
- (b) barainneacht agus éifeachtúlacht na Gníomhaireachta i dtaca le húsáid a hacmhainní,
- (c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an Ghníomhaireacht chun éifeachtacht a cuid oibríochtaí a mheas, agus

- (d) aon ní a dhéanann difear don Ghníomhaireacht agus dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, a mhéid a bhaineann sé le ní a shonraítear i *mír (a), (b) nó (c)*, a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.
- (2) Nuair a bheidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin ag láithriú os comhair Coiste dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, is mar dhuine cuntasach agus ní mar oifigeach cuntasáíochta a láithreoidh sé nó sí.
- (3) Le linn dualgais an phríomhoifigigh feidhmiúcháin faoin alt seo a chomhlíonadh, ní dhéanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin ceist a chur ná tuairim a nochtadh i dtaobh thuillteanais na nithe seo a leanas—
- (a) aon bheartas de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas, nó
- (b) cuspóirí beartais den sórt sin.

### **Cuntasacht an phríomhoifigigh feidhmiúcháin do Choistí eile den Oireachtas**

34. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, freastalóidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin os comhair coiste, ar iarraidh i scríbhinn ón gcoiste, chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta na Gníomhaireachta.
- (2) Ní cheanglaítear ar an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin cuntas a thabhairt os comhair coiste ar aon ní a bhaineann le riarachán ginearálta na Gníomhaireachta agus atá, nó ar dóigh dó a bheith, ina ábhar d'imeachtaí os comhair cúirte nó binse sa Stát.
- (3) Más é tuairim an phríomhoifigigh feidhmiúcháin gur ní lena mbaineann *fo-alt (2)* aon ní a n-iarrtar ar an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin cuntas a thabhairt ina leith os comhair coiste, cuirfidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin an tuairim sin agus na cúiseanna atá leis an tuairim in iúl don choiste.
- (4) Is i scríbhinn a thabharfar an fhaisnéis a cheanglaítear a thabhairt don choiste faoi *fho-alt (3)*, ach amháin i gcás gurb é nó í an príomhoifigeach feidhmiúcháin atá os comhair an choiste.
- (5) Más rud é, ar thuairim an phríomhoifigigh feidhmiúcháin i dtaobh an ní a chur in iúl dó, go dtabharfaidh an coiste breith gan a iarraidh a tharraingt siar, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas chuici faoi *fho-alt (6)*, cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an ní.
- (6) Maidir le hiarratas ar chinneadh faoi *fho-alt (5)*, féadfaidh na daoine seo a leanas é a dhéanamh ar mhodh achomair chun na hArd-Chúirte—
- (a) an príomhoifigeach feidhmiúcháin tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don choiste a bhreith gan a iarraidh a tharraingt siar a chur in iúl dó nó di, nó
- (b) cathaoirleach an choiste ag gníomhú thar ceann an choiste.
- (7) Go dtí go gcinntear iarratas faoi *fho-alt (6)*, ní fhreastalóidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin os comhair an choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní lena mbaineann an t-iarratas.

- (8) Má chinneann an Ard-Chúirt go bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)* maidir leis an ní, déanfaidh an coiste a iarraidh maidir leis an ní a tharraingt siar, ach má chinneann an Ard-Chúirt nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an ní, freastalóidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin os comhair an choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní.
- (9) Le linn dualgais a chomhlíonadh faoin alt seo, ní dhéanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin ceist a chur ná tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanais aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó i dtaobh tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin.
- (10) Le cead ó chathaoirleach an choiste a dhéanann an iarraidh faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh—
- (a) comhalta den Bhord, nó
- (b) fostaí de chuid na Gníomhaireachta a bheidh ainmnithe ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin,

freastal os comhair an choiste in ionad an phríomhoifigigh feidhmiúcháin chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta na Gníomhaireachta, agus, sa chás sin, aon tagairt i *bhfo-alt (2)* go (9) don phríomhoifigeach feidhmiúcháin, tá sí le léamh mar thagairt don duine atá ag freastal ina ionad nó ina hionad.

- (11) San alt seo, ciallaíonn “coiste”—
- (a) coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar (seachas an Coiste um Chuntais Phoiblí, an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann, an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann), nó
- (b) fochoiste de choiste dá dtagraítear i *mír (a)*.

### **Dícháiliú de thoradh comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d’údarás áitiúil**

35. Scoirfidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin láithreach de bheith i seilbh oifige—
- (a) ar é nó í a ainmiú mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) ar é nó í a thoghadh mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa,
- (c) ar é nó í a mheas, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, mar dhuine a toghadh chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh, nó
- (d) ar theacht dó nó di chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d’údarás áitiúil.

## CUID 5

### CAIGHDEÁIN AGUS DÍCHÁILÍOCHTAÍ

#### **Caighdeáin ionracais**

36. (1) Le linn feidhmeanna faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile a chomhlíonadh—

- (a) mar chomhalta de Bhord na Gníomhaireachta nó de choiste de chuid Bhord na Gníomhaireachta,
- (b) mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin na Gníomhaireachta nó mar fhostaí de chuid na Gníomhaireachta,
- (c) mar dhuine atá ar fostú ag an nGníomhaireacht faoi *Chuid 7* mar chomhairleoir nó mar shainchomhairleoir, nó
- (d) mar fhostaí de chuid duine dá dtagraítear i *mír (c)*,

coimeádfaidh duine caighdeáin chuí ionracais, iompair agus airde ar leas an phobail.

- (2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(d)* i leith dualgais fostaíochta a bhaineann leis na críocha a mbeidh an duine sin fostaithe ag an nGníomhaireacht chucu, agus i leith na ndualgas sin amháin.

### **Cóid iompair**

- 37. (1) Déanfaidh an Gníomhaireacht, chun críocha *alt 36*, cóid iompair a eisiúint mar threoir do dhaoine—
  - (a) ar comhaltaí iad de choiste den Bhord ach nach comhaltaí den Gníomhaireacht iad,
  - (b) ar fostaithe iad de chuid na Gníomhaireachta,
  - (c) atá ar fostú faoi *Chuid 7* ag an nGníomhaireacht mar chomhairleoir nó mar shainchomhairleoir, nó
  - (d) ar fostaithe iad de chuid daoine dá dtagraítear i *mír (c)*.
- (2) Aon chód iompair a eiseofar faoin alt seo mar threoir do dhaoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, tabharfar léiriú ann ar na caighdeáin ionracais agus iompair a bheidh le coimeád acu le linn dóibh a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile.
- (3) Aon duine lena mbaineann an cód iompair, ceanglaítear air nó uirthi aird a thabhairt ar an gcód agus é a bheith mar threoir acu le linn dóibh a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile.
- (4) Maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha ar a bhfuil duine fostaithe ag an nGníomhaireacht nó ag duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)* nó ar a bhfuil duine ar fostú ag an nGníomhaireacht mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir faoi *alt 55*, meastar go bhfolaíonn siad na ceanglais a bhaineann leis an duine sin faoi *fho-alt (3)*.

### **Cóid iompair a bheith ar fáil**

- 38. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh an Gníomhaireacht, a luaithe is indéanta tar éis cód iompair a eisiúint, an cód a chur ar fáil do na daoine ar mar threoir dóibh a eisíodh é.



- (2) Déanfaidh an Gníomhaireacht cód iompair mar threoir d'fhostaithe de chuid duine atá ar fostú ag an nGníomhaireacht mar chomhairleoir nó mar shainchomhairleoir a eisiúint chuig an bhfostóir agus cuirfidh an fostóir ar fáil do na fostaithe sin é.
- (3) Cheal fianaise ar a mhalairt, maidir le doiciméad a airbheartóidh a bheith ina chód iompair arna eisiúint faoin alt seo—
- (a) is é an cód iompair sin é, agus
- (b) beidh sé inghlactha in aon imeachtaí os comhair cúirte nó binse eile,

agus féadfaidh an chúirt nó an binse eile aon fhoráil den chód iompair is dealraitheach don chúirt nó don binse a bheith iomchuí maidir le ceist sna himeachtaí a chur i gcuntas le linn an cheist a chinneadh.

### **Bronntanais**

39. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an Gníomhaireacht bronntanais airgid, talún nó maoin eile a ghlacadh ar cibé iontaobhais nó coinníollacha (más ann) a shonróidh an deontóir.
- (2) Ní ghlacfaidh an Bord bronntanas más rud é go mbeadh na hiontaobhais nó na coinníollacha atá ag gabháil leis ar neamhréir—
- (a) le feidhmeanna na Gníomhaireachta, nó
- (b) le hoibleagáidí na Gníomhaireachta,

faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile.

### **Nochtadh neamhúdaraithe faisnéise rúnda**

40. (1) Ach amháin sna himthosca a shonraítear i *bhfo-alt (2)*, ní nochtfaidh duine faisnéis rúnda a gheofar le linn feidhmeanna a chomhlíonadh—
- (a) mar chomhalta de Bhord na Gníomhaireachta nó de choiste de chuid na Gníomhaireachta,
- (b) mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin na Gníomhaireachta nó mar fhostaí dá cuid,
- (c) mar dhuine atá ar fostú faoi *alt 55* ag an nGníomhaireacht mar chomhairleoir nó sainchomhairleoir, nó
- (d) mar fhostaí de chuid duine dá dtagraítear i *mír (c)*.
- (2) Ní sháróidh duine *fo-alt (1)* trí fhaisnéis rúnda a nochtadh más nochtadh é—
- (a) arna dhéanamh don Gníomhaireacht nó arna údarú aici,
- (b) arna dhéanamh don Aire ag an nGníomhaireacht nó thar ceann na Gníomhaireachta nó i gcomhlíonadh an Achta seo, nó
- (c) a cheanglaítear le dlí.

CUID 6

CUNTASACHT AGUS MAOINIÚ NA GNÍOMHAIREACHTA

**Creat feidhmíochta**

41. (1) Forbróidh an tAire creat feidhmíochta (“Creat Feidhmíochta”) d’fhonn paraiméadair treorach beartais, stiúrtha agus tosaíochta a sholáthar don Gníomhaireacht chun a plean corparáideach a ullmhú.
- (2) Soláthróidh an tAire an Creat Feidhmíochta don Bhord laistigh de 6 mhí ón tráth a bhunaítear an Gníomhaireacht agus dá éis sin 3 mhí roimh dheireadh na tréimhse lena mbaineann an plean corparáideach reatha i gcomhréir leis na ceanglais atá ar an nGníomhaireacht plean corparáideach a ullmhú le haghaidh gach tréimhse 3 bliana.
- (3) Féadfaidh an tAire dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte nó leis an Aire Oideachais agus Scileanna sula bhforbróidh sé nó sí Creat Feidhmíochta ina mbeidh nithe a bhaineann le feidhmeanna na nAirí sin.

**Plean corparáideach na Gníomhaireachta**

42. (1) Ullmhóidh agus glacfaidh an Gníomhaireacht plean corparáideach a bheidh le cur faoi bhráid an Aire lena cheadú, fara leasú nó gan leasú, i leith gach tréimhse 3 bliana ina dhiaidh sin.
- (2) Maidir le plean corparáideach—
- (a) beidh ar áireamh ann cuspóirí fíorthábhachtacha, aschuir agus straitéisí gaolmhara na Gníomhaireachta,
- (b) ach amháin i gcás an chéad phlean den sórt sin, beidh ann athbhreithniú agus meastóireacht ar obair na Gníomhaireachta i gcomhlíonadh a feidhmeanna reachtúla sna 3 bliana roimhe sin,
- (c) ullmhófar é i bhfoirm agus ar mhodh a bheidh de réir aon ordacháin a eiseoidh an tAire ó am go ham,
- (d) déanfar é a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire—
- (i) i leith an chéad phlean chorparáidigh, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an Creat Feidhmíochta, arna fhorbairt de réir *alt 41*, a fháil,
- (ii) i leith gach plean chorparáidigh dá éis sin, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an Creat Feidhmíochta iomchuí a fháil,

agus

- (e) beidh sé de réir bheartais agus chuspóirí an Aire agus an Rialtais mar a bhaineann siad le feidhmeanna na Gníomhaireachta.
- (3) Le linn di an plean corparáideach a ullmhú, beidh aird ag an nGníomhaireacht ar an gCreat Feidhmíochta a sholáthróidh an tAire.

- (4) Laistigh de 30 lá ón tráth a gheobhaidh an tAire plean corparáideach, déanfaidh sé nó sí—
- (a) an plean a cheadú,
  - (b) ordacháin a eisiúint maidir le leasuithe ar an bplean beartaithe, nó
  - (c) diúltú an plean a cheadú i gcás nach ndéanfar an plean a leasú de réir aon ordacháin a thabharfaidh an tAire don Ghníomhaireacht.
- (5) Maidir le plean corparáideach ceadaithe—
- (a) féadfaidh an tAire é a leasú aon tráth, nó
  - (b) féadfaidh an Ghníomhaireacht é a leasú, más rud é—
    - (i) go gcuirfidh an Ghníomhaireacht an leasú beartaithe faoi bhráid an Aire lena cheadú, agus
    - (ii) go gceadóidh an tAire an leasú.
- (6) Ní theorainneoidh aon ní i bplean corparáideach an Ghníomhaireacht i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

#### **Plean corparáideach ceadaithe a fhoilsiú**

43. (1) A luaithe is indéanta tar éis dó nó di plean corparáideach a cheadú, cuirfidh an tAire faoi deara cóip den phlean corparáideach a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (2) Cinnteoidh an Ghníomhaireacht go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóipeanna de phlean corparáideach ceadaithe a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais, an plean a fhoilsiú—
- (a) ar an Idirlíon, nó
  - (b) ar cibé modh eile a shonróidh an tAire.

#### **Ráiteas feidhmíochta bliantúil**

44. (1) Forbróidh an tAire ráiteas feidhmíochta bliantúil (“Ráiteas Feidhmíochta”) d’fhonn paraiméadair shonracha treorach beartais, stiúrtha, tosaíochta agus acmhainní i leith gach bliana a sholáthar don Ghníomhaireacht chun a plean gnó bliantúil a ullmhú.
- (2) Soláthróidh an tAire an Ráiteas Feidhmíochta don Bhord a luaithe is indéanta tar éis don Rialtas an buiséad bliantúil a fhoilsiú gach bliain.
- (3) Tabharfar aird ar an gCreat Feidhmíochta sa Ráiteas Feidhmíochta agus áireofar ann an cinneadh maidir le glanchaiteachas de bhun *alt 45*.
- (4) Ní shonróidh an tAire sprioc tosaíochta nó feidhmíochta faoin alt seo ná faoi *alt 41* i leith aon fheidhm de chuid na Gníomhaireachta a bhaineann le breith a thabhairt i dtaca le muirear a ghearradh nó a ghnóthú as soláthar seirbhíse, ag an nGníomhaireacht nó thar a ceann, do dhuine áirithe nó i dtaca le méid an mhuirir.

**An tAire do chinneadh teorainneacha glanchaiteachais don Gníomhaireacht**

45. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh an tAire, i leith bliain airgeadais de chuid na Gníomhaireachta—
- (a) an méid uasta glanchaiteachais a fhéadfaidh an Gníomhaireacht a thabhtú don bhliain airgeadais sin a chinneadh, agus
  - (b) fógra a thabhairt don Gníomhaireacht faoin gcinneadh maidir le glanchaiteachas i gcomhthéacs an Ráitis Feidhmíochta.
- (2) I gcás gur cuí leis an Aire é in aon chás áirithe, féadfaidh baint a bheith ag cinneadh faoin alt seo le cibé tréimhse (seachas bliain airgeadais na Gníomhaireachta) a shonróidh an tAire i bhfógra faoi *fho-alt (1)*.
- (3) Féadfaidh an tAire cinneadh faoi *fho-alt (1)* a leasú tríd an méid uasta glanchaiteachais a fhéadfaidh an Gníomhaireacht a thabhtú do bhliain airgeadais áirithe a athrú agus, má athraíonn an tAire an méid sin, tabharfaidh an tAire fógra i scríbhinn don Gníomhaireacht faoin leasú a luaithe is féidir agus beidh feidhm ag an gcinneadh leasaithe agus beidh éifeacht leis.

**Plean gnó**

46. (1) Laistigh de 30 lá ón tráth a gheofar an Ráiteas Feidhmíochta arna ullmhú de réir *alt 44*, cuirfidh an Gníomhaireacht plan gnó don bhliain faoi bhráid an Aire.
- (2) Maidir le plan gnó—
- (a) déanfar é a ullmhú de réir an Ráitis Feidhmíochta a bheidh forbartha ag an Aire faoi *alt 44*,
  - (b) leagfar amach ann gníomhaíochtaí beartaithe na Gníomhaireachta don tréimhse lena mbaineann an plan gnó agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin,
  - (c) tabharfar mionchuntas ann ar an leithroinnt bheartaithe ar acmhainní iomlána na Gníomhaireachta (idir acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna) don tréimhse lena mbaineann an plan,
  - (d) beidh ar áireamh ann ráiteas ioncaim agus caiteachais mheasta a bhaineann leis an bplan, agus a bheidh ar comhréir leis an gcinneadh maidir le caiteachas a mbeidh fógra ina thaobh tugtha de bhun *alt 45*, i leith na tréimhse lena mbaineann an plan,
  - (e) beidh aon fhaisnéis eile ann a shonróidh an tAire, agus
  - (f) beidh sé de réir bheartais agus chuspóirí an Aire agus an Rialtais mar a bhaineann siad le feidhmeanna na Gníomhaireachta.
- (3) Le linn di an plan gnó a ullmhú, beidh aird ag an nGníomhaireacht ar an Ráiteas Feidhmíochta arna fhorbairt ag an Aire faoi *alt 44*, ar aon phlean corparáideach a bheidh i ngníomh an tráth sin agus a bheidh ceadaithe faoi *alt 42* agus ar aon ordachán ón Aire arna thabhairt faoi *alt 47*.

- (4) Cuirfidh an Ghníomhaireacht an plean gnó arna ullmhú de réir *fho-alt (2)* i ngníomh mura n-ordóidh an tAire i scríbhinn don Ghníomhaireacht, laistigh de 30 lá ón tráth a chuirtear an plean faoina bhráid nó faoina bráid, an plean a leasú, más rud é, i dtuairim an Aire—
- (a) maidir le haon fhaisnéis a éilítear faoi *fho-alt (2)*, nach bhfuil sí sa phlean,
- (b) nach bhfuil an plean de réir *fho-alt (2)* ar aon slí eile, nó
- (c) gur ullmhaíodh an plean gan aird a thabhairt ar na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (2)* nó (3).
- (5) Nuair a bheidh an tAire ag tabhairt ordachán don Ghníomhaireacht faoi *fho-alt (4)*, tabharfaidh sé nó sí na cúiseanna atá aige nó aici leis an ordachán don Ghníomhaireacht i scríbhinn.
- (6) Comhlíonfaidh an Ghníomhaireacht ordachán faoi *fho-alt (4)* laistigh den tréimhse, más ann, a bheidh sonraithe san ordachán.
- (7) Féadfaidh an Ghníomhaireacht plean gnó a leasú, de réir ordachán faoi *fho-alt (4)*, agus i gcás go ndéanfaidh sí amhlaidh beidh feidhm ag *fo-ailt (2)* go (6), fara aon mhodhnuithe is gá, maidir leis an bplean leasaithe a ullmhú mar atá feidhm acu maidir le plean gnó arna ullmhú faoi *fho-alt (1)*.
- (8) Déanfaidh an cathaoirleach—
- (a) na bearta a bheidh déanta chun na tosaíochtaí arna gcinneadh agus na spriocanna feidhmíochta arna mbunú faoin alt seo a bhaint amach, agus toradh na mbeart sin, a chur in iúl don Aire, agus
- (b) an fhaisnéis sin a sholáthar i gceann eatraimh a shonróidh an tAire nó, mura sonrófar aon eatraimh den sórt sin, sa tuarascáil bhliantúil.

#### **Cumhacht an Aire chun ordachán a thabhairt don Ghníomhaireacht**

47. (1) D'ainneoin *ailt 41* agus *44* agus ordacháin arna n-eisiúint faoi na hailt sin, féadfaidh an tAire ordachán breise a thabhairt i scríbhinn don Ghníomhaireacht chun aon chríche a bhaineann leis an Acht seo agus i ndáil leis na nithe seo a leanas—
- (a) aon ní nó rud dá dtagraítear san Acht seo nó in aon achtachán eile, agus
- (b) cur i ngníomh aon bheartais nó cuspóra de chuid an Aire nó an Rialtais.
- (2) Comhlíonfaidh an Ghníomhaireacht ordachán a thabharfaidh an tAire faoin alt seo.
- (3) A luaithe is indéanta tar éis ordachán a thabhairt don Ghníomhaireacht de bhun *fho-alt (1)*—
- (a) cuirfidh an tAire faoi deara an t-ordachán a fhoilsiú san Iris Oifigiúil, agus
- (b) leagfaidh an tAire cóip den ordachán os comhair gach Tí den Oireachtas.

- (4) Déanfaidh an cathaoirleach, laistigh den tréimhse ama a shonróidh an tAire san ordachán, na bearta a bheidh déanta ag an nGníomhaireacht chun an t-ordachán sin a chomhlíonadh a chur in iúl don Aire.
- (5) Ní chuirfidh ordachán arna thabhairt ag an Aire faoi *fho-alt (1)* isteach ar fheidhmiú breithiúnais ghairmiúil i gcás áirithe le linn don Gníomhaireacht a feidhmeanna a chomhlíonadh.
- (6) Ní thabharfaidh an tAire ordachán maidir le haon fheidhm de chuid na Gníomhaireachta a bhaineann le breith a thabhairt i dtaca le muirear a ghearradh nó a ghnóthú as soláthar seirbhíse, ag an nGníomhaireacht nó thar a ceann, do dhuine áirithe nó i dtaca le méid an mhuirir.

#### **Cumhacht an Aire chun treoirlínte a eisiúint chuig an nGníomhaireacht**

48. (1) D'ainneoin na teorach arna soláthar leis an gCreat Feidhmíochta faoi *alt 41* nó le Ráiteas Feidhmíochta faoi *alt 44*, féadfaidh an tAire aon tráth treoirlínte breise a eisiúint i scríbhinn chuig an nGníomhaireacht chun críocha an Achta seo.
  - (2) Féadfaidh baint a bheith ag na treoirlínte sin—
    - (a) le treoir beartais bhreise nó le hathruithe ar bheartas, agus
    - (b) le hathruithe ar an tosaíocht a thugtar do ghealltanais plean gnó.
  - (3) Le linn di a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, beidh aird ag an nGníomhaireacht ar aon treoirlínte a eiseoidh an tAire faoin alt seo.

#### **Is gá cead ón Aire le haghaidh mórchaitheamh caipitiúil**

49. Ní dhéanfaidh an Gníomhaireacht comhaontú nó socrú, ná gealltanais a thabhairt thairis sin, gan cead i scríbhinn roimh ré ón Aire, i leith caitheamh caipitiúil ar ní a ghabhtar de láimh, más rud é gur mhó an méid iomlán a chaithfí ar an ngnóthas ná méid a bheidh sonraithe ó am go ham ag an Aire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### **Cód rialachais**

50. (1) Déanfaidh an Gníomhaireacht, a luaite is indéanta tar éis a bunaithe, cód rialachais, ina mbeidh sracléiriú ar na nithe seo a leanas, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú—
  - (a) na treoirphrionsabail is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht mar chomhlacht poiblí ag féachaint dá feidhmeanna faoi *alt 8*;
  - (b) struchtúr na Gníomhaireachta, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí an Bhoird agus an phríomhoifigigh feidhmiúcháin;
  - (c) na próisis agus na treoirlínte a bheidh le leanúint chun a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais tuairiscithe a fhorchuirtear ar an nGníomhaireacht leis an Acht seo nó faoi,

- (d) rialuithe inmheánacha na Gníomhaireachta, lena n-áirítear a nósanna imeachta maidir le hiniúchtaí inmheánacha, bainistiú priacaíl, soláthar poiblí agus tuairisciú airgeadais, agus
- (e) cineál agus cáilíocht na seirbhíse ar féidir le daoine a bhfuil seirbhísí a sholáthraíonn an Gníomhaireacht de réir a feidhmeanna á soláthar dóibh, nó á lorg acu, súil a bheith acu leo.
- (2) Beidh sa chéad chód rialachais, mionsonraí na modhanna a úsáidfeá chun comhtháthú na gcóras rialachais a thabhairt i gcrích, is comhtháthú a thiocfaidh as feidhmeanna a aistriú chuig an nGníomhaireacht—
- (a) ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus
- (b) ó na comhlachtaí díscailte.
- (3) Déanfaidh an Gníomhaireacht an cód rialachais a athbhreithniú go tréimhsiúil agus i gceann cibé eatrainmh a shonróidh an tAire agus déanfaidh sí an cód a athmheas de réir mar is cuí leis an nGníomhaireacht.
- (4) Le linn di aon athmheas ar an gcód rialachais a ullmhú nó a dhéanamh, beidh aird ag an nGníomhaireacht ar an gCreat Feidhmíochta a bheidh eisithe de bhun *alt 41*.
- (5) Tar éis don Aire an cód rialachais nó aon athmheas air a cheadú, déanfaidh an Gníomhaireacht socrú chun an cód nó an cód athmheasta a fhoilsiú.
- (6) Cuirfidh an Gníomhaireacht in iúl ina tuarascáil bhliantúil na socruithe atá aici chun an cód rialachais a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis.

### **Cuntais na Gníomhaireachta**

51. (1) Cuirfidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin faoi deara na leabhair nó na taifid chuntais eile go léir is cuí agus is gnách a choimeád—
- (a) ar ioncam agus caiteachas uile na Gníomhaireachta,
- (b) ar fhoinse an ioncaim agus ar ábhar an chaiteachais, agus
- (c) ar mhaoin, ar shócmhainní agus ar dhliteanais na Gníomhaireachta.
- (2) Cuirfidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin faoi deara, i leith gach bliana airgeadais, ráitis airgeadais bhliantúla (lena n-áirítear cuntais ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe) a ullmhú i cibé foirm a ordóidh an tAire.
- (3) Ullmhóidh an Gníomhaireacht na ráitis bhliantúla de réir caighdeáin chuntasaíochta a shonróidh an tAire.
- (4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, coimeádfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin freisin cibé cuntais speisialta a ordóidh an tAire.
- (5) Déanfar na leabhair, na taifid agus na cuntais speisialta arna gcoimeád faoin alt seo a choimeád—
- (a) i cibé foirm, agus

(b) i leith cibé tréimhsí cuntasáíochta,

a shonróidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(6) Déanfar cuntais na Gníomhaireachta arna n-ullmhú ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin agus arna gceadú ag an mBord a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann na cuntais.

(7) Laistigh de mhí amháin ón tráth a eiseoidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste deimhniú iniúchta i leith chuntais na Gníomhaireachta, déanfar—

(a) cóip de na cuntais, agus

(b) cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais,

a thíolacadh don Aire agus cuirfidh sé nó sí faoi deara, laistigh de 2 mhí tar éis iad a fháil, cóipeanna díobh a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(8) Tabharfaidh an Ghníomhaireacht don Aire, má cheanglaíonn an tAire uirthi é, an fhaisnéis a éileoidh an tAire i leith aon chlár comhardaithe, aon chuntas nó aon tuarascáil de chuid na Gníomhaireachta.

(9) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, an príomhoifigeach feidhmiúcháin agus fostaithe eile de chuid na Gníomhaireachta—

(a) aon uair a iarrfaidh an tAire orthu é, cead a thabhairt d'aon duine a bheidh ceaptha ag an Aire chun leabhair nó taifid chuntais eile na Gníomhaireachta a scrúdú i leith aon bhliain airgeadais nó tréimhse eile, agus

(b) an scrúdú a éascú,

agus íocfaidh an Ghníomhaireacht cibé táille a shocróidh an tAire i leith an scrúdaithe.

#### **Airleacain ón Aire chuig an nGníomhaireacht.**

52. Féadfaidh an tAire, ó am go ham, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cibé suimeanna a airleacan chuig an nGníomhaireacht ar cibé téarmaí agus coinníollacha agus ar cibé modh is cuí leis an Aire as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, chun críocha caiteachas ag an nGníomhaireacht ag comhlíonadh a feidhmeanna di.

### CUID 7

#### FOSTAITHE AGUS COMHAIRLEOIRÍ

#### **Fostaithe na Gníomhaireachta**

53. (1) Faoi réir aon ordacháin a eiseoidh an tAire i ndáil le nithe a shonraítear i *bhfo-ailt* (2) agus (3), féadfaidh an Ghníomhaireacht daoine a cheapadh chun bheith ina bhfostaithe de chuid na Gníomhaireachta agus féadfaidh sí a ndualgais a chinneadh.



- (2) Déanfar comhaltaí foirne de chuid na Gníomhaireachta a earcú de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.
- (3) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, le ceadú an Aire, arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na nithe seo a leanas a chinneadh—
  - (a) na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais) a bheidh ag fostaíthe a cheapfar faoin alt seo, nó
  - (b) gráid na bhfostaíthe de chuid na Gníomhaireachta agus líon na bhfostaíthe i ngach grád.
- (4) Níl duine incháilithe lena cheapadh nó lena ceapadh mar fhostaí de chuid na Gníomhaireachta, más rud é—
  - (a) gur comhalta an duine de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa, nó
  - (b) go measfar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 an duine a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh.
- (5) Beidh luach saothair agus liúntais fhostaithe na Gníomhaireachta iníoctha ag an nGníomhaireacht leis na fostaíthe as cistí a bheidh faoina réir ag an nGníomhaireacht.

#### **Aoisliúntas**

- 54.** (1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht a luaithis is féidir scéim nó scéimeanna a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire chun sochair aoisliúntais a dheonú do na daoine seo a leanas nó ina leith—
- (a) daoine arna nglacadh isteach ina fostaíocht de réir *alt 73* nó *83*,
  - (b) cibé comhaltaí eile dá foireann (lena n-áirítear an príomhoifigeach feidhmiúcháin) is cuí léi, seachas daoine lena mbaineann an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair de bhua Chaibidil 2 de Chuid 2 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, agus
  - (c) iarchomhaltaí foirne de chuid comhlachta dhíscaoilte (seachas na comhaltaí sin a glacadh isteach i bhfostaíocht na Gníomhaireachta de réir *alt 73*), lena n-áirítear na comhaltaí sin atá éagtha.
- (2) Socrófar le gach scéim an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim, agus féadfar téarmaí éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.
  - (3) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, aon tráth, scéim lena leasaítear nó lena gcúlghairtear scéim a cuireadh faoi bhráid an Aire agus a ceadaíodh roimhe sin faoin alt seo a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.
  - (4) Maidir le scéim nó scéim leasaitheach arna cur faoi bhráid an Aire faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, déanfaidh an Ghníomhaireacht í a chur i gcrích de réir a téarmaí.

- (5) Déanfar foráil le scéim faoin alt seo maidir le hachomhairc.
- (6) Ní dhéanfaidh an Gníomhaireacht sochar aoisliúntais a dheonú d'aon daoine dá foireann (lena n-áirítear an príomhoifigeach feidhmiúcháin) is comhaltaí de scéim faoin alt seo, ná ina leith, agus ní dhéanfar aon socrú eile chun aon sochar aoisliúntais a sholáthar do dhaoine den sórt sin ar scor dóibh de bheith i seilbh oifige, seachas de réir cibé scéim nó scéimeanna a bheidh curtha faoi bhráid an Aire agus ceadaithe faoin alt seo nó de réir socrú a bheidh ceadaithe ag an Aire agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (7) (a) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta agus arna cheadú ag an Aire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, déanfar socrú le scéim faoi *fho-alt (1)*—
- (i) i leith duine a ghactar isteach i bhfostaíocht na Gníomhaireachta de réir *alt 73* nó *83*, nó
- (ii) i leith iarchomhalta foirne de chuid comhlachta dhíscailte dá dtagraítear i *mír (c) d'fho-alt (1)*,
- chun sochair aoisliúntais a dheonú dó nó di, nó ina leith, ar cibé téarmaí agus coinníollacha, agus faoina réir, nach lú fabhar dó nó di ná na téarmaí agus na coinníollacha i ndáil leis na sochair sin a dheonú, a bhí i bhfeidhm maidir leis nó léi díreach roimh an lá bunaithe.
- (b) Aon tréimhse seirbhíse ag duine mar chomhalta foirne de chuid comhlachta dhíscailte ar thréimhse seirbhíse ináirithe í chun críocha scéim chun sochair aoisliúntais a dheonú do chomhaltaí foirne de chuid comhlachta dhíscailte, nó ina leith, measfar gur tréimhse seirbhíse ináirithe í chun críocha aon scéim faoi *fho-alt (1)*.
- (8) (a) Más rud é, sa tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch díreach roimh thosach feidhme scéime faoin alt seo, go mbeidh sochar aoisliúntais le hóc le duine, nó i leith duine, a glacadh isteach i bhfostaíocht na Gníomhaireachta de réir *alt 73* nó *83*, déanfaidh an Gníomhaireacht an sochar a ríomh agus a íoc de réir cibé scéim, socruithe nó achtacháin i ndáil le haoisliúntas ag a raibh feidhm maidir leis an duine díreach roimh an lá bunaithe agus, chun na críche sin, déanfar a sheirbhís inphinsin nó a seirbhís inphinsin leis an nGníomhaireacht a chomhiomlánú lena sheirbhís inphinsin nó lena seirbhís inphinsin roimhe sin.
- (b) Más rud é, sa tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch díreach roimh thosach feidhme scéime faoin alt seo, go mbeidh sochar aoisliúntais le hóc le duine, nó i leith duine (lena n-áirítear duine atá éagtha), ba chomhalta foirne de chuid comhlachta dhíscailte ach nár glacadh isteach i bhfostaíocht na Gníomhaireachta de réir *alt 73* nó *83*, déanfaidh an Gníomhaireacht an sochar a ríomh agus a íoc de réir cibé scéim, socruithe nó achtacháin i ndáil le haoisliúntas ag a raibh feidhm maidir leis an duine díreach roimh an lá bunaithe.
- (9) Cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar gach scéim a chuirfear faoi bhráid an Aire agus a cheadófar faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ceadaithe, agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag

neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar d'aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

- (10) San alt seo, ciallaíonn “sochar aoisliúntais” pinsean, aisce nó liúntas eile is iníoctha ar éirí as, ar scor nó ar bhás.

### **Sainchomhairleoirí agus comhairleoirí**

55. (1) Féadfaidh an Gníomhaireacht, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhostú a mheasfaidh sí is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.
- (2) Aon táillí a bheidh dlite do shainchomhairleoir nó do chomhairleoir a fhostófar faoin alt seo, beidh siad iníoctha ag an nGníomhaireacht as cistí a bheidh faoina réir aici.

## **CUID 8**

### **SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ**

#### **Socruithe le soláthraithe seirbhíse**

56. (1) Féadfaidh an Gníomhaireacht, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil aici agus ag féachaint don leibhéal riachtanach seirbhíse a shainiú sa phlean corparáideach nó sa phlean gnó bliantúil agus d'aon ordacháin arna n-eisiúint ag an Aire faoi *alt 47*, socrú a dhéanamh, ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí léi, le duine chun seirbhísí leanaí agus teaghlach, nó seirbhísí arna soláthar de bhun *alt 8(3)(b)*, a sholáthar.
- (2) Sula ndéanfaidh an Gníomhaireacht socrú faoi *fho-alt (1)*, cinntí sí, i leith bliain airgeadais de chuid na Gníomhaireachta, an t-uasmhéid maoinithe (cibé acu maoiniú caipitiúil nó maoiniú neamhchaipitiúil) a bheartaíonn sí a chur ar fáil i gcaitheamh na bliana sin faoi shocrú den sórt sin agus an leibhéal seirbhíse is dóigh léi a sholáthrófar i leith an mhaoinithe sin.
- (3) Déanfaidh soláthraí seirbhíse—
- (a) na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar ioncam a gheobhaidh sé agus ar chaiteachas a thabhóidh sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an Gníomhaireacht de réir aon ordachán gearálta a eiseoidh an tAire,
- (b) na cuntais sin a chur faoi bhráid iniúchára gach bliain lena n-iniúchadh, agus
- (c) cóip de na cuntais iniúchta agus de dheimhniú agus tuarascáil an iniúchára ar na cuntais a sholáthar don Gníomhaireacht laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an Gníomhaireacht.
- (4) Beidh na caiteachais a bhaineann le cuntais arna gcur faoi bhráid iniúchára de réir *fho-alt (3)* a iniúchadh iníoctha ag an soláthraí seirbhíse a bheidh á gcur faoi bhráid an iniúchára lena n-iniúchadh.
- (5) Níl feidhm ag *fo-alt (3)* maidir le soláthraí seirbhíse—

- (a) a fhaigheann ón nGníomhaireacht in aon bhliain airgeadais, i leith seirbhísí arna soláthar ar scór socrú a rinneadh faoi *fho-alt (1)*, méid airgid nach mó ná méid airgid nó céatadán d'ioncam bliantúil an tsoláthraí seirbhíse sin a chinnfidh an Bord le ceadú an Aire, nó
- (b) a bhaineann le hearnáil soláthraithe seirbhíse a bheidh sonraithe ag an Aire.
- (6) Féadfaidh an Gníomhaireacht cibé socrúithe a dhéanamh is cuí léi chun faireachán a dhéanamh—
- (a) ar an gcaiteachas a thabhófar le linn do sholáthraithe seirbhíse a bheidh díolmhaithe faoi *fho-alt (5)* seirbhísí a sholáthar, agus
- (b) ar sholáthar na seirbhísí sin ag na soláthraithe seirbhíse sin.
- (7) Éascóidh na soláthraithe seirbhíse dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* socrúithe arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht faoin bhfo-alt sin.
- (8) Féadfaidh an Gníomhaireacht aon fhaisnéis a iarraidh ar sholáthraí seirbhíse a cheapann sí a bheith ábhartha maidir soláthar seirbhíse ag an soláthraí seirbhíse.
- (9) Déanfaidh soláthraí seirbhíse de réir iarraidh a dhéanfar faoi *fho-alt (8)*.
- (10) I gcás go mainneoidh soláthraí seirbhíse déanamh de réir iarraidh faoi *fho-alt (8)*—
- (a) ní dhéanfaidh an Gníomhaireacht socrú faoi *fho-alt (1)* leis an soláthraí seirbhíse sin, agus
- (b) i gcás go mbeidh socrú den sórt sin déanta, féadfaidh an Gníomhaireacht an socrú lena mbaineann a fhoirceannadh.
- (11) Déanfaidh an Gníomhaireacht, nuair a iarraidh an tAire uirthi déanamh amhlaidh, aon fhaisnéis a gheofar mar fhreagra ar iarraidh faoi *fho-alt (8)* a sholáthar don Aire.
- (12) Ní dhéanfar, le haon ní san Acht seo, an Gníomhaireacht a chumhachtú chun an dualgas a fhorchuirtear uirthi faoi alt 4 den Acht um Chúram Leanaí, 1991 leanbh a thógáil faoina cúram nó iarratas a dhéanamh ar ordú faoi Chuid III, IV, IVA (arna leasú leis an Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011) nó VI den Acht sin a tharmlígean chuig soláthraí seirbhíse.
- (13) Féadfaidh an tAire ceanglais a fhorordú—
- (a) maidir leis an gcaiteachas a thabhóidh an Gníomhaireacht le linn do sholáthraithe seirbhíse seirbhísí a sholáthar, agus
- (b) maidir le soláthar na seirbhísí sin ag soláthraithe seirbhíse.
- (14) D'fhonn amhras a sheachaint, ní eascróidh caidreamh fostaíochta idir soláthraí seirbhíse, a fhostaithe nó a ghníomhairí ar thaobh amháin agus an Gníomhaireacht ar an taobh eile as socrú faoin alt seo.
- (15) San alt seo, ciallaíonn “soláthraí seirbhíse” duine atá ag gabháil do sheirbhísí leanaí agus teaghlach a sholáthar ar shlí seachas le haghaidh brabúis, ar seirbhísí iad na

seirbhísí sin, i dtuairim na Gníomhaireachta, atá cosúil le gníomhaíochtaí a sheolann an Ghníomhaireacht agus atá ar comhréir lena feidhmeanna.

### **Comhlacht reachtúil do sholáthar seirbhísí**

57. (1) Chun a chumasú don Ghníomhaireacht a feidhmeanna a chomhlíonadh, féadfaidh comhlacht reachtúil aon seirbhís a sholáthar don Ghníomhaireacht ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear íocaíocht as an tseirbhís sin) a chomhaontófar agus féadfaidh an Ghníomhaireacht leas a bhaint as an tseirbhís sin.
- (2) Déanfaidh comhlacht reachtúil, i gcás conradh seirbhíse a bheith déanta aige leis an nGníomhaireacht, daoine a cheapadh as measc a fhostaithe chun bheith ina n-oifigigh údaraithe chun críche an chonartha agus déanfaidh sé, a luaithe is féidir, aon cheapachán den sórt sin a chur in iúl don Ghníomhaireacht agus beidh na cumhachtaí go léir atá ar fáil d'oifigigh údaraithe faoin Acht seo nó faoi Chuid VII den Acht um Chúram Leanaí, 1991 ag na daoine sin le linn dóibh dualgais a chomhall faoi chonradh seirbhíse.
- (3) Déanfaidh an comhlacht reachtúil lena mbaineann barántas a cheaptha nó a ceaptha mar oifigeach údaraithe a thabhairt do gach oifigeach údaraithe a cheapfar faoin alt seo agus le linn don oifigeach údaraithe aon chumhacht a thugtar dó nó di leis an alt seo a fheidhmiú, déanfaidh sé nó sí, má iarrann duine dá ndéanann an feidhmiú sin difear é, an barántas nó cóip de a thabhairt ar aird don duine sin.
- (4) Scoirfidh ceapachán arna dhéanamh faoin alt seo, i gcás—
- (a) go bhfoirceannfar an conradh seirbhíse iomchuí,
- (b) gur ceapachán go ceann tréimhse shocraithe an ceapachán, ar éag don tréimhse sin, nó
- (c) go scoirfidh an duine a ceapadh de bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an chomhlachta reachtúil lena mbaineann.
- (5) I gcás go mbeidh conradh déanta de réir *fho-alt (1)*, féadfaidh an comhlacht reachtúil lena mbaineann imeachtaí i ndáil le cion achomair a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.
- (6) San alt seo, folaíonn “seirbhís” úsáid áitribh nó trealaimh agus úsáid seirbhísí nó fostaithe.

### **Socrúithe áirithe — cúram speisialta agus áiteanna cónaithe**

58. (1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht socrúithe a dhéanamh le haon duine oiriúnach chun a hoibleagáidí faoi Chuid IVA agus Cuid VI den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna leasú leis an Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011) a urscaoileadh.
- (2) Déanfaidh duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—
- (a) na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar ioncam a fhaigheann sé agus ar chaiteachas a thabhaíonn sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an Ghníomhaireacht, de réir aon ordachán ginearálta a eiseoidh an tAire,
- (b) na cuntais sin a chur faoi bhráid iniúchára gach bliain lena n-iniúchadh, agus

- (c) cóip de na cuntais iniúchta agus de dheimhniú agus tuarascáil an iniúchóra ar na cuntais a sholáthar don Ghníomhaireacht laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an Ghníomhaireacht.
- (3) Beidh na caiteachais a bhainfidh le cuntais arna gcur faoi bhráid iniúchóra de réir *fho-alt (2)* a iniúchadh iníoctha ag an duine a chuirfidh faoi bhráid an iniúchóra iad.
- (4) Féadfaidh an Ghníomhaireacht aon fhaisnéis a iarraidh ar dhuine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a mheasfaidh sí a bheith ábhartha maidir le soláthar seirbhíse ag an duine sin, i cibé foirm a shonróidh sí.
- (5) Déanfaidh duine de réir iarraidh a dhéanfar faoi *fho-alt (4)* laistigh de thréimhse ama réasúnach.
- (6) I gcás go mainneoidh duine déanamh de réir iarraidh a dhéanfar faoi *fho-alt (4)*—
- (a) ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht socrú leis an duine sin faoi *fho-alt (1)*, agus
- (b) i gcás go mbeidh socrú den sórt sin déanta, féadfaidh an Ghníomhaireacht dul ar aghaidh chun an socrú a fhoirceannadh.
- (7) Ar iarraidh ón Aire, déanfaidh an Ghníomhaireacht aon fhaisnéis a bheidh faighte mar fhreagra ar iarraidh faoi *fho-alt (4)* a sholáthar don Aire.
- (8) Ní dhéanfar, le haon ní san Acht seo, an Ghníomhaireacht a chumhachtú chun an dualgas a fhorchuirtear uirthi faoi alt 4 den Acht um Chúram Leanaí, 1991 leanbh a thógáil faoina cúram nó iarratas a dhéanamh ar ordú faoi Chuid III, IV, IVA (arna leasú leis an Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011) nó VI den Acht sin a tharmligean chuig soláthraí seirbhíse.
- (9) Féadfaidh an tAire ceanglais a fhorordú maidir le soláthraithe seirbhíse do sholáthar seirbhísí de réir an ailt seo.
- (10) D'fhonn amhras a sheachaint, ní eascróidh caidreamh fostaíochta idir soláthraí seirbhíse agus a fhostaithe nó a ghníomhairí ar thaobh amháin agus an Ghníomhaireacht ar an taobh eile as socrú faoin alt seo.

### **Seirbhís fhorlíontach**

59. (1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, faoi réir aon ordacháin arna dtabhairt ag an Aire de réir *alt 47*, agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí léi, cúnaimh a thabhairt do dhuine a dhéanann, nó a bheartaíonn, seirbhís a sholáthar, ar shlí seachas le haghaidh brabúis, is seirbhís d'fhorlíonadh seirbhísí a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht.
- (2) Féadfar cúnaimh faoin alt seo a sholáthar—
- (a) trí dheontas, nó
- (b) trí ranníoc comhchineáil, cibé acu ar mhodh ábhar nó saothair nó aon seirbhíse eile.

- (3) Féadfar cúnamh a sholáthar do dhuine faoin alt seo cibé acu is soláthraí seirbhíse an duine freisin ag a bhfuil socrú déanta faoi *alt 56* nó nach ea.
- (4) Féadfaidh an Gníomhaireacht cibé socrúithe a dhéanamh, lena n-áirítear ceanglais a fhorchur ar dhuine, is cuí léi chun faireachán a dhéanamh—
  - (a) ar an úsáid a bhaintear as cúnamh deontais, agus
  - (b) i gcás go soláthraíonn an duine seirbhísí go díreach do leanbh nó do theaghlach, ar sholáthar na seirbhísí sin.
- (5) Féadfaidh an Gníomhaireacht a iarraidh ar dhuine aon fhaisnéis a sholáthar di is dóigh léi a bheith ábhartha maidir le cuntasacht i leith na gcistí a sholáthraítear.
- (6) Comhlíonfaidh duine aon cheanglas a fhorchuirfidh an Gníomhaireacht faoi *fho-alt (4)* nó aon iarraidh a dhéanfaidh an Gníomhaireacht faoi *fho-alt (5)*, laistigh de thréimhse ama réasúnach.
- (7) I gcás go mainneoidh duine ceanglas faoi *fho-alt (4)* nó iarraidh faoi *fho-alt (5)* a chomhlíonadh, ní ceadmhach don Gníomhaireacht tuilleadh cúnamh a thabhairt don duine sin faoi *fho-alt (1)*.
- (8) San alt seo, ciallaíonn “seirbhís d’fhorlíonadh seirbhísí a sholáthraíonn an Gníomhaireacht”—
  - (a) acmhainn forbartha pobail a sholáthar chun seirbhísí tacaíochta leanaí agus teaghlaigh a chur chun cinn, nó
  - (b) gníomhaíochtaí atá coimhdeach le seirbhísí tacaíochta leanaí agus teaghlaigh a sholáthraíonn an Gníomhaireacht nó a sholáthraíonn soláthraí seirbhíse thar a ceann.

## CUID 9

### GEARÁIN

#### Mínithe (Cuid 9)

**60.** Sa Chuid seo—

ciallaíonn “gníomh” aon ní—

- (a) a dhéanann an Gníomhaireacht, nó a fhágann sí gan déanamh, nó
- (b) a dhéanann soláthraí seirbhíse, nó a fhágann soláthraí seirbhíse gan déanamh, i dtaca le seirbhís is ábhar do shocrú faoi *alt 56* nó *58* a sholáthar;

ciallaíonn “neasghaol”, i ndáil le duine eile, duine—

- (a) is tuismitheoir, caomhnóir, mac, iníon, céile nó páirtneir sibhialta de réir bhrí an Achta um Páirtneireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 de chuid an duine eile, nó

- (b) atá ag maireachtáil i bhfochair an duine eile;

ciallaíonn “gearánach” duine atá i dteideal, faoi *alt 61*, gearán a dhéanamh faoin gCuid seo thar ceann an duine féin nó thar ceann duine eile;

ciallaíonn “gearán” gearán arna dhéanamh faoin gCuid seo faoi aon ghníomh de chuid na Gníomhaireachta nó de chuid soláthraí seirbhíse de réir nósanna imeachta arna mbunú faoi *alt 64(1)(a)*—

- (a) a n-éilítear ina leith nach dtagann sé le cleachtas riaracháin cóir nó fóna, agus
- (b) a dhéanann dochar don duine a rinne an gearán nó ar thar a cheann nó thar a ceann a dhéantar an gearán;

ciallaíonn “oifigeach gearán” duine a bheidh ainmnithe—

- (a) ag an nGníomhaireacht chun déileáil le gearáin arna ndéanamh chuici de réir nósanna imeachta arna mbunú faoi *alt 64(1)(a)*, nó
- (b) ag soláthraí seirbhíse chun déileáil le gearáin arna ndéanamh chuig an soláthraí seirbhíse de réir nósanna imeachta arna mbunú faoi *alt 64(1)(a)* nó (2).

### **Daoine a fhéadfaidh gearáin a dhéanamh**

**61.** (1) Aon duine a bhfuil nó a raibh seirbhís á soláthar ag an nGníomhaireacht nó ag soláthraí seirbhíse dó nó di, nó a bhfuil nó a raibh soláthar seirbhíse den sórt sin á lorg aige nó aici, féadfaidh sé nó sí gearán a dhéanamh de réir na nósanna imeachta a bhunaítear faoin gCuid seo, faoi aon ghníomh de chuid na Gníomhaireachta nó de chuid soláthraí seirbhíse—

- (a) a n-éilítear ina leith nach dtagann sé le cleachtas riaracháin cóir agus fóna, agus
- (b) a dhéanann, nó a rinne, dochar don duine sin.

(2) Chun críocha na Coda seo, ní thagann gníomh le cleachtas riaracháin cóir agus fóna, más rud é—

- (a) go ndéantar é gan údarás cuí,
- (b) go ndéantar é ar fhorais neamhábhartha,
- (c) gur faillí nó neamh-aire is cúis leis,
- (d) go bhfuil sé bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó neamhiomlán,
- (e) go bhfuil sé idirdhealaitheach go míchuí,
- (f) go bhfuil sé bunaithe ar chleachtas riaracháin míchuibhiúil, nó
- (g) go bhfuil sé contrártha thairis sin do riarachán cóir nó fóna.

(3) Más rud é, maidir le duine atá i dteideal faoin alt seo gearán a dhéanamh, nach féidir leis nó léi déanamh amhlaidh mar gheall ar aois, breoiteacht nó míchumas, féadfaidh duine díobh seo a leanas an gearán a dhéanamh thar ceann an duine sin—

- (a) neasghaol leis an duine nó cúramóir dá chuid nó dá cuid,
- (b) aon duine ar a bhfuil, le dlí nó le ceapachán cúirte, cúram ghnóthaí an duine sin,



- (c) aon ionadaí dlíthiúil de chuid an duine,
  - (d) aon duine eile, le toiliú an duine, nó
  - (e) aon duine eile a bheidh ceaptha de réir mar a fhorordaítear i rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 68*.
- (4) Más rud é gur duine éagtha duine a bheadh i dteideal thairis sin faoin alt seo gearán a dhéanamh, féadfaidh duine gearán a dhéanamh is duine ba neasghaol leis an duine nó cúramóir dá chuid nó dá cuid tráth déanta an ghnímh a ndéantar an gearán i ndáil leis.

### **An teorainn ama chun gearáin a dhéanamh**

62. (1) Ní foláir gearán a dhéanamh laistigh den tréimhse ama a shonraítear faoi *fho-alt (2)* nó den teorainn ama fhadaithe faoi *fho-alt (3)*.
- (2) Is í an tréimhse shonraithe 12 mhí dar tosach dáta nach déanaí ná—
- (a) dáta an ghnímh as a n-eascraíonn an gearán, nó
  - (b) an dáta a tháinig an duine ag a bhfuil an gearán le déanamh nó ar thar a cheann nó thar a ceann atá an gearán le déanamh ar an eolas faoin ngníomh as a n-eascraíonn an gearán.
- (3) Féadfaidh oifigeach gearán an teorainn ama chun gearán a dhéanamh a fhadú más rud é, i dtuairim an oifigigh gearán, gur cuí déanamh amhlaidh mar gheall ar imthosca speisialta.

### **Nithe atá eisiata ón gceart chun gearán a dhéanamh**

63. (1) Níl duine i dteideal gearán a dhéanamh mar gheall ar aon cheann de na nithe seo a leanas:
- (a) ní is ábhar nó ab ábhar d'imeachtaí dlí os comhair cúirte nó binse nó is ábhar nó ab ábhar d'achomharc faoi alt 15 den Acht Oideachais (Leas), 2000;
  - (b) ní nach mbaineann ach le feidhmiú breithiúnais chliniciúil ag duine atá ag gníomhú thar ceann na Gníomhaireachta nó thar ceann soláthraí seirbhíse;
  - (c) gníomh a bheidh déanta ag an nGníomhaireacht nó ag soláthraí seirbhíse ar chomhairle duine a bheidh ag feidhmiú breithiúnas cliniciúil sna himthosca a thuairiscítear i *mír (b)* agus ar an gcomhairle sin amháin;
  - (d) ní a bhaineann le hearcú nó le ceapadh fostaí ag an nGníomhaireacht nó ag soláthraí seirbhíse;
  - (e) ní a bhaineann le téarmaí nó coinníollacha, nó a dhéanann difear do théarmaí nó coinníollacha, conartha fostaíochta a bheartaíonn an Gníomhaireacht nó soláthraí seirbhíse a dhéanamh nó conartha le sainchomhairleoir nó le comhairleoir a bheartaíonn an Gníomhaireacht a dhéanamh faoi *alt 55*;
  - (f) ní a bhaineann leis na hAchtanna Leasa Shóisialaigh;

- (g) ní a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú a bheidh á sheoladh ag an nGarda Síochána;
  - (h) ní a tugadh os comhair aon nós imeachta gearán eile arna bhunú faoi achtachán.
- (2) Ní choisceann *fo-alt (1)(h)* ar oifigeach gearán déileáil le gearán a rinneadh leis an Ombudsman nó leis an Ombudsman do Leanaí agus a bheidh tarchurtha aige nó aici sin chuig oifigeach gearán.
- (3) I ndáil le conradh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(e)*, folaíonn “téarmaí nó coinníollacha” téarmaí nó coinníollacha a bhaineann le sochair aoisliúntais, nósanna imeachta araíonachta nó nósanna imeachta maidir le gearáin.

#### **Na nósanna imeachta gearán agus athbhreithnithe a bheidh le bunú**

64. (1) Faoi réir *fho-alt (2)* agus aon rialacháin faoi *alt 68*, bunóidh an Gníomhaireacht nósanna imeachta—
- (a) chun déileáil le gearáin i gcoinne na Gníomhaireachta nó soláthraí seirbhíse, agus
  - (b) chun athbhreithniú a dhéanamh, ar iarraidh ó ghearánach, ar aon mholadh a dhéanfaidh oifigeach gearán tar éis gearán a imscrúdú.
- (2) Féadfaidh aon soláthraí seirbhíse, le comhaontú na Gníomhaireachta, nósanna imeachta a bhunú, in ionad na nósanna imeachta a bhunaítear faoi *fho-alt (1)(a)*, chun déileáil le gearáin i gcoinne an tsoláthraí seirbhíse.
- (3) Féadfaidh an Gníomhaireacht comhaontú go mbunóidh soláthraí seirbhíse na nósanna imeachta sin más deimhin léi go mbeidh siad ar chaighdeán is incho mórtais leis na nósanna imeachta a bhunaíonn an Gníomhaireacht faoi *fho-alt (1)(a)*.
- (4) Faoi réir aon rialacháin faoi *alt 68*, féadfaidh an Gníomhaireacht feidhmeanna na Gníomhaireachta faoi *fho-alt (1)* a shannadh do dhuine eile.

#### **Diúltú gearáin a imscrúdú nó a imscrúdú tuilleadh**

65. (1) Ní dhéanfaidh oifigeach gearán imscrúdú ar ghearán más rud é—
- (a) nach bhfuil an duine a rinne an gearán i dteideal faoi *alt 61* déanamh amhlaidh thar ceann an duine féin nó thar ceann duine eile,
  - (b) go ndéantar an gearán tar éis don tréimhse a shonraítear in *alt 62(2)* nó aon fhadú ar an tréimhse sin a cheadaítear faoi *alt 62(3)* dul in éag.
- (2) Féadfaidh oifigeach gearán breith a thabhairt gan gníomh lena mbaineann gearán a imscrúdú nó a imscrúdú tuilleadh más rud é, tar éis réamhimscrúdú a dhéanamh i dtaobh an ghnímh nó tar éis dul ar aghaidh chun an gníomh sin a imscrúdú—
- (a) gurb é tuairim an oifigigh sin—
    - (i) nach ndéantar foras gearáin dá bhforáiltear in *alt 61* a nochtadh leis an ngearán,
    - (ii) go bhfuil ábhar an ghearáin eisiata le *halt 63*,
    - (iii) gur ábhar fánach é ábhar an ghearáin, nó
    - (iv) go bhfuil an gearán cráiteach nó nach de mheon macánta a dhéantar é,

nó

(b) gur deimhin leis an oifigeach sin gur réitíodh an gearán.

(3) Déanfaidh oifigeach gearán, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di cinneadh go dtoirmisctear air nó uirthi le *fo-alt (1)* gearán a imscrúdú nó tar éis dó nó di breith a thabhairt faoi *fho-alt (2)* gan gearán a imscrúdú nó a imscrúdú tuilleadh, an cinneadh nó an bhreith agus na cúiseanna atá leis nó léi a chur in iúl i scríbhinn don ghearánach.

**Srian leis an gcineál moltaí a fhéadfaidh oifigigh gearán a dhéanamh agus an chumhacht chun cur i ngníomh moltaí a fhionraí**

66. (1) Ní dhéanfaidh oifigeach gearán, tar éis gearán a imscrúdú, moladh a d'fhágfadh, mar gheall ar é a chur i ngníomh, gur ghá go ndéanfadh nó go gcuirfí faoi deara go ndéanfadh—

(a) an Ghníomhaireacht leasú ábhartha ar a plean gnó arna ullmhú faoi *alt 46* nó ar a plean corparáideach arna cheadú faoi *alt 42*, nó

(b) soláthraí seirbhíse agus an Ghníomhaireacht leasú ábhartha ar shocrú faoi *alt 56* nó *58*.

(2) Más rud é, i dtuairim an duine iomchuí, go ndéantar moladh den sórt sin—

(a) leasóidh an duine sin an moladh ar shlí a fhágfaidh nach gá leasú a dhéanamh ar an bplean gnó, ar an bplean corparáideach ná ar an socrú, nó

(b) diúltóidh an duine sin don mholadh agus déanfaidh sé nó sí cibé bearta eile is cuí leis an duine iomchuí chun droch-éifeacht an ní lena mbaineann an gearán a leigheas, a mhaolú nó a athrú.

(3) Go dtí go mbeidh an toradh ar fáil ar athbhreithniú, féadfaidh an duine iomchuí cur i ngníomh molta arna dhéanamh ag oifigeach gearán a fhionraí más deimhin leis nó léi gur cuí déanamh amhlaidh, ar mhaithe le riarachán cóir fóna.

(4) San alt seo, ciallaíonn “duine iomchuí”—

(a) i ndáil le gearán a ndéileálann an Ghníomhaireacht leis de réir na nósanna imeachta a bhunaítear faoi *alt 64(1)*, an príomhoifigeach feidhmiúcháin, agus

(b) i ndáil le gearán a ndéileáiltear leis de réir na nósanna imeachta a bhunóidh soláthraí seirbhíse faoi *alt 64(2)*, an soláthraí seirbhíse.

**Beidh coinníoll ag gabháil le socrúithe le soláthraithe seirbhíse go gcloífear le nósanna imeachta gearán agus athbhreithnithe**

67. (1) Is coinníoll d'aon socrú faoi *alt 56* nó *58* le soláthraí seirbhíse—

(a) go gcloífidh an soláthraí seirbhíse leis na nósanna imeachta gearán a bhunóidh an Ghníomhaireacht de réir *alt 64(1)* agus aon rialacháin faoi *alt 68*, nó

(b) go mbunóidh an soláthraí seirbhíse na nósanna imeachta ar a gcomhaontófar faoi *alt 64(2)* agus go gcloífidh sé nó sí leis na nósanna imeachta sin.

- (2) Ina theannta sin, is coinníoll den socrú sin go gcomhoibreoidh an soláthraí seirbhíse leis an nGníomhaireacht, nó le haon duine dá sannfaidh an Ghníomhaireacht a feidhmeanna faoi *alt 64(4)*, in aon athbhreithniú ar mholadh a bheidh déanta ag oifigeach gearán tar éis gearán i gcoinne an tsoláthraí seirbhíse a imscrúdú.
- (3) Feidhmeoidh an Ghníomhaireacht aon chearta nó leigheasanna a bheidh ar fáil di faoin socrú sin mura gcomhlíonfaidh an soláthraí seirbhíse lena mbaineann aon cheann de na coinníollacha is infheidhme agus a shonraítear i *bhfo-ailt (1)* agus *(2)*.

#### **Rialacháin chun críocha na Coda seo**

**68.** Féadfaidh an tAire nithe a fhorordú, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, chun críocha na Coda seo:

- (a) ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag gearánaigh;
- (b) daoine a cheapadh mar oifigigh gearán agus feidhmeanna oifigeach gearán;
- (c) an nós imeachta a bheidh le leanúint le linn gearáin a imscrúdú;
- (d) oifigigh gearán do dhéanamh moltaí tar éis gearáin a imscrúdú agus cineál na moltaí a údaraítear dóibh, faoi réir *alt 66*, a dhéanamh;
- (e) cur i ngníomh moltaí arna ndéanamh ag oifigigh gearán;
- (f) daoine a cheapadh mar oifigigh athbhreithnithe agus feidhmeanna na n-oifigeach sin;
- (g) an nós imeachta a bheidh le leanúint le linn athbhreithnithe a sheoladh;
- (h) oifigigh athbhreithnithe do dhéanamh moltaí tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar ghearán agus cineál na moltaí a údaraítear dóibh a dhéanamh;
- (i) cur i ngníomh moltaí arna ndéanamh ag oifigigh athbhreithnithe;
- (j) sannadh feidhmeanna ag an nGníomhaireacht faoi *alt 64(4)*.

#### **Gearáin a tharchur chuig an Ombudsman nó chuig an Ombudsman do Leanaí**

- 69.** (1) Ní thoirmistear ná ní choisctear le haon ní sa Chuid seo ar aon duine a bheidh míshásta le moladh nó beart arna dhéanamh mar fhreagra ar ghearán faoin gCuid seo nó le hathbhreithniú faoin gCuid seo an gearán a tharchur chuig an Ombudsman nó chuig an Ombudsman do Leanaí.
- (2) Chun críocha na nAchtanna Ombudsman, 1980 go 2012, agus an Achta um Ombudsman do Leanaí, 2002, measfar, maidir le haon ghníomh a dhéanfaidh soláthraí seirbhíse i ndáil le seirbhís a mbeidh socrú déanta ag an soláthraí seirbhíse ina leith faoi *alt 56* nó *58*, gurb í an Ghníomhaireacht a rinne é.

#### **Áireofar tuarascáil ar ghearáin agus ar athbhreithnithe sa tuarascáil bhliantúil**

- 70.** (1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, mar chuid de thuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta, tuarascáil ghinearálta a chur faoi bhráid an Aire, ar chomhlíonadh a feidhmeanna faoin gCuid seo le linn na bliana roimhe sin, is

tuarascáil ina mbeidh cibé faisnéis is cuí leis an nGníomhaireacht nó a shonróidh an tAire.

(2) Aon soláthraí seirbhíse a mbeidh nós imeachta gearán bunaithe aige nó aici trí chomhaontú leis an nGníomhaireacht, déanfaidh sé nó sí gach bliain, cibé tráth agus ar cibé modh a chinnfidh an Gníomhaireacht, tuarascáil ghinearálta a sholáthar don Gníomhaireacht ar na gearáin a fuair an soláthraí seirbhíse le linn na bliana roimhe sin is tuarascáil ina léireofar—

- (a) an líon iomlán gearán a fuarthas,
- (b) cineál na ngearán,
- (c) an líon gearán a réitíodh ar shlí neamhfhoirmiúil, agus
- (d) toradh aon imscrúduithe ar na gearáin.

(3) Má shannann an Gníomhaireacht a feidhmeanna do dhuine eile faoi *alt 64(4)*, déanfaidh an duine sin gach bliain, cibé tráth agus ar cibé modh a chinnfidh an Gníomhaireacht, tuarascáil ghinearálta a sholáthar don Gníomhaireacht ar na gearáin ar dhéileáil sé nó sí leo agus ar na hathbhreithnithe a sheol sé nó sí le linn na bliana roimhe sin is tuarascáil ina léireofar—

- (a) an líon iomlán gearán agus athbhreithnithe,
- (b) cineál na ngearán agus na n-athbhreithnithe, agus
- (c) toradh na ngearán agus na n-athbhreithnithe.

#### CUID 10

#### AN GHNÍOMHAIREACHT UM THACAÍOCHT TEAGHLAIGH AGUS AN BORD NÁISIÚNTA LEASA OIDEACHAIS A DHÍSCAOILEADH

#### **An Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais a Dhíscaoileadh**

71. An lá bunaithe, díscailtear an Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais.

#### **Feidhmeanna a aistriú chuig an nGníomhaireacht**

72. (1) Déantar an riarachán agus an gnó i dtaca le comhlíonadh aon cheann de na feidhmeanna a aistrítear le *fo-alt (2)* a aistriú chuig an nGníomhaireacht ar an lá bunaithe.

(2) Na feidhmeanna atá dílsithe don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais le halt 10(1) den Acht Oideachais (Leas), 2000, nó faoi, beidh siad, ar an lá bunaithe, arna n-aistriú chuig an nGníomhaireacht.

#### **Comhaltaí d'fhoireann comhlachtaí díscailte a aistriú**

73. (1) Gach duine a bhí, díreach roimh an lá bunaithe, ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann comhlachta dhíscailte, aistrítear é nó í, an lá sin, chuig foireann na

Gníomhaireachta agus tiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta.

- (2) Ach amháin i gcomhréir le haon achtachán nó le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta, aon duine a aistreofar chuig an nGníomhaireacht faoi *fho-alt (1)*, ní bheidh sé nó sí, an lá bunaithe, faoi réir téarmaí agus coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) nó luacha saothair is lú tairbhe ná na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) nó luacha saothair a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an lá bunaithe.
- (3) Maidir le daoine a aistreofar chuig an nGníomhaireacht faoi *fho-alt (1)*, beidh seirbhís roimhe sin le comhlacht díscailte ináirithe chun críocha na nAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007, an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001, an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005, agus na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiamh sna hAchtanna sin.

#### **Maoin agus cearta agus dliteanais comhlachtaí díscailte**

74. (1) Déanfar, ar an lá bunaithe, an mhaoin go léir ar mhaoin í de chuid comhlachta dhíscailte, díreach roimh an lá sin, a aistriú chuig an nGníomhaireacht agus a dhílsiú di gan aon tíolacas ná sannadh.
- (2) Gach ceart agus dliteanas de chuid comhlachta dhíscailte a eascraíonn de bhua aon chonradh, comhaontú nó socrú—
  - (a) arna dhéanamh ag comhlacht díscailte nó thar ceann comhlachta dhíscailte roimh an lá bunaithe, agus
  - (b) atá in éifeacht díreach roimh an lá bunaithe,

déantar iad a aistriú chuig an nGníomhaireacht ar an lá bunaithe.

- (3) Maidir le gach ceart agus dliteanas a aistrítear faoin alt seo, ar é a aistriú nó dá éis, féadfaidh an Gníomhaireacht agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú, nó féadfar agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú i gcoinne na Gníomhaireachta, in ainm na Gníomhaireachta féin.
- (4) Ní gá don Gníomhaireacht fógra faoin aistriú a thabhairt don duine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas chuig an nGníomhaireacht.

#### **Conarthaí arna ndéanamh ag comhlachtaí díscailte a choimeád i bhfeidhm**

75. Gach conradh, comhaontú nó socrú a rinneadh idir comhlacht díscailte nó aon iontaobhaí nó gníomhaire dá chuid ag gníomhú thar a cheann, agus aon duine eile, agus atá i bhfeidhm díreach roimh an lá bunaithe, leanfaidh sé i bhfeidhm agus forléireofar é agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí ainm na Gníomhaireachta ann in ionad ainm an chomhlachta dhíscailte lena mbaineann nó, de réir mar is cuí, a iontaobhaí nó a gníomhaire, agus beidh sé infhorfheidhmithe ag an nGníomhaireacht nó i gcoinne na Gníomhaireachta.

### **Taifid comhlachtaí díscailte**

76. Gach taifead a shealbhóidh comhlacht díscailte díreach roimh an lá bunaithe, beidh sé, an lá sin, arna aistriú chuig an nGníomhaireacht agus, an lá sin agus dá éis, is maoin de chuid na Gníomhaireachta é agus measfar é a bheith i seilbh na Gníomhaireachta.

### **Dliteanas i leith cailteanas a tharlaíonn roimh an lá bunaithe**

77. (1) Déanfar éileamh i leith aon chailteanas nó díobháil a líomhnaítear a bheith fulaingthe ag aon duine de dheasca aon cheann d'fheidhmeanna comhlachta dhíscailte a chomhlíonadh roimh an lá bunaithe a thabhairt, an lá sin agus dá éis, i gcoinne na Gníomhaireachta agus ní i gcoinne an chomhlachta dhíscailte lena mbaineann.

(2) Aon imeachtaí dlí a bheidh ar feitheamh díreach roimh an lá bunaithe ar páirtí iontu comhlacht díscailte leanfar díobh ach an Gníomhaireacht a chur in ionad an chomhlachta dhíscailte lena mbaineann sna himeachtaí, a mhéid a bhaineann siad léi.

(3) Más rud é, roimh an lá bunaithe, go ndearnadh comhaontú idir na páirtithe lena mbaineann mar shocraíocht ar éileamh lena mbaineann *fo-alt (I)* agus nach ndearnadh téarmaí an chomhaontaithe a chur i ngníomh, nó gur tugadh breithiúnas i bhfabhar duine in éileamh den sórt sin ach nach ndearnadh é a fhorfheidhmiú, beidh téarmaí an chomhaontaithe nó an bhreithiúnais, de réir mar a bheidh, a mhéid is infhorfheidhmithe iad i gcoinne comhlachta dhíscailte, infhorfheidhmithe i gcoinne na Gníomhaireachta agus ní i gcoinne an chomhlachta dhíscailte lena mbaineann.

(4) Aon éileamh a dhéanfaidh comhlacht díscailte, nó is cú don chomhlacht díscailte a dhéanamh, i leith aon chailteanas nó díobháil a eascróidh as gníomh nó as mainneachtain aon duine roimh an lá bunaithe, measfar gur éileamh é a rinne an Gníomhaireacht, nó is cú don Gníomhaireacht a dhéanamh, agus féadfaidh an Gníomhaireacht é a shaothrú agus agra a dhéanamh ina leith amhail is dá mba í an Gníomhaireacht a d'fhulaing an cailteanas nó an díobháil.

### **Tagairtí do chomhlachtaí díscailte in achtacháin arna ndéanamh roimh an lá bunaithe**

78. Aon tagairtí (cibé slí ar a mbeidh siad sainráite) do chomhlacht díscailte in aon achtachán nó in aon ionstraim faoi achtachán, forléireofar iad, tar éis an lae bunaithe, mura n-éileoidh an comhthéacs a mhalairt, mar thagairtí don Gníomhaireacht.

### **Cuntais chríochnaitheacha comhlachtaí díscailte**

79. (1) A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí, tar éis an lae bunaithe, cuirfidh an Gníomhaireacht faoi deara cuntais chríochnaitheacha gach comhlachta dhíscailte a ullmhú i leith thréimhse chuntasaíochta, nó i leith an chuid de thréimhse chuntasaíochta, an chomhlachta dhíscailte lena mbaineann dar críoch díreach roimh an lá bunaithe.

(2) Déanfaidh an Gníomhaireacht, a luaithe is féidir, cuntais a ullmhófar de bhun an ailt seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh agus, díreach tar éis an iniúchta, déanfar cóip de na cuntais arna n-iniúchadh amhlaidh agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste orthu a

thíolacadh don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de na cuntais sin agus den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

#### **Tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach comhlachtaí díscailte**

80. (1) Déanfaidh an Gníomhaireacht tuarascáil bhliantúil chríochnaitheach a ullmhú le haghaidh gach ceann de na comhlachtaí díscailte, agus cuirfidh sí an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an lae bunaithe.
- (2) Beidh feidhm ag *fo-ailt (4) go (6) d'alt 13* i ndáil le foilsiú na tuarascála bliantúla críochnaithí.

#### **Forálacha idirthréimhseacha de dhroim feidhmeanna comhlachtaí díscailte a aistriú**

81. Aon ní a bheidh tosaithe ag comhlacht díscailte nó faoi údarás comhlachta dhíscailte agus nach mbeidh tugtha chun críche roimh an lá bunaithe, féadfaidh an Gníomhaireacht é a shaothrú nó a thabhairt chun críche ar an lá bunaithe nó dá éis.

### **CUID 11**

#### **FOIREANN, FEIDHMEANNA ÁIRITHE, ETC. DE CHUID FHEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE A AISTRÍÚ CHUIG AN nGNÍOMHAIREACHT**

#### **Feidhmeanna áirithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a aistriú**

82. (1) Déantar an riarachán agus an gnó i dtaca le comhlíonadh aon cheann de na feidhmeanna a aistrítear le *fo-alt (2)* a aistriú chuig an nGníomhaireacht ar an lá bunaithe.
- (2) Na feidhmeanna atá dílsithe d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis na hachtacháin, nó faoi na hachtacháin, a shonraítear i *Sceideal 1*, beidh siad arna n-aistriú chuig an nGníomhaireacht ar an lá bunaithe.

#### **Fostaithe áirithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a aistriú**

83. (1) Déanfar cibé daoine a ainmneoidh an tAire Sláinte, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, agus a bhí, díreach roimh an lá bunaithe, ina bhfostaithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a aistriú, cibé lá nó laethanta a shonróidh an tAire Sláinte chuige sin, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, chuig an nGníomhaireacht agus tiocfaidh siad chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann na Gníomhaireachta.
- (2) Ach amháin i gcomhréir le haon achtachán nó le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta, aon duine a aistreofar chuig an nGníomhaireacht faoi *fho-alt (1)*, ní bheidh sé nó sí, an lá bunaithe, faoi réir téarmaí agus coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) nó luacha saothair is lú tairbhe ná na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) nó luacha saothair a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an lá bunaithe.



- (3) Maidir le daoine a aistreofar chuig an nGníomhaireacht faoi *fho-alt (1)*, beidh seirbhís roimhe sin le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ináirithe chun críocha na nAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007, an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001, an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005, agus na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiamh sna hAchtanna sin.

#### **Talamh agus maoin eile de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

84. Déanfar, ar an lá bunaithe, an talamh sin go léir agus an mhaoin eile sin go léir ar a gcomhaontóidh an tAire agus an tAire Sláinte, ar mhaoin í de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte díreach roimh an lá sin, a aistriú chuig an nGníomhaireacht agus a dhílsiú di gan aon tíolacas ná sannadh.

#### **Ceartha agus dliteanas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a aistriú**

85. (1) Gach ceart agus dliteanas de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a eascraíonn de bhua aon chonradh, comhaontú nó socrú, nó aon ghealltanas (sainráite nó intuigthe) arna dhéanamh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus gach oibleagáid arna forchur ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de bhua ordú ó chúirt nó ó bhinse roimh an lá bunaithe, beidh siad, a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna a aistreofar faoi *alt 82*, arna n-aistriú chuig an nGníomhaireacht ar an lá bunaithe sin.
- (2) Maidir le gach ceart agus dliteanas a aistrítear le *fo-alt (1)*, ar an aistriú agus dá éis, féadfaidh an Gníomhaireacht agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú ina hainm nó féadfar agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú i gcoinne na Gníomhaireachta ina hainm, agus ní gá don Gníomhaireacht fógra a thabhairt do dhuine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas leis an bhfo-alt sin.

#### **Conarthaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a choimeád i bhfeidhm**

86. (1) Gach conradh, comhaontú nó socrú, a mhéid a bhaineann sé le feidhmeanna a aistrítear faoi *alt 82*, a rinneadh idir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó aon iontaobhaí nó gníomhaire dá cuid ag gníomhú thar a ceann, agus aon duine eile, agus atá i bhfeidhm díreach roimh an lá bunaithe, leanfaidh sé i bhfeidhm agus forléireofar é agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí ainm na Gníomhaireachta ann in ionad ainm Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó, de réir mar is cuí, a hiontaobhaí nó a gníomhaire, agus beidh sé infhorfheidhmithe ag an nGníomhaireacht nó i gcoinne na Gníomhaireachta.
- (2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, i gcás go mbaineann conradh, comhaontú nó socrú le seirbhís a theastaíonn i dtaca le comhlíonadh feidhme a aistrítear faoi *alt 82* agus go mbaineann sé freisin le seirbhís a theastaíonn i dtaca le comhlíonadh feidhme a leanann, tar éis an lae bunaithe, de bheith ina feidhm de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, féadfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Gníomhaireacht comhaontú i scríbhinn go leanfaidh an conradh, an comhaontú nó an socrú sin i bhfeidhm amhail is dá mbeadh ainm na Gníomhaireachta ar áireamh ann i dteannta ainm Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó, de réir mar is cuí, a hiontaobhaí nó a gníomhaire, agus beidh an conradh, an comhaontú nó an socrú lena mbaineann infhorfheidhmithe ag an nGníomhaireacht, nó ina coinne, a mhéid

a theastaíonn an tseirbhís is ábhar don chonradh, don chomhaontú nó don socrú i dtaca le comhlíonadh feidhme a aistrítear faoi *alt 82* agus infhorfheidhmithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó ina coinne, a mhéid a theastaíonn an tseirbhís is ábhar don chonradh, don chomhaontú nó don socrú i dtaca le comhlíonadh feidhme de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

#### **Taifid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

**87.** Gach taifead a shealbhóidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte díreach roimh an lá bunaithe, beidh sé, a mhéid a bhaineann sé le feidhmeanna a aistrítear faoi *alt 82*, arna aistriú ar an lá bunaithe sin chuig an nGníomhaireacht agus, ar an lá bunaithe sin agus dá éis, is maoin de chuid na Gníomhaireachta é agus measfar é a bheith i seilbh na Gníomhaireachta.

#### **Imeachtaí dlí atá ar feitheamh — Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

**88.** Más rud é, díreach roimh an lá bunaithe, go mbeidh imeachtaí dlí ar feitheamh ar páirtí iontu Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus a bhaineann le feidhmeanna dá dtagraítear in *alt 82*, déanfar, ar an lá bunaithe, ainm na Gníomhaireachta a chur in ionad ainm Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sna himeachtaí agus ní rachaidh na himeachtaí sin ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin.

#### **Tarmligin agus fo-tharmligin arna ndéanamh faoin Acht Sláinte, 2004 do leanúint i bhfeidhm**

**89.** (1) Aon tarmligean nó fo-tharmligean a rinneadh faoin Acht Sláinte, 2004 (a leasaíodh leis an Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013) agus a bhaineann le feidhm a aistrítear chuig an nGníomhaireacht faoin Acht seo, leanfaidh sé d'éifeacht a bheith leis i gcás go ndéantar an fostaí ar tarmligeadh nó ar fo-tharmligeadh an fheidhm chuige nó chuici a aistriú chuig an nGníomhaireacht agus go dtagann sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta faoi *alt 83*.

(2) Féadfaidh an Gníomhaireacht tarmligean nó fo-tharmligean dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a leasú nó a chúlghairm.

#### **Tagairtí d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in achtacháin arna ndéanamh roimh an lá bunaithe**

**90.** Aon tagairtí (cibé slí ar a mbeidh siad sainráite) d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in aon achtachán nó in aon ionstraim faoi achtachán, forléireofar iad tar éis an lae bunaithe, a mhéid a bhaineann siad le feidhm a aistrítear chuig an nGníomhaireacht le *halt 82*, mar thagairtí don Gníomhaireacht mura n-éileoidh an comhthéacs a mhalairt.

#### **Forálacha idirthréimhseacha de dhroim feidhmeanna áirithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a aistriú**

**91.** Aon ní a bheidh tosaithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó faoina húdarás agus nach mbeidh tugtha chun críche roimh an lá bunaithe, féadfaidh an Gníomhaireacht, a mhéid a bhaineann sé le feidhm a aistrítear chuig an nGníomhaireacht faoi *alt 82*, é a shaothrú nó a thabhairt chun críche ar an lá bunaithe nó dá éis.

CUID 12

LEASÚ AR AN ACHT UM CHÚRAM LEANAÍ, 1991

**Leasú ar an Acht um Chúram Leanaí, 1991**

92. Leasaítear an tAcht um Chúram Leanaí, 1991, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid VII:

“CUID VIIA

MAOIRSEACHT AR SHEIRBHÍSÍ LUATHBHLIANTA

**Mínithe le haghaidh na Coda seo**

58A. Sa Chuid seo—

tá le ‘Gníomhaireacht’ an bhrí chéanna atá leis san *Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013*;

tá le ‘ealaíona’ an bhrí chéanna atá leis san *Acht Ealaíon, 2003*;

ciallaíonn ‘duine údaraithe’ duine a cheapfar faoi alt 58I chun bheith ina dhuine údaraithe nó ina duine údaraithe chun críocha na Coda seo;

tá le ‘spórt comórtais’ an bhrí chéanna atá leis san *Acht um Chomhairle Spóirt na hÉireann, 1999*;

ciallaíonn ‘seirbhís luathbhlianta’ seirbhís lena soláthraítear—

(a) seirbhís réamhscoile, nó

(b) seirbhís aoise scoile;

ciallaíonn ‘leanbh réamhscoile’ leanbh nach bhfuil sé bliana d’aois slánaithe aige nó aici, agus nach bhfuil ag freastal ar scoil aitheanta;

ciallaíonn ‘seirbhís réamhscoile’ aon réamhscoil, grúpa súgartha, naíolann lae, creis, seirbhís cúraim lae nó seirbhís eile dá samhail a fhónann do leanaí réamhscoile;

tá le ‘scoil aitheanta’ an bhrí chéanna atá leis san *Acht Oideachais, 1998*;

tá le ‘spórt áineasa’ an bhrí chéanna atá leis san *Acht um Chomhairle Spóirt na hÉireann, 1999*;

ciallaíonn ‘clár’ an clár arna bhunú agus arna chothabháil de réir alt 58C;

ciallaíonn ‘leanbh aoise scoile’ leanbh atá ag freastal ar sheirbhís aoise scoile;

ciallaíonn ‘seirbhís aoise scoile’ aon seirbhís luathbhlianta, grúpa súgartha, naíolann lae, creis, seirbhís cúraim lae nó seirbhís eile dá samhail—

(a) a fhónann do leanaí atá rollaithe i scoil aitheanta ina soláthraítear bunoidéachas,

- (b) a sholáthraíonn réimse gníomhaíochtaí ar de chineál forbartha, oideachais agus áineasa iad agus a tharlaíonn lasmuigh d'uaireanta scoile, agus
- (c) a ndéantar an bonn ar a dtugtar rochtain uirthi a chur in iúl go poiblí do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí na leanaí dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú seo,

ach ní fholaíonn sé na seirbhísí sin—

- (i) a sholáthraíonn gníomhaíochtaí a bhaineann leis na nithe seo a leanas agus leo sin amháin—
  - (I) na hEalaíona,
  - (II) obair ógra,
  - (III) spórt comórtais nó áineasa, nó
  - (IV) teagasc,nó
- (ii) a bhfuil foráil reachtúil maidir lena n-íniúchadh ann, roimh thosach feidhme an ailt seo;

tá le 'obair ógra' an bhrí chéanna atá leis san Acht um Obair Ógra, 2001.

### **Rialacháin**

58B. (1) Déanfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna agus leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, rialacháin chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí a fhreastalaíonn ar sheirbhísí luathbhlianta a áirithiú, agus chun forbairt na leanaí sin a chur chun cinn.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfar, le rialacháin—

- (a) aon ní nó rud a fhorordú dá dtagraítear sa Chuid seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú,
- (b) ceanglais a fhorordú maidir le téamh, soilsiú, aerú, glantachas, deisiú agus cothabháil áitreabh ina mbíonn seirbhísí luathbhlianta á seoladh agus maidir leis an trealamh agus na saoráidí a bheidh le soláthar,
- (c) socrú a dhéanamh maidir leis an nGníomhaireacht d'fhorfheidhmiú agus d'fhorghníomhú na rialachán,
- (d) na táillí a fhorordú a bheidh le hóc leis an nGníomhaireacht ag daoine a sheolann seirbhísí luathbhlianta forordaithe faoi chomhair an chostais a bhainfidh le hiniúchtaí faoin gCuid seo,
- (e) an t-íosleibhéal cáilíochtaí a fhorordú le haghaidh aon aicme nó aicmí daoine a bheidh ag obair i seirbhís luathbhlianta, agus
- (f) aon sonraí agus mionsonraí breise a fhorordú is gá i ndáil leis an gclár.

- (3) Féadfar le rialacháin faoin alt seo—
- (a) socrú éagsúil a dhéanamh le haghaidh aicmí éagsúla seirbhísí luathbhlianta,
  - (b) ceanglais éagsúla a fhorordú le haghaidh aicmí éagsúla seirbhísí luathbhlianta,
  - (c) socrú a dhéanamh maidir le díolúintí ó aon fhoráil nó ó aon fhorálacha de na rialacháin le haghaidh aicme shonraithe nó aicmí sonraithe seirbhísí luathbhlianta.

### **An clár**

- 58C. (1) Bunóidh agus cothabhálfaidh an Gníomhaireacht clár ar a dtabharfar an clár seirbhísí luathbhlianta forordaithe (an ‘clár’).
- (2) Beidh sa chlár ainmneacha daoine a sholáthraíonn seirbhísí luathbhlianta forordaithe (‘soláthraithe cláraithe’), seoltaí na n-áitreabh ina soláthraítear na seirbhísí sin, an líon leanaí dá bhfuil cóiríocht i ngach seirbhís, an dáta clárúcháin agus aon mhionsonraí eile a gceanglaítear le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 58B.
- (3) Féadfar an clár a bhunú agus a chothabháil i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach.
- (4) Beidh an clár ar fáil lena iniúchadh ag daoine den phobal, saor in aisce, ag cibé tráthanna agus ar cibé slí a fhorordófar.

### **Clárú**

- 58D. (1) Ní sholáthróidh duine seirbhís luathbhlianta forordaithe mura mbeidh a ainm nó a hainm taifeadta sa chlár mar sholáthraí don tseirbhís sin.
- (2) Déanfaidh soláthraí seirbhíse luathbhlianta forordaithe, nó duine a bheartaíonn seirbhís luathbhlianta forordaithe a sholáthar, iarratas chuig an nGníomhaireacht chun é nó í a chlárú sa chlár.
- (3) Beidh iarratas faoi fho-alt (2) i cibé foirm a bheidh forordaithe agus beidh ag gabháil leis cibé táille a bheidh forordaithe.
- (4) Is é a bheidh i dtréimhse chlárúcháin 3 bliana ón dáta clárúcháin.
- (5) Féadfaidh an Gníomhaireacht, ar iarratas chuige sin chuici ó dhuine atá ag soláthar seirbhís luathbhlianta forordaithe nó a bheartaíonn í a sholáthar—
- (a) an soláthraí lena mbaineann a chlárú,
  - (b) an soláthraí sin a chlárú agus coinníoll nó coinníollacha a chur ag gabháil leis an gclárú sin,
  - (c) diúltú an soláthraí nó an soláthraí beartaithe sin a chlárú.
- (6) Féadfaidh an Gníomhaireacht soláthraí cláraithe a bhaint den chlár.

- (7) I gcás go dtagann an Gníomhaireacht ar an eolas go bhfuil aon sonra atá taifeadta sa chlár mícheart, féadfaidh sí an clár a leasú chun an ní a cheartú.
- (8) Déanfaidh an Gníomhaireacht coinníoll a chur ag gabháil le clárú, clárú a dhiúltú, nó soláthraí cláraithe a bhaint den chlár i gcás gur deimhin léi—
- (a) nach bhfuil an t-áitreabh ina gcuirtear an tseirbhís luathbhlianta fhorordaithe ar fáil, nó ina mbeartaítear í a chur ar fáil, de réir rialacháin arna ndéanamh faoin gCuid seo, nó
- (b) nach bhfuil seoladh na seirbhíse luathbhlianta forordaithe lena mbaineann de réir, nó nach mbeidh sé de réir, na rialachán sin.
- (9) Diúltóidh an Gníomhaireacht iarratasóir a chlárú agus bainfidh sí soláthraí cláraithe den chlár, ar iarratasóir nó soláthraí é nó í—
- (a) a ciontaíodh—
- (i) i gcion faoin gCuid seo, nó
- (ii) in aon chion a fhágann, i dtuairim na Gníomhaireachta, go bhfuil an duine sin neamhfheidhmiúil chun seirbhís den sórt sin a sheoladh nó chun bheith i gceannas ar sheirbhís den sórt sin,
- (b) a mhainnigh, laistigh de 21 lá nó cibé tréimhse bhreise a mheasann an Gníomhaireacht a bheith réasúnach sna himthosca, faisnéis a thabhairt don Gníomhaireacht a d'éiligh an Gníomhaireacht le réasún chun a feidhmeanna faoin gCuid seo a chomhlíonadh, nó a thug go feasach don Gníomhaireacht faisnéis atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, nó
- (c) a rinne, laistigh den 12 mhí roimh an dáta ar a mbeadh éifeacht leis an gclárú nó leis an mbaint den chlár, coinníoll a bhí ag gabháil leis an gclárú lena mbaineann a shárú.
- (10) Déanfaidh an soláthraí cláraithe, 2 mhí ar a laghad roimh dhul in éag don tréimhse chlárúcháin lena mbaineann, iarratas chuig an nGníomhaireacht de réir fho-alt (2) chun é nó í chlárú agus, i gcás nach mbeartaíonn an Gníomhaireacht clárú na seirbhíse luathbhlianta forordaithe lena mbaineann a dhiúltú, nó coinníoll a chur ag gabháil leis, déanfaidh sí an clárú a athnuachan agus is é an dáta clárúcháin an lá tar éis an lae a chuaigh an clárú roimhe sin in éag.
- (11) I gcás go mbeartaíonn an Gníomhaireacht diúltú iarratasóir a chlárú, soláthraí cláraithe a bhaint den chlár, coinníoll a chur ag gabháil le clárú, nó coinníoll atá ag gabháil le clárú a leasú nó a chúlghairm, tabharfaidh sí fógra i scríbhinn don iarratasóir nó don soláthraí cláraithe, de réir mar a bheidh, faoina bhfuil beartaithe aici agus faoi na cúiseanna atá leis.
- (12) Beidh i bhfógra faoi fho-alt (11) ráiteas á rá go bhféadfaidh an duine lena mbaineann, laistigh de 21 lá ón tráth a gheobhaidh sé an fógra—
- (a) uiríll a dhéanamh chuig an nGníomhaireacht, nó

- (b) achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche faoi alt 58F i gcoinne na breithe.
- (13) Aon duine a mbeidh fógra tugtha dó nó di faoina bhfuil beartaithe faoi fho-alt (11), féadfaidh sé nó sí, laistigh de 21 lá ón tráth a gheobhaidh sé nó sí an fógra, uiríll i scríbhinn a dhéanamh chuig an nGníomhaireacht agus déanfaidh an Gníomhaireacht—
- (a) sula dtabharfaidh sí breith ar an ábhar, aon uiríll a bheidh déanta go cuí chuici ag an duine sin a chur i gcuntas, agus
- (b) fógra i scríbhinn faoina breith agus faoi na cúiseanna atá léi a thabhairt don duine laistigh de 21 lá ón tráth a gheobhaidh sí aon uiríll a dhéanfar chuici.
- (14) I gcás go scoirfidh soláthraí cláraithe de sheirbhís luathbhlianta fhorordaithe a sholáthar, cuirfidh an soláthraí sin an scor sin in iúl i scríbhinn don Gníomhaireacht a luaithe is indéanta le réasún.

### **Fógra d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

58E. Aon duine a thug fógra d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, roimh leasú na Coda seo leis an *Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013*, ar an modh a fhorordaítear faoi alt 51 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, measfar, chun críocha na Coda seo, gur soláthraí cláraithe é nó í ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta thosach feidhme an ailt seo.

### **Achomhairc chun na Cúirte Dúiche**

- 58F. (1) Féadfaidh soláthraí cláraithe nó iarratasóir, laistigh de 21 lá ón tráth a gheobhaidh sé nó sí fógra maidir le breith faoi alt 58D, achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche i gcoinne breith ón nGníomhaireacht—
- (a) diúltú an t-iarratasóir a chlárú faoi alt 58D,
- (b) an soláthraí cláraithe a bhaint den chlár, nó
- (c) coinníoll a chur ag gabháil leis an gclárú sin, nó coinníoll atá ag gabháil leis an gclárú sin a leasú nó a chúlghairm.
- (2) Féadfaidh an chúirt, más cuí léi é, breith na Gníomhaireachta faoi alt 58D a dhaingniú nó a ordú don Gníomhaireacht, de réir mar is cuí, iarratasóir a chlárú, clárú soláthraí chláraithe a chur ar ais, coinníoll a chur ag gabháil leis an gclárú lena mbaineann nó coinníoll a ghabhann leis an gclárú lena mbaineann a tharraingt siar nó é a leasú nó a chúlghairm.
- (3) Déanfaidh an breitheamh den Chúirt Dúiche a bheidh sannta de thuras na huairé don dúiche cúirte dúiche ina bhfuil an t-áitreabh ina soláthraíonn an soláthraí cláraithe an tseirbhís luathbhlianta fhorordaithe, nó an t-áitreabh ina mbeartaítear go soláthróidh iarratasóir seirbhís luathbhlianta fhorordaithe, suite, an dlínse a thugtar don Chúirt Dúiche leis an alt seo a fheidhmiú.
- (4) Is breith chríochnaitheach breith ón gCúirt Dúiche faoin alt seo ar cheist fíorais.

### **Dualgas duine a sholáthraíonn seirbhís luathbhlianta**

58G. Beidh sé de dhualgas ar gach duine a sholáthraíonn seirbhís luathbhlianta gach beart réasúnach a dhéanamh chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chaomhnú agus chun rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin gCuid seo a chomhlíonadh.

### **Maoirseacht ar sheirbhísí luathbhlianta**

58H. Cuirfidh an Gníomhaireacht faoi deara go dtabharfar cuairt ó am go ham ar gach seirbhís luathbhlianta fhorordaithe d'fhonn a chinntiú go bhfuil an duine a sheolann an tseirbhís ag comhlíonadh na Coda seo.

### **Daoine údaraithe**

58I. (1) Ceapfaidh an Gníomhaireacht cibé daoine agus cibé líon daoine is cuí léi chun bheith ina ndaoine údaraithe chun críocha na Coda seo.

(2) Tabharfar barántas a cheaptha nó a ceaptha mar dhuine údaraithe do gach duine údaraithe, agus, nuair a bheidh sé nó sí ag feidhmiú aon chumhacht a thugtar do dhuine údaraithe faoin gCuid seo, déanfaidh sé nó sí, má iarrann aon duine dá ndéantar difear air nó uirthi é, an barántas a thabhairt ar aird don duine sin.

### **Iníúchadh ag daoine údaraithe**

58J. (1) Féadfaidh duine údaraithe, gach tráth réasúnach, dul isteach in aon áitreabh ina bhfuil soláthraí cláraithe ag soláthar seirbhís luathbhlianta fhorordaithe chun a chinntiú go gcomhlíontar an Chuid seo.

(2) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, más deimhin leis nó léi, ar fhaisnéis faoi mhionn, go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil seirbhís luathbhlianta fhorordaithe á soláthar in aon áitreabh (lena n-áirítear teaghais phríobháideach) ag duine nach soláthraí cláraithe, barántas a eisiúint á údarú do dhuine údaraithe dul isteach san áitreabh agus é a iniúchadh.

(3) Féadfaidh duine údaraithe a rachaidh isteach in aon áitreabh de réir fho-alt (1) nó (2) cibé scrúdú a dhéanamh is gá chun críocha na Coda seo i dtaobh staid an áitribh agus i dtaobh an chúraim agus na haire atá ag na leanaí san áitreabh sin.

(4) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche a bheidh sannta de thuras na huairé don dúiche cúirte dúiche ina bhfuil an t-áitreabh ina bhfuil an tseirbhís luathbhlianta fhorordaithe á soláthar suite, barántas a eisiúint faoi fho-alt (2).

### **Cionta faoi Chuid VIIA**

58K. (1) Aon duine—

(a) a dhiúltaíonn cead a thabhairt do dhuine údaraithe dul isteach in aon áitreabh de réir fho-alt (1) nó (2) d'alt 58J nó a choisceann nó a bhacann



duine údaraithe i bhfeidhmiú aon cheann dá chumhachtaí faoi fho-alt (3) den alt sin,

(b) a sháraíonn coinníoll i dtaca le clárú faoi alt 58D, nó

(c) a sháraíonn ceanglais na Coda seo nó ceanglais aon rialachán arna ndéanamh fúithi,

beidh sé ciontach i gcion agus dlífeair, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil d'Aicme A a chur air.

(2) I gcás go gciontaítear duine i gcion faoin gCuid seo, féadfaidh an chúirt a dhearbhu le hordú, i dteannta nó in ionad fíneáil a fhorchur, go dtoirmiscfeair ar an duine, ar feadh cibé tréimhse a bheidh sonraithe san ordú, seirbhís luathbhlianta a sheoladh.

(3) Aon duine a sháraíonn ordú arna dhéanamh faoi fho-alt (2), beidh sé ciontach i gcion agus dlífeair, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil d'Aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

#### **Díolúintí ó fhorálacha na Coda seo**

58L. D'fhonn amhras a sheachaint, dearbhaítear, leis seo, nach mbeidh feidhm ag forálacha na Coda seo—

(a) maidir le cúram linbh amháin nó níos mó a ghlactar ar láimh ag gaol de chuid an linbh nó na leanaí nó ag céile an ghaoil sin,

(b) maidir le duine a thugann cúram do leanbh amháin nó níos mó ón teaghlach céanna agus ní do leanaí ar bith eile den sórt sin (seachas leanaí den sórt sin de chuid an duine sin féin) i dteach cónaithe an duine sin,

(c) maidir le duine a thugann cúram do líon leanaí nach mó ná 3 ó theaghlaigh éagsúla (seachas leanaí den sórt sin de chuid an duine sin féin) i dteach cónaithe an duine sin.”.

#### **CUID 13**

#### **ILGHNÉITHEACH**

#### **Ceapacháin, ainmniúcháin agus údaruithe do leanúint i bhfeidhm**

93. Aon duine—

(a) atá ceaptha mar oifigeach leasa oideachais nó mar dhuine údaraithe nó atá ainmnithe mar oifigeach idirchaidrimh faoin Acht Oideachais (Leas), 2000;

(b) is duine atá údaraithe chun feidhmeanna a chomhall faoi alt 12 den Acht Uchtála, 2010;

(c) atá ceaptha mar chomhordaitheoir faoi Acht na Leanaí, 2001;

(d) is oifigeach ainmnithe faoin Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998;

(e) atá ceaptha mar dhuine údaraithe nó mar oifigeach údaraithe faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991,

díreach roimh an achtú, leanann sé nó sí den cheapachán, den ainmniúchán nó den údarú sin a shealbhú go dtí go gcúlghairfidh nó go leasóidh an Gníomhaireacht é.

#### **Rogha ag an nGníomhaireacht tuarascálacha eile a fhoilsiú**

94. (1) Féadfaidh an Gníomhaireacht, de réir mar a mheasann sí is iomchuí agus is cuí, tuarascálacha a ullmhú agus a ghlacadh i dteannta na tuarascála bliantúla ar nithe a bhaineann le gníomhaíochtaí agus feidhmeanna na Gníomhaireachta.

(2) A luaithe is féidir, ach in aon chás tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis tuarascáil a ghlacadh faoi *fho-alt (1)*, cuirfidh an Gníomhaireacht cóip den tuarascáil sin faoi bhráid an Aire.

(3) Déanfaidh an Gníomhaireacht, a luaithe is indéanta tar éis an tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire, tuarascáil arna glacadh faoi *fho-alt (1)* a fhoilsiú—

(a) ar an Idirlíon, nó

(b) ar cibé modh eile a shonróidh an tAire.

#### **Muirir i ndáil le feidhmeanna**

95. (1) D’ainneoin alt 70 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, féadfaidh an Gníomhaireacht, le toiliú an Aire, rialacháin a dhéanamh lena sonrófar cibé muirir a mheasann sí is gá agus is cuí i gcomaoin na nithe seo a leanas—

(a) comhlíonadh a feidhmeanna aici faoi *mhíreanna (a)*, *(b)* agus *(c) d’alt 8(1)*, agus

(b) seirbhísí a sholáthraíonn sí faoi alt 37 den Acht Uchtála, 2010.

(2) Ní shonrófar muirear faoi *fho-alt (1)* i leith seirbhís a sholáthraíonn an Gníomhaireacht do dhuine faoi bhun 18 mbliana d’aois.

(3) Aon mhuirear a bheidh sonraithe i rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)*, féadfar é a laghdú nó a tharscaoileadh más é tuairim na Gníomhaireachta, ag féachaint d’imthosca airgeadais an duine lena mbaineann (lena n-áirítear cibé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe ag an duine sin), gur gá déanamh amhlaidh chun cruatan airgeadais míchuí i ndáil leis an duine sin a sheachaint.

(4) Féadfaidh an Gníomhaireacht aon mhéid atá dlite agus ag dul di faoi *fho-alt (1)* a ghnóthú, mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla, ó aon duine ag a mbeidh sé infíoctha.

#### **Leasú ar an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997**

96. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 896B (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 2010):

“896C. (1) San alt seo—

tá le ‘Achtanna’ an bhrí a shanntar dó le halt 1078(1);

ciallaíonn ‘Gníomhaireacht’ an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

- (2) Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gceann cibé eatramh a shonróidh na Coimisinéirí Ioncaim, cibé faisnéis a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim a bheidh i seilbh na Gníomhaireachta chun críocha Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991, agus is gá chun feidhmeanna na gCoimisinéirí Ioncaim faoi na hAchtanna a chomhlíonadh.”.

#### **Leasuithe iarmhartacha ar Achtanna eile**

97. Leasaítear na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal 2* mar a chuirtear in iúl sa *Sceideal sin*.

*Alt 82.*

## SCEIDEAL 1

### NA FEIDHMEANNA DE CHUID FHEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE A AISTRÍTEAR CHUIG AN nGNÍOMHAIREACHT

An tAcht um Chúram Leanaí, 1991

An tAcht um Fhuadach Leanaí agus Forghníomhú Orduithe Coimeádta, 1991

Acht na nDídeanaithe, 1996

An tAcht Inimirce, 1999

Acht na Leanaí, 2001

An tAcht Inimirce, 2003

An tAcht Uchtála, 2010

An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995

An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996

Alt 93.

## SCEIDEAL 2

### LEASUITHE AR ACHTANNA EILE

#### CUID 1

##### AN TACHT UM CHAOMHNÓIREACHT NAÍÓN, 1964

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 15	I bhfo-alt (2)—  (a) an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):  “(c) gur cothabhladh an leanbh faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi alt 4 (arna leasú le halt 4 den Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 nó faoi chúram na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach.”,  (b) “nó leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur isteach i ndiaidh “go n-focfaidh an tuismitheoir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” agus  (c) “nó ag an bhFeidhmeannacht nó ag an nGníomhaireacht” a chur in ionad “nó ag an mbord sláinte nó ag an bhFeidhmeannacht”.
2.	Alt 16	I mír (b), “, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad “nó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”.

#### CUID 2

##### AN TACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COTHABHÁIL CÉILÍ AGUS LEANAÍ), 1976

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 16	I bhfo-alt (1), “i seirbhís na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach” a chur isteach i ndiaidh “i seirbhís Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.”.

#### CUID 3

##### AN TACHT UM DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH, 1977

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 2	I bhfo-alt (1), an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (k):  “(k) Ard-Stiúrthóir Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun críocha alt 17 den Acht Sláinte, 2004,  (l) príomhoifigeach feidhmiúcháin na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 28 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013.”.

## CUID 4

## AN TACHT UM CHÚRAM LEANAÍ, 1991

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	An tAcht Iomlán	An leagan cuí gramadaí de “An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” gach áit a bhfuil sé.
2.	An tAcht Iomlán	An leagan cuí gramadaí de “Gníomhaireacht” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Feidhmeannacht” gach áit a bhfuil sé.
3.	Alt 2	(a) An míniú ar “limistéar” a scriosadh. (b) An méid seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “Aire”: “ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige.”.
4.	Alt 4	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5): “Aon leanbh ar thóg Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte é nó í faoi chúram faoin alt seo roimh theacht i ngníomh <i>an Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013</i> agus atá faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte díreach roimh lá bunaithe na Gníomhaireachta sin, measfar gur thóg an Ghníomhaireacht é nó í faoi chúram agus go bhfuil sé nó sí faoina cúram ar an agus ón lá sin.”.
5.	Alt 7	(a) An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1): “(1) Bunóidh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach coiste comhairleach um chúram leanaí amháin nó níos mó chun comhairle a thabhairt don Ghníomhaireacht maidir le comhlíonadh a feidhmeanna faoin Acht seo agus breithneoidh an Ghníomhaireacht agus tabharfaidh sí aird ar aon chomhairle a thairgfear di ahlaidh. (1A) Aon choiste comhairleach um chúram leanaí a bunaíodh, roimh an alt seo a leasú leis <i>an Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013</i> , le haghaidh limistéar feidhme de chuid na Feidhmeannachta agus a bhí ar marthain díreach roimh bhunú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, measfar gurb í an Ghníomhaireacht a bhunaigh é i gcomhlíonadh fho-alt (1) den alt seo.”. (b) An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5A) agus (5B) (a cuireadh isteach le halt 75 den Acht Sláinte, 2004): “(5A) Aon treoracha a bheidh tugtha ag an Aire Sláinte i ndáil le coistí comhairleacha um chúram leanaí agus atá ar marthain díreach roimh lá bunaithe na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, beidh feidhm acu, faoi réir leasú nó chúlghairm na dtreoracha sin faoi fho-alt (5B), maidir le coistí comhairleacha um chúram leanaí a bheidh bunaithe, nó a mheastar a bheith bunaithe, ag an nGníomhaireacht, mura n-ordaíonn an tAire a mhalairt. (5B) Féadfaidh an tAire treoracha arna dtabhairt i ndáil le coistí comhairleacha um chúram leanaí a leasú nó a chúlghairm.”. (c) I bhfo-alt (6), “le haghaidh limistéar feidhme de chuid na Feidhmeannachta” a scriosadh. (d) I bhfo-alt (7), “i limistéar feidhme de chuid na Feidhmeannachta” a scriosadh.
6.	Alt 8	(a) An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1): “(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach— (a) tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis lá bunaithe na Gníomhaireachta, an tuarascáil a ullmhú a gceanglófaí, murach an leasú a dhéantar ar an alt seo leis <i>an Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013</i> , ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a ullmhú faoin alt seo, agus (b) go bliantúil ina dhiaidh sin tuarascáil a ullmhú maidir

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>le dóthanacht na seirbhísí cúraim leanaí agus tacaíochta teaghlaigh atá ar fáil.”</p> <p>(b) An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3)—</p> <p>“(3) Tabharfaidh an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach fógra faoi thuarascáil a ullmhú faoi fho-alt (1)—</p> <p>(a) do gach coiste comhairleach um chúram leanaí, agus</p> <p>(b) do cibé comhlachtaí is cuí leis an nGníomhaireacht ar ceann dá gcríocha seirbhísí cúraim leanaí agus tacaíochta teaghlaigh a sholáthar,</p> <p>agus tabharfaidh sí aird ar aon tuairimí nó faisnéis a thabharfaidh na coistí nó na comhlachtaí sin le linn an tuarascáil a ullmhú.”</p>
7.	Alt 9	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):</p> <p>“(2) Ní dhéanfar le haon ní san <i>Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013</i> an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a chumhachtú chun an dualgas a chuirtear uirthi faoi alt 4 leanaí áirithe a ghlacadh faoi chúram ná an chumhacht chun iarratas a dhéanamh ar ordú faoi Chuid III, IV, IVA (arna leasú leis an Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2011) nó VI a tharmligean chuig comhlacht saorálach ná chuig aon duine eile.”</p>
8.	Alt 12	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):</p> <p>“(5) I gcás gur tugadh leanbh ar lámh sábhála de réir fho-alt (1) den alt seo nó alt 254(4) d’Acht na Leanaí, 2001 agus nach dtugtar an leanbh suas do choimeád Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte roimh lá bunaithe na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach—</p> <p>(a) déanfar an leanbh a thabhairt suas do choimeád na Gníomhaireachta a luaithe is indéanta, agus</p> <p>(b) tá feidhm ag fo-alt (4) den alt seo i ndáil leis an leanbh amhail is dá dtabharfaí an leanbh suas don Gníomhaireacht de réir fho-alt (3) den alt seo.”</p>
9	Alt 20	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):</p> <p>“(5) I gcás gur tugadh treoir d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte imscrúdú a dhéanamh faoi imthosca linbh agus nach ndearnadh an t-imscrúdú nó nach mbeidh na nithe go léir a bhaineann leis an imscrúdú nó a eascraíonn as, tugtha chun críche roimh lá bunaithe na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach—</p> <p>(a) measfar, maidir le haon treoir a bheidh tugtha ag an gcúirt faoin alt seo d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i leith an linbh lena mbaineann, gur don Gníomhaireacht a tugadh í,</p> <p>(b) féadfaidh an Gníomhaireacht an t-imscrúdú a chur i gcrích, agus</p> <p>(c) tá feidhm ag fo-alt (3) agus (4) amhail is dá mbeadh an t-imscrúdú go léir déanta agus curtha i gcrích ag an nGníomhaireacht.”</p>
10.	Alt 23B	<p>(a) An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):</p> <p>“(4) D’ainneoin fho-alt (3) agus faoi réir fho-alt (5), féadfaidh an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, chun críocha na Coda seo, socrú a dhéanamh le duine faoi alt 58 den <i>Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013</i> (a bhaineann le socrúithe le soláthraithe seirbhíse) i leith an duine sin do sholáthar cúram speisialta agus i leith aonad cúraim speisialta a sholáthar, a chothabháil agus a riaradh.”</p> <p>(b) I bhfo-alt (5), “alt 58 den <i>Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013</i>” a chur in ionad “alt 38 (arna leasú le hAcht 2007) den Acht Sláinte 2004”.</p>
11.	Alt 23F	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (12):</p> <p>“(12) I gcás gur thionóil Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte</p>

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		comhdháil leasa teaghlaigh i leith linbh de bhun fho-alt (5) agus nach bhfuil cinneadh déanta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de bhun fho-alt (7) roimh bhunú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, measfar chun críocha an ailt seo gurb í an Gníomhaireacht sin a thionól an chomhdháil.”.
12.	Alt 23P	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):  “(3) Measfar go bhfuil fo-alt (1) comhlíonta ag aon duine a dhéanfaidh socrú cúraim altrama phríobháidigh a shocrú nó a ghabháil de lámh agus a mbeidh an fhaisnéis a theastaigh ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis an socrú nó maidir leis an ngabháil de lámh curtha faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte aige nó aici roimh bhunú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach.”.
13	Alt 37	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):  “(2) Féadfaidh aon duine atá míshásta le socrúithe arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach faoi fho-alt (1) nó (1A) nó ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi na fo-ailt sin roimh bhunú na Gníomhaireachta sin iarratas a dhéanamh chun na cúirte agus féadfaidh an chúirt—  (a) cibé ordú a dhéanamh is cuí léi maidir le rochtain chuig an leanbh ag an duine sin, agus  (b) an t-ordú sin a athrú nó a urscaoileadh ar iarratas ó aon duine.”.
14.	Alt 43	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):  “(1) Féadfaidh an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, de réir aon rialacháin arna ndéanamh ag an Aire, leanbh atá faoina cúram a aistriú ó choimeád aon duine lenar suíodh an leanbh faoi alt 36 roimh lá bunaithe na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach.”.
15.	Alt 46	An méid seo a leanas a chur isteach in ndiaidh fho-alt (2):  “(2A) Aon iarraidh a bheidh déanta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chuig an nGarda Síochána faoi fho-alt (2) roimh bhunú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, measfar gurb í an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a rinne í mura mbeidh an leanbh a ndearnadh an iarraidh ina leith tugtha suas d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte roimh lá bunaithe na Gníomhaireachta.”.
16.	Alt 59	Déantar—  (a) sa mhíniú ar “ionad cónaithe do leanaí”, “faoi chúram na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad “faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” agus “ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad “ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”, agus  (b) an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “clár”:  “ciallaíonn ‘clár’ clár d’ionaid chónaithe do leanaí a bheidh bunaithe, nó a mheastar a bheith bunaithe, ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach faoi alt 61, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;”.
17.	Alt 61	(a) An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):  “(1) Bunóidh an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus cothabhálfaidh sí clár de sheirbhísí cónaithe do leanaí.  (1A) Chun críocha fho-alt (1), maidir le gach clár d’ionaid chónaithe do leanaí arna bhunú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte roimh lá bunaithe na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, measfar gurb í an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a bhunaigh é agus cothabhálfaidh an Gníomhaireacht é.”.  (b) An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (3)(c):  “(c) Aon iarratas ar chlárú a bheidh déanta chuig



Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte roimh bhunú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, measfar gur chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a rinneadh é mura rud é, roimh lá bunaithe na Gníomhaireachta, gur chláraigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an t-ionad ar i ndáil leis a rinneadh an t-iarratas nó gur dhiúltaigh sé é a chlárú.”</p> <p>(c) I bhfo-alt (6A), “leis an Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013” a chur in ionad “leis an Acht Sláinte, 2004” agus “an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”.</p>
18.	Alt 65	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):</p> <p>“(3) Aon fhógra a bheidh tugtha d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte roimh lá bunaithe na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach de réir fho-alt (1), measfar gur don Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach a tugadh é.”.</p>

### CUID 5

#### AN TACHT UM FHUADACH LEANAÍ AGUS FORGHNÍOMHÚ ORDUITHE COIMEÁDTA, 1991

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	An tAcht Iomlán	An leagan cuí gramadaí de “an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” gach áit a bhfuil sé.

### CUID 6

#### AN TACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1995

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 47(1)(b)	I bhfo-alt (1)(b) an leagan cuí gramadaí de “an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” gach áit a bhfuil sé.

### CUID 7

#### AN TACHT UM FHORÉIGEAN BAILE, 1996

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	An tAcht Iomlán	An leagan cuí gramadaí de “an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” gach áit a bhfuil sé.

## CUID 8

## ACHT NA nDÍDEANAITHE, 1996

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	An tAcht Iomlán	An leagan cúí gramadaí de “an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” gach áit a bhfuil sé.

## CUID 9

## AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 1997

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 2	(a) I bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “stiúrthóir”, “, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad “nó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”.  (b) I bhfo-alt (1) i mír (ix) den mhíniú ar “faisnéis phearsanta”, “d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad “d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”.
2.	Alt 15	I bhfo-alt (2), an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (c) agus (d):  “(c) i gcás Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, 6 mhí tar éis an lae bunaithe,  (d) i gcás na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, 6 mhí tar éis lá bunaithe an chomhlachta sin, agus  (e) i gcás gur comhlacht arna fhorordú faoi alt 3 chun críocha fho-mhír (5) de mhír (1) den Chéad Sceideal an comhlacht, ar an bhforordú sin.”.
3.	Alt 16	I bhfo-alt (2), an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (c) agus (d):  “(c) i gcás Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, 6 mhí tar éis an lae bunaithe,  (d) i gcás na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, 6 mhí tar éis lá bunaithe an chomhlachta sin, agus  (e) i gcás gur comhlacht arna fhorordú faoi alt 3 chun críocha fho-mhír (5) de mhír (1) den Chéad Sceideal an comhlacht, ar an bhforordú sin.”.
4.	An Chéad Sceideal	I mír 1(4), “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”.
5.	An Tríú Sceideal, Cuid 1	An méid seo a leanas a chur isteach:  (a) i gcolún (2):  “ <i>An tAcht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013</i> ”,  agus os coinne an mhéid sin a chuirtear isteach:  (b) i gcolún (3) “ <i>alt 40</i> ”.

CUID 10

AN TÁCHT UM CHOSAINTÍ DO DHAOINE A THUAIRISCEOIDH DROCHÚSÁID LEANAÍ, 1998

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 1	An méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “oifigeach ainmnithe”:  “ciallaíonn ‘oifigeach ainmnithe’ fostaí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 2 den Acht seo chun bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach ainmnithe chun críocha an Achta seo.”.
2.	Alt 2	An méid seo a leanas a chur in ionad alt 2:  “2. (1) Déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ó am go ham de réir mar is gá sa chás (lena n-áirítear cás ina dtabharfar ordachán faoin alt seo), fostaí amháin nó níos mó de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, de réir mar a bheidh, a cheapadh chun bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach ainmnithe nó ina n-oifigigh ainmnithe chun críocha an Achta seo; le linn aon cheapachán den sórt sin a dhéanamh comhlíonfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach aon ordachán faoin alt seo a bheidh i bhfeidhm de thuras na huairé.  (2) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Sláinte, ordachán a thabhairt i scríbhinn d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó féadfaidh an tAire ordachán a thabhairt i scríbhinn don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, á cheangal uirthi gach duine a thig faoi earnáil nó earnálacha fostaíthe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach a shonraítear san ordachán a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh ainmnithe.  (3) Féadfaidh an tAire ordachán a thabhairt i scríbhinn d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ag leasú nó ag cúlghairm ordacháin arna thabhairt di faoin alt seo (lena n-áirítear ordachán faoin bhfo-alt seo).”.

CUID 11

AN TÁCHT OIDEACHAIS, 1998

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 2	I bhfo-alt (1), sa mhíniú ar scoil, “nó ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach de réir an Achta um Chúram Leanaí, 1991” a chur in ionad “nó an Achta um Chúram Leanaí, 1991”.
2.	Alt 6	I mír (g), “an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach,” a chur isteach i ndiaidh “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,”.
3.	Alt 29 (a leasaíodh leis an Acht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007)	I bhfo-alt (4E), “an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad “an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais”.
4.	Alt 33	I mír (j)(iii), “agus leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur isteach i ndiaidh “le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”.

## CUID 12

## AN tACHT INIMIRCE, 1999

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 5 (arna leasú le halt 75 den Acht Sláinte, 2004)	I bhfo-alt (4)(c), “don Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad “d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”.

## CUID 13

## AN tACHT OIDEACHAIS (LEAS), 2000

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	An tAcht Iomlán	An leagan cuí gramadaí de “An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Bord” gach áit a bhfuil sé.
2.	Alt 2	Na mínithe ar “an Bord” agus “Príomh-Fheidhmeannach” a scriosadh.
3.	Alt 14	“, ar thosach feidhme an ailt seo, ” a scriosadh.
4.	Alt 25	Fo-alt (8) a scriosadh.

## CUID 14

## ACHT NA LEANAÍ, 2001

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	An tAcht Iomlán	An leagan cuí gramadaí de “An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” gach áit a bhfuil sé.
2.	Cuid 2	<p>Tar éis alt 15A (arna leasú le halt 72 den Acht Sláinte, 2004) an méid seo a leanas a chur isteach:</p> <p><b>“Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann leis an Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013</b></p> <p>15B. (1) San alt seo, aon tagairt d’fhoráil den Acht seo, is tagairt í don fhoráil sin mar a bhí sí sular leasaíodh í leis <i>an Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013</i>.</p> <p>(2) Más rud é, maidir le comhdháil leasa teaghlaigh a tionóladh faoi alt 7 thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nach mbeidh a feidhmeanna curtha i gcrích aici roimh lá bunaithe na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, measfar gur comhdháil í arna tionól ag an nGníomhaireacht nó thar ceann na Gníomhaireachta.</p> <p>(3) Más rud é, maidir le hordachán arna thabhairt ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi alt 7(3) do chomhdháil leasa teaghlaigh, nach mbeidh sé comhlíonta roimh lá bunaithe na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, measfar gurb í an Gníomhaireacht a thug an t-ordachán.</p> <p>(4) I gcás go mbeidh moladh déanta, nó go mbeidh ní tarchurtha chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ag comhdháil leasa teaghlaigh faoi alt 8 agus nach mbeidh na nithe go léir a bhaineann le himeachtaí na comhdhála maidir leis an leanbh lena mbaineann, nó a eascraíonn astu, tugtha chun críche faoin Acht seo nó faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 roimh lá bunaithe na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, measfar chun críocha an Achta seo agus an Achta um Chúram Leanaí, 1991 gur chuig an nGníomhaireacht a rinneadh an moladh nó a tarchuireadh an ní.”.</p>

CUID 15

AN TACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 2	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (g) sa mhíniú ar “údarás poiblí”:  “(g) an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach arna bunú faoi alt 7 den <i>Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach</i> , 2013, agus  (h) cibé comhlacht eile a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire chun críocha aon fhorála den Acht seo.”.
2.	Alt 13	I bhfo-alt (1), an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (i):  “(i) gur duine a bheidh fostaithe ag údarás áitiúil, ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach é nó í, agus nach sealbhóir é nó í ar aicme, tuairisc nó grád fostaíochta a bheidh ainmnithe le hordú faoi alt 161(1)(b) nó le hordú a mheastar a rinneadh faoin alt sin, nó”.
3.	Alt 85	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):  “(7) Ní dochar an t-alt seo d’alt 8 den Acht Sláinte, 2004 nó d’alt 10 den <i>Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach</i> , 2013, agus ní dhéanfar comhaontú faoin alt seo in aon chás ina bhféadfaí comhaontú a dhéanamh faoi cheachtar de na hailt sin.”.

CUID 16

AN TACHT UM CHIONTÓIRÍ GNÉIS, 2001

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 25 (a leasaíodh le halt 75 den Acht Sláinte, 2004)	I bhfo-alt (1), i mír (e) den mhíniú ar “obair Stáit nó seirbhís”, “nó den Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur isteach i ndiaidh “d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”.

CUID 17

AN TACHT UM OBAIR ÓGRA, 2001

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 20	I bhfo-alt (2)(b)(iv), “An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”.

CUID 18

AN TACHT INIMIRCE, 2003

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 5 (a leasaíodh le halt 75 den Acht Sláinte, 2004)	I bhfo-alt (2)(d), “don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad “d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte”.
2.	Alt 8 (a leasaíodh le halt 75 den Acht Sláinte, 2004)	I bhfo-alt (4), “an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach,” a chur isteach i ndiaidh “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.”.

## CUID 19

## AN TACHT SLÁINTE, 2004

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 10A (a cuireadh isteach le halt 6 den Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013)	Trí fho-alt (2) a scriosadh.
2.	Alt 31	<p>(a) I bhfo-alt (8), trí “déanfaidh an tAire—” a chur in ionad “déanfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige—”.</p> <p>(b) Tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):</p> <p>“(9) Féadfaidh an tAire a ordú don Fheidhmeannacht plean seirbhíse arna chur isteach faoin alt seo a leasú más rud é, i dtuairim an Aire—</p> <p>(a) nach bhfuil sa phlean aon fhaisnéis a cheanglaítear a bheith sa phlean seirbhíse de bhun fho-alt (4),</p> <p>(b) nach gcomhlíonann an plean fo-alt (4) ar shlí éigin eile,</p> <p>(c) gur ullmhaigh an Fheidhmeannacht an plean gan dóthain aird a thabhairt ar na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (5), nó</p> <p>(d) nach bhfuil an plean de réir bheartais agus chuspóirí an Aire nó an Rialtais a mhéid a bhaineann na beartais agus na cuspóirí sin le feidhmeanna na Feidhmeannachta agus a cuireadh in iúl i scríbhinn don Fheidhmeannacht iad roimh thús na tréimhse sonraithe.”.</p>
3.	Alt 32(5)	I bhfo-alt (5), trí “féadfaidh an tAire—” a chur in ionad “féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige—”.
4.	Alt 37(2)(g)	Trí “nó a shonróidh an tAire” a chur in ionad “nó a shonróidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.”.
5.	Alt 40B	<p>(a) I bhfo-alt (1)—</p> <p>(i) i mír (b)(ii) trí “Aire.” a chur in ionad “Aire, agus” agus</p> <p>(ii) trí mhír (c) a scriosadh.</p> <p>(b) I bhfo-alt (2), trí “, i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige,” a scriosadh i ndiaidh “Féadfaidh an tAire”.</p>
6.	Alt 40C	<p>(a) Trí fho-alt (1A) a scriosadh.</p> <p>(b) I bhfo-alt (2), trí “nó don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige” a scriosadh i ndiaidh “don Aire”.</p> <p>(c) I bhfo-alt (3), trí “nó don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige” a scriosadh i ndiaidh “don Aire”.</p> <p>(d) I bhfo-alt (4)(a), trí “nó don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige” a scriosadh i ndiaidh “don Aire”.</p>
7.	Alt 40D	<p>(a) Trí fho-alt (1A) a scriosadh.</p> <p>(b) I bhfo-alt (2), trí “chun go ndéanfadh an tAire faisnéis nó doiciméid a thabhairt faoin gCuid seo do dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)” a chur in ionad “chun go ndéanfadh an tAire nó an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige faisnéis nó doiciméid a thabhairt faoin gCuid seo do dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó, de réir mar a bheidh, i bhfo-alt (1A)”.</p> <p>(c) I bhfo-alt (3), trí “chun a thoirmeasc ar an Aire faisnéis nó doiciméid a thabhairt faoin gCuid seo do dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)” a chur in ionad “chun a thoirmeasc ar an Aire nó ar an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige faisnéis nó doiciméid a thabhairt faoin gCuid seo do dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó, de réir mar a bheidh, i bhfo-alt (1A)”.</p>

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		(d) I bhfo-alt (4)(a), trí “chun a thoirmeasc ar an Aire faisnéis nó doiciméid arna n-ullmhú i ndáil le himeachtaí den sórt sin, nó arna dtabhairt i bhfianaise in imeachtaí den sórt sin, a thabhairt faoin gCuid seo do dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)” a chur in ionad “chun a thoirmeasc ar an Aire nó ar an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige faisnéis nó doiciméid arna n-ullmhú i ndáil le himeachtaí den sórt sin, nó arna dtabhairt i bhfianaise in imeachtaí den sórt sin, a thabhairt faoin gCuid seo do dhuine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó, de réir mar a bheidh, i bhfo-alt (1A)”.
8.	Alt 40E	Trí fho-alt (1A) a scriosadh.
9.	Alt 40F	(a) Trí “le cumhacht an Aire” a chur in ionad “le cumhacht an Aire nó an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige”.  (b) Trí “d’fheidhmeanna na Feidhmeannachta ná d’fheidhmeanna an Aire” a chur in ionad “d’fheidhmeanna na Feidhmeannachta, d’fheidhmeanna an Aire ná d’fheidhmeanna an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige”.

## CUID 20

### AN TACHT SLÁINTE, 2007

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	Alt 2	I bhfo-alt (1)—  (a) an míniú seo a leanas a chur isteach:  “ciallaíonn ‘Gníomhaireacht’ an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach arna bunú faoin <i>Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013;</i> ”,  (b) an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “lárionad ainmnithe”:  “ciallaíonn ‘lárionad ainmnithe’ foras—  (a) ina ndéanann an Fheidhmeannacht, an Ghníomhaireacht, soláthraí seirbhíse faoin Acht seo nó duine nach soláthraí seirbhíse ach a fhaigheann cúnaimh faoi alt 39 den Acht Sláinte, 2004 seirbhísí cónaithe a sholáthar—  (i) de réir an Achta um Chúram Leanaí, 1991,  (ii) do dhaoine faoi mhíchumas, i ndáil lena míchumais, nó  (iii) do dhaoine cleithiúnacha eile, i ndáil lena gcleithiúnais,  nó  (b) is aonad cúraim speisialta,  (c) is teach banaltrais mar a mhínítear in alt 2 den Acht Sláinte (Tithe Banaltrais), 1990, ach ní fholáíonn sé aon cheann díobh seo a leanas:  (i) lárionad arna chlárú ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte;  (ii) foras arna bhainistiú ag Aire den Rialtas nó thar a cheann nó thar a ceann;  (iii) an chuid sin d’fhoras a bhfuil formhór na ndaoine atá faoi chúram agus á gcothabháil inti ag fáil cóireáil le haghaidh géarthinnis nó a bhfuil cúram maolaitheach á thabhairt dóibh inti;

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(iv) foras a úsáidtear go príomha chun gníomhaíochtaí oideachais, cultúrtha, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiceacha a sholáthar;</p> <p>(v) scoil choinneála leanaí mar a mhínítear in alt 3 d’Acht na Leanaí 2001;”,</p> <p>(c) an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “soláthraí seirbhíse”:</p> <p>“ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse’ duine—</p> <p>(a) a dhéanann socrú faoi alt 38 den Acht Sláinte, 2004 chun seirbhís sláinte nó seirbhís shóisialta phearsanta a sholáthar thar ceann na Feidhmeannachta,</p> <p>(b) atá ag fáil cúnamh faoi alt 39 den Acht Sláinte, 2004 i méid is mó ná méid atá forordaithe chun críche na fomhíre seo, nó</p> <p>(c) is soláthraí seirbhíse faoin <i>Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013</i>;”.</p>
2	Alt 8	<p>(a) I bhfo-alt (1)—</p> <p>(i) an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (a) agus (b) d’fho-alt (1):</p> <p>“(1) Is iad seo a leanas feidhmeanna an Údaráis:</p> <p>(a) faoi réir an Achta seo agus a mhéid is féidir, cuspóir an Údaráis a chur ar aghaidh;</p> <p>(b) caighdeáin a leagan síos maidir le sábháilteacht agus cáilíocht—</p> <p>(i) i ndáil le seirbhísí arna soláthar ag an bhFeidhmeannacht, ag an nGníomhaireacht nó ag soláthraí seirbhíse—</p> <p>(I) de réir na nAchtanna Sláinte, 1947 go 2011, seachas seirbhísí faoi na hAchtanna Meabhair-Shláinte, 1945 go 2009 atá á soláthar ag an bhFeidhmeannacht faoin Acht Sláinte, 2004,</p> <p>(II) de réir na nAchtanna um Chúram Leanaí, 1991 go 2013,</p> <p>(III) de réir Acht na Leanaí, 2001,</p> <p>agus</p> <p>(ii) i ndáil le seirbhísí arna soláthar ag teach banaltrais mar a mhínítear in alt 2 den Acht Sláinte (Tithe Banaltrais), 1990,</p> <p>is seirbhísí dá ngairtear na “seirbhísí” san alt seo, agus comhairle a thabhairt don Aire, don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, don Gníomhaireacht agus don Fheidhmeannacht de réir mar is cuí i ndáil leis an tseirbhís áirithe a leagtar síos na caighdeáin ina leith.”</p> <p>(ii) i mír (c) “agus na Gníomhaireachta” a chur isteach i ndiaidh “de chuid na Feidhmeannachta” agus “don Aire, don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, don Fheidhmeannacht agus don Gníomhaireacht dá réir sin;” a chur in ionad “don Aire agus don Fheidhmeannacht dá réir sin;”,</p> <p>(iii) i mír (e) “nó ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige” a chur isteach i ndiaidh “ón Aire”, “nó an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige” a chur isteach i ndiaidh “le ceadú an Aire” agus “don Fheidhmeannacht agus don Gníomhaireacht;” a chur in ionad “don Fheidhmeannacht;”,</p> <p>(iv) i mír (j) “don Aire, don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, don Fheidhmeannacht agus don Gníomhaireacht” a chur in ionad “don Aire agus don Fheidhmeannacht”,</p>



Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(v) i mír (k) “don Fheidhmeannacht, don Ghníomhaireacht agus do sholáthraithe seirbhíse” a chur in ionad “don Fheidhmeannacht agus do sholáthraithe seirbhíse”,</p> <p>(v) i mír (l) “don Aire, don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, don Fheidhmeannacht agus don Ghníomhaireacht” a chur in ionad “don Aire agus don Fheidhmeannacht”,</p> <p>(b) I bhfo-alt (2)(c) “don Fheidhmeannacht agus don Ghníomhaireacht,” a chur in ionad “don Fheidhmeannacht.”</p> <p>(c) I bhfo-alt (4) “mar a mhínítear in <i>alt 2(I)</i>, an Fheidhmeannacht nó an Ghníomhaireacht.” a chur in ionad “mar a mhínítear in <i>alt 2(I)</i> nó an Fheidhmeannacht.”</p>
3.	Alt 9	<p>(a) I bhfo-alt (1), an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):</p> <p>“(b) go mb’fhéidir go bhfuil an baol ann de dheasca aon ghnímh, mainneachtain gníomhú nó faillí—</p> <p>(i) ag an bhFeidhmeannacht,</p> <p>(ii) ag an nGníomhaireacht,</p> <p>(iii) ag soláthraí seirbhíse lena mbaineann mír (a) nó (b) den mhíniú ar sholáthraí seirbhíse,</p> <p>(iv) ag soláthraí seirbhíse lena mbaineann mír (c) den mhíniú ar sholáthraí seirbhíse,</p> <p>(v) ag soláthraí cláraithe lárionaid ainmnithe lena mbaineann míreanna (a)(ii), (iii) nó (c) den mhíniú ar lárionad ainmnithe,</p> <p>(vi) ag soláthraí cláraithe lárionaid ainmnithe lena mbaineann míreanna (a)(i) nó (b) den mhíniú ar lárionad ainmnithe,</p> <p>(vii) ag an duine atá i bhfeighil lárionad ainmnithe dá dtagraítear i bhfomhír (v), i gcás gur duine eile seachas soláthraí cláraithe an lárionaid ainmnithe é nó í an duine sin,</p> <p>(viii) ag an duine atá i bhfeighil lárionad ainmnithe dá dtagraítear i bhfomhír (vi), i gcás gur duine eile seachas soláthraí cláraithe an lárionaid ainmnithe é nó í an duine sin.”</p> <p>(b) An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):</p> <p>“(2) Féadfaidh an tAire, má chreideann sé nó sí ar fhorais réasúnacha—</p> <p>(a) go bhfuil baol tromfaí den sórt a luaitear i mír (a) d’fho-alt (1) ann, agus</p> <p>(b) go mb’fhéidir go bhfuil an baol ann de dheasca aon ghnímh, mainneachtana nó faillí den sórt a luaitear i mír (b)(i), (iii), (v) nó (vii) d’fho-alt (1),</p> <p>a cheangal ar an Údarás imscrúdú a ghabháil de lámh de réir an ailt seo.</p> <p>(2A) Féadfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, má chreideann sé nó sí ar fhorais réasúnacha—</p> <p>(a) go bhfuil baol tromfaí den sórt a luaitear i mír (a)(i) d’fho-alt (1) ann, agus</p> <p>(b) go mb’fhéidir go bhfuil an baol ann de dheasca aon ghnímh, mainneachtana nó faillí den sórt a luaitear i mír (b)(ii), (iv), (vi) nó (viii) d’fho-alt (1),</p> <p>a cheangal ar an Údarás imscrúdú a ghabháil de lámh de réir an ailt seo.”</p>
4.	Alt 10	<p>I bhfo-alt (2), “na caighdeáin bheartaithe a chur faoi bhráid an Aire lena gceadú agus, i gcás go mbaineann na caighdeáin le seirbhísí arna soláthar faoin <i>Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013</i>, ní cheadóidh</p>

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		an tAire na caighdeáin bheartaithe gan toiliú an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige” a chur in ionad “na caighdeáin bheartaithe a chur faoi bhráid an Aire lena gceadú”.
5.	Alt 12	(a) “ar an bhFeidhmeannacht, ar an nGníomhaireacht nó ar sholáthraí seirbhíse” a chur in ionad “ar an bhFeidhmeannacht nó ar sholáthraí seirbhíse”.  (b) “ag an bhFeidhmeannacht, ag an nGníomhaireacht nó ag soláthraí seirbhíse” a chur in ionad “ag an bhFeidhmeannacht nó ag an soláthraí seirbhíse”.
6.	Alt 39	I bhfo-alt (1)(a), “don Fheidhmeannacht, don Gníomhaireacht nó do sholáthraí seirbhíse” a chur in ionad “don Fheidhmeannacht nó do sholáthraí seirbhíse”.
7.	Alt 41	I bhfo-alt (1), an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):  “(a) iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh fheidhmeanna na Feidhmeannachta ag an bhFeidhmeannacht faoi alt 10 den Acht Sláinte (Tithe Banaltrais), 1990, agus ar chomhlíonadh fheidhmeanna na Gníomhaireachta ag an nGníomhaireacht faoi ailt 39 go 42 agus 53 den Acht um Chúram Leanaí, 1991.”.
8.	Alt 45	(a) An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):  “(1) Féadfaidh an tAire, le hordachán i scríbhinn, a cheangal ar an bhFeidhmeannacht iniúchtaí a sheoladh ar thithe banaltrais mar a mhíntear in alt 2 den Acht Sláinte (Tithe Banaltrais), 1990 agus féadfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, le hordachán i scríbhinn, a cheangal ar an nGníomhaireacht iniúchtaí a sheoladh ar ionaid chónaithe do leanaí, arna míniú in alt 2(1) den Acht um Chúram Leanaí, 1991, a dhéantar a sholáthar de réir alt 38(1) den Acht sin.”.  (b) I bhfo-ailt (2) agus (3) “don Fheidhmeannacht nó don Gníomhaireacht” a chur in ionad “don Fheidhmeannacht”, i bhfo-alt (4) “ar an bhFeidhmeannacht nó ar an nGníomhaireacht” a chur in ionad “ar an bhFeidhmeannacht” agus i bhfo-alt (5) “an Fheidhmeannacht nó an Gníomhaireacht” a chur in ionad “an Fheidhmeannacht” agus “don Fheidhmeannacht nó don Gníomhaireacht” a chur in ionad “don Fheidhmeannacht”.
9.	Alt 60	I bhfo-alt (6), “nó don Gníomhaireacht de réir mar a bheidh” a chur isteach i ndiaidh “don Fheidhmeannacht” gach áit a bhfuil sé.
10.	Alt 64	I bhfo-alt (1) “don Fheidhmeannacht nó don Gníomhaireacht de réir mar a bheidh” a chur in ionad “don Fheidhmeannacht”, i bhfo-ailt (2) go (4) “an Fheidhmeannacht nó an Gníomhaireacht de réir mar a bheidh” a chur in ionad “an Fheidhmeannacht” gach áit a bhfuil sé agus i bhfo-alt (4) “maidir leis an bhFeidhmeannacht nó leis an nGníomhaireacht de réir mar a bheidh” a chur in ionad “maidir leis an bhFeidhmeannacht”.
11.	Alt 68	I bhfo-alt (3), “don Fheidhmeannacht nó don Gníomhaireacht de réir mar a bheidh” a chur in ionad “don Fheidhmeannacht” agus “an Fheidhmeannacht nó an Gníomhaireacht de réir mar a bheidh” a chur in ionad “an Fheidhmeannacht”.
12.	Alt 71	(a) I bhfo-alt (1), “an Fheidhmeannacht nó an Gníomhaireacht de réir mar a bheidh” a chur in ionad “an Fheidhmeannacht”.  (b) I bhfo-alt (2), an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):  “(a) na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme ina leith seo a leanas—  (i) aon socrú faoi alt 38 den Acht Sláinte, 2004,  (ii) aon chúnamh a thugtar de réir alt 39 den Acht Sláinte, 2004, agus  (iii) aon socrúithe a dhéantar faoi alt 56 nó 58 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013.”.
13.	Alt 73	(a) I bhfo-alt (1)(i), “ag an bhFeidhmeannacht, ag an nGníomhaireacht nó ag soláthraí seirbhíse” a chur in ionad “ag an bhFeidhmeannacht nó ag soláthraí seirbhíse”.

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
		<p>(b) I bhfo-alt (2)—</p> <p>(i) i mír (a), “nó ag an nGníomhaireacht” a chur isteach i ndiaidh “ag an bhFeidhmeannacht”, agus</p> <p>(ii) i mír (b), “leis an bhFeidhmeannacht, leis an nGníomhaireacht nó le soláthraí seirbhíse” a chur in ionad “leis an bhFeidhmeannacht nó le soláthraí seirbhíse”.</p> <p>(c) I bhfo-alt (4)(a), “leis an bhFeidhmeannacht nó leis an nGníomhaireacht” a chur in ionad “leis an bhFeidhmeannacht”.</p>
14.	Alt 98	I bhfo-alt (1), “, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige de réir mar is cuí,” a chur isteach i ndiaidh “Féadfaidh an tAire”.
15.	Alt 99	“, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige de réir mar is cuí,” a chur isteach i ndiaidh “féadfaidh an tAire”.
16.	Alt 100	“, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige de réir mar is cuí,” a chur isteach i ndiaidh “féadfaidh an tAire”.
17.	Alt 101	I bhfo-alt (1)(a), “, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige de réir mar is cuí,” a chur isteach i ndiaidh “leis an Aire”.

## CUID 21

### LEASÚ AR AN ACHT UCHTÁLA, 2010

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An Leasú
1.	An tAcht Iomlán	An leagan cuí gramadaí de “An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte” gach áit a bhfuil sé.

Alt 5.

### SCEIDEAL 3

#### AISGHAIRM

#### Na hAchtanna a Aisghairtear

Uimhir agus Bliain	Gearrtheideal	Méid na hAisghairme
Uimh. 17 de 1991	An tAcht um Chúram Leanaí, 1991	Alt 10 agus Cuid VII
Uimh. 22 de 2000	An tAcht Oideachais (Leas), 2000	Ailt 9, 13, 32, 33, 34, 35, 36, 37, 38, 39, 41 agus an Sceideal
Uimh. 54 de 2001	An tAcht fán nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001	An tAcht iomlán
Uimh. 26 de 2007	An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2007	Ailt 5 go 13